# PLEAN TEANGA Líonraí Gaeilge Sráidbhaile Chluain Dolcáin

# Gaeilge le Chéile

**“Go bunúsach táimid ag iarraidh go mbeidh níos mó Gaeilge le cloisteáil agus le feiceáil sa cheantar trí níos mó deiseanna a chruthú agus a spreagadh chun an Ghaeilge a úsáid gach lá, ag tosú le rud simplí ar nós ‘Go raibh maith agat’ agus ‘Slán’ a úsáid Gach lá, Gach áit, le Gach duine”.**

**“Simply what we hope to achieve is that more  Irish will be heard and seen in our communities through creating and encouraging  more opportunities to use Irish every day in our lives, starting with the easy step of using ‘Go raibh maith agat’ and ‘Slán’ Every day, Everywhere, with Everyone”.**

# Gaeilge le Chéile


Líonra Gaeilge
Sráidbhaile
Chluain Dolcáin
Trí Chéim Shimplí :
Gaeilge a úsáid
Gach Lá, Gach Áit,
le Gach Duine
Three easy steps :
Use Irish
Every day, Everywhere,
with Everyone.
Gaeilge
le Chéile
The Round Tower
Foras na Gaeilge
S20
AN PRÓISEAS PLEANÁLA TEANGA
Comhairle Contae
Átha Cliath Theas
South Dublin County Council
snagáct

## Clár na nÁbhar


| Ábhar | Lch |
|---|---|
| | |
| **1. Ráiteas ón gCoiste Stiúrtha** | 6 |
| *Aidhm agus Fís* | |
| | |
| **2. Cúlra an Phróisis Pleanála Teanga** | 7 |
| *Réamhrá* | |
| *Acht na Gaeltachta, 2012* | |
| | |
| **3. Sonraí na Ceanneagraíochta** | 9 |
| | |
| **4. Léargas ar an Líonra Gaeilge** | 14 |
| *Topagrafaíocht agus Bonneagar* | |
| *Daonra* | |
| *Tacaíochtaí* | |
| *Staid na Seirbhísí Reatha* | |
| | |
| **5. Fís agus Mór-Aidhmeanna** | 30 |
| *Sprioc i dtaobh na Gaeilge sa cheantar* | |
| *Ár n-aidhmeanna teanga* | |
| | |
| **6. Léargas ar Ullmhú an Phlean** | 37 |
| *Feasacht a ardú* | |
| *An Taighde* | |
| | |
| **7. Torthaí Taighde** | 41 |
| *Réamhrá* | |
| *Ceistneoir Comónta* | |
| *Grúpaí Fócais* | |
| *Anailís* | |
| | |
| | |
| **8. Bearta an Phlean Teanga** | 49 |
| *Réamhrá - Feidhmiú an Phlean Teanga* | |
| *Bearta Dírithe ar na Mór-Aidhmeanna* | |
| *Bearta Tacaíochta* | |
| *Bearta Fadtéarmacha* | |
| *Saolré na mBeart* | |
| | |
| | |
| **Ábhar** | **Lch** |
| | |
| **9. Costais agus Maoiniú** | 100 |

| | |
|---|---|
| *Costais* | |
| *Cur i bhfeidhm* | |
| *Buiséad* | |
| *Foinsí Tacaíochta* | |
| | |
| **10. Feasacht agus Poiblíocht** | 105 |
| *Poiblíocht* | |
| *Feasacht Teanga* | |
| | |
| **11. Feidhmiú agus Monatóireacht** | 107 |
| *Struchtúr Oibre agus Ról na Ceanneagraíochta* | |
| | |
| **12. Foinsí** | 109 |
| | |
| **13. Aguisín** | 111 |
| *Aguisín 1.A - Conradh an Chomhordaitheora Pleanála Teanga - CPT* | 111 |
| *Aguisín 1.B – Sainchuntas Poist – CPT* | 116 |
| *Aguisín 2 – Sonraí Daonáirimh* | 118 |
| *Aguisín 3 – Foirm don toiliú feasach do na grúpaí fócais* | 120 |
| *Aguisín 4A – Ceistneoir – Leagan Gaeilge* | 122 |
| *Aguisín 4B – Ceistneoir – Leagan Béarla* | 131 |
| *Aguisín 5 – Anailís ar thorthaí an cheistneora* | 140 |
| *Aguisín 6A – Taighde Saineolaí Pleanála Teanga (Dr. Dónal Ó Baoill) ar riachtanais an OPT* | 177 |
| *Aguisín 6B – Ciorclán 16/2018 (Aguisín 2A – HEO(PPC) / AOF)* | 179 |


# Ráiteas ón gCoiste Stiúrtha

## Ráiteas misin an Choiste:

Is iad ráitis misin Mhuintir Chrónáin/ Choiste Líonra Gaeilge Sráidbhaile Chluain Dolcáin ná ‘Gaeilge Lenár Linn’ agus ‘Gaeilge le Chéile’.

Tá sé mar aidhm againn na cuspóirí seo a leanas a bhaint amach:

- Úsáid na Gaeilge agus tuiscint uirthi a chothú, a leathnú agus a mhéadú sa cheantar.
- Spéis sa Ghaeilge a spreagadh agus í a chaomhnú mar chuid thábhachtach agus mar chuid lárnach den oidhreacht náisiúnta.
- Áiseanna oideachais a bhunú agus a sholáthar d’fhonn na haidhmeanna seo a bhaint amach.
- Seirbhísí agus imeachtaí sóisialta a reáchtáil a chabhraíonn le labhairt na Gaeilge a leathnú sa phobal.
- An Ghaeilge agus úsáid na Gaeilge a chur chun cinn i measc an phobail áitiúil.

- Ceol, ealaíon agus rince na tíre agus gach gné de chultúr na hÉireann a chothú.
- Freastal ar riachtanais shóisialta, oideachasúla agus siamsúla an phobail chun tacú lenár n-aidhmeanna.
- Áras Chrónáin a úsáid agus a fhorbairt mar lárionad chun ár n-aidhmeanna a bhaint amach agus a choinneáil os comhair an phobail.
- Tacú leis an gcóras oideachais lán-Ghaeilge sa cheantar (Naíonra, dhá Bhunscoil lánGhaeilge agus Iarbhunscoil lánGhaeilge).
- Tacú leis na scoileanna eile sa cheantar chun an Ghaeilge agus an cultúr a chur chun cinn i measc an aosa óig.

## Aidhm agus Fís:

Le linn shaolré an phlean teanga ba mhaith linn mar phobail líon na gcainteoirí laethúla a mhéadú agus an pobal a dhéanamh i bhfad níos buaine tríd an nGaeilge a normalú sa cheantar de thoradh spriocanna ár bplean teanga a cur i bhfeidhm. Spriocanna a thacaíonn le rannpháirtíocht an phobail trí chaidreamh gníomhach a fhorbairt, acmhainní agus infreastruchtúr buan a bhunú a chabhróidh le dea-chleachtas agus ardú feasachta i dtaobh úsáid na Gaeilge sa cheantar lena n-áirítear campas réamhscolaíochta Gaeilge, imeachtaí sóisialta rialta don óige, agus, an Ghaeilge a normalú sna gnóthaí agus seirbhísí sa cheantar.

# Cúlra an Phróisis Pleanála Teanga

## Réamhrá

Sa bhliain 2007, foilsíodh an mórstaidéar *An Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht* (SCT) (Ó Giollagáin et al.). Léirítear sa staidéar seo agus i dtaighde eile a foilsíodh roimhe agus ina dhiaidh sin go bhfuil an Ghaeilge go mór i mbaol agus nach mairfidh sí i bhfad eile mar ghnáth-theanga chumarsáide sna pobail Ghaeltachta. In 2010 d'fhoilsigh an Rialtas cáipéis nua – an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 (ar a dtabharfar *Straitéis* uaidh seo amach). Is ar an gcóras oideachais den chuid is mó a chuirtear an dualgas príomhsprioc na Straitéise – 'úsáid agus eolas ar an nGaeilge a mhéadú' – a bhaint amach (Rialtas na hÉireann, 2010: 11-9). Dhá bhliain ina dhiaidh sin, achtaíodh Acht na Gaeltachta, 2012 chun gnéithe den Straitéis a chur i bhfeidhm, chun cumhachtaí Aire Stáit na Gaeltachta a shainiú, agus chun sainmhíniú nua a thabhairt ar an nGaeltacht i measc forálacha eile (Ó Giollagáin, 2014: 107).

### Acht na Gaeltachta, 2012

Is é Acht na Gaeltachta, 2012 a thugann bonn reachtúil don phróiseas pleanála teanga do Líonra Gaeilge. Sainítear san Acht:

11.—(1) Féadfaidh an tAire le hordú, pobal sonraithe, seachas pobal i Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta nó i limistéar Gaeltachta, a ainmniú chun bheith ina Líonra Gaeilge.

(2) Maidir le pobal a shonrófar in ordú arna dhéanamh faoi fho-alt (1), is pobal é—

(a) a thacaíonn le húsáid na Gaeilge, agus

(b) a chomhaontaigh plean Gaeilge dá dtagraítear *i bhfo-alt (3) a chur i ngníomh.*

(3) Féadfaidh aon eagraíocht laistigh de phobal lena mbaineann fo-alt (2), agus a measfaidh Foras na Gaeilge í a bheith ionadaitheach don phobal lena mbaineann, plean Gaeilge a ullmhú, le cúnamh ó Fhoras na Gaeilge, ar plean é a bheidh le cur i ngníomh ag an bpobal sin, agus an plean sin a chur faoi bhráid an Aire.

(4) I gcás go ndéanfaidh an tAire, ag féachaint do chritéir pleanála teanga fhorordaithe, plean dá dtagraítear i bhfo-alt (3) a cheadú, déanfaidh an tAire ordú faoi fho-alt (1), agus cuirfidh an eagraíocht lena mbaineann an plean i ngníomh.

(5) Déanfaidh an tAire athbhreithniú ar an dul chun cinn a bheidh déanta maidir le plean dá dtagraítear i bhfo-alt (4) a chur i ngníomh i gceann cibé eatraimh is dóigh leis an Aire is gá agus is cuí chun an plean lena mbaineann a chur i ngníomh.

(6) Más rud é, i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh faoi fho-alt (5), go measfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle le Foras na Gaeilge, nach bhfuil an plean lena mbaineann á chur i ngníomh,

nó nach bhfuil sé á chur i ngníomh go leordhóthanach, cuirfidh an tAire na nithe seo a leanas in iúl, trí fhógra i scríbhinn, don eagraíocht lena mbaineann—

(a) na heasnaimh arna sainaithint ag an Aire ar chur i ngníomh an phlean, agus

(b) an tréimhse ar laistigh di a dhéanfar na heasnaimh a leigheas.

(7) Féadfaidh an tAire an tréimhse a fhadú ar laistigh di a dhéanfar na heasnaimh dá dtagraítear san fhógra faoi fho-alt (6) a leigheas.

(8) I gcás go mbeidh fógra faoi fho-alt (6) seolta ag an Aire, déanfaidh an tAire athbhreithniú ar an dul chun cinn a bheidh déanta maidir leis na heasnaimh dá dtagraítear i mír (a) den fho-alt sin a leigheas i ndeireadh na tréimhse dá dtagraítear i mír (b) den fho-alt sin nó i ndeireadh aon fhadú ar an tréimhse sin faoi fho-alt (7).

(9) I gcás go measfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle le Foras na Gaeilge, nach bhfuil aon ionchas réasúnach ann go ndéanfar an plean Gaeilge lena mbaineann a chur i ngníomh nó a chur i ngníomh go leordhóthanach, féadfaidh an tAire, le hordú, ainmniú an phobail lena mbaineann a chúlghairm le héifeacht ón dáta a shonraítear san ordú.

12.—Forordóidh an tAire critéir pleanála teanga, agus féadfaidh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh iontu—

(a) an cion den daonra lena mbaineann a labhraíonn Gaeilge,

(b) oideachas a bheith ar fáil trí mheán na Gaeilge,

(c) seirbhísí cúraim leanaí agus tacaíochta teaghlaigh a bheith ar fáil trí mheán na Gaeilge,

(d) a mhéid a úsáidtear an Ghaeilge i gcúrsaí tráchtála agus tionscail,

(e) a mhéid a úsáidtear an Ghaeilge i gcúrsaí sóisialta agus áineasa,

(f) úsáid na Gaeilge le linn seirbhísí poiblí a sholáthar, agus beidh aird aige nó aici ar na nithe sin chun pleananna Gaeilge a cheadú le haghaidh Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta, Bailte Seirbhíse Gaeltachta agus Líonraí Gaeilge.

## Sonraí na Ceanneagraíochta

Cuirtear an plean seo i láthair ar son Shráidbhaile Chluain Dolcáin faoi scáth Mhuintir Chrónáin mar eagraíocht a bunaíodh siar i 1972 agus atá ag feidhmiú mar chuid de phobal bríomhar Gaeilge lasmuigh den Ghaeltacht atá cruthaithe againn féin i gCluain Dolcáin agus sa cheantar máguaird thar na blianta.

Tá grúpa ar leith faoi scáth Mhuintir Chrónáin bunaithe ó 2016 chun an plean a ullmhú agus a cur i gcrích.

**Struchtúr Phlean Teanga Líonra Gaeilge Chluain Dolcáin:**

Muintir Chrónáin - Ceanneagraíocht

↕

Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga

↕

Coiste Gnímh Pleanála Teanga

↕

Dáil Chrónáin

↕

Pobail Chluain Dolcáin

### Muintir Chrónáin:

Feidhmíonn Muintir Chrónáin faoin mBord Stiúrthóirí. Bíonn cruinniú ag an mbord sin uair sa mhí. Socraítear sceideal na gcruinnithe ag tús na bliana agus meabhraítear faoi na cruinnithe trí ríomhphoist nó trí théacs roimh ré do bhaill an Bhoird. Coimeádtar miontuairiscí na gcruinnithe i gcomhad san oifig i gcónaí. Chomh maith leis an mBord Stiúrthóirí, tá Lárchoiste a fheidhmíonn faoin mBord agus atá freagrach don Bhord. Comhdhéanamh an Lárchoiste - ionadaithe ó na fochoistí agus foghrúpaí a bhíonn ag plé le feidhmiú an Árais féin seachtain i ndiaidh seachtaine agus leis na himeachtaí éagsúla a bhíonn ar siúl ann. Bíonn cruinniú ag an Lárchoiste uair sa mhí. Freastalaíonn an tOifigeach Forbartha Gaeilge agus an Cathaoirleach ar chruinnithe an Lárchoiste agus tugtar tuairisc ar obair an choiste sin ag cruinnithe an Bhoird. Coimeádtar na baill agus an pobal ar an eolas faoi imeachtaí agus faoi fheidhmiú na gcoistí trí ríomhphoist, trí théacs agus trí na meáin shóisialta (Facebook, Twitter, srl.)

Tá an Rúnaí, an tOifigeach Forbartha Gaeilge agus an Rúnaí Oifige freagrach as reáchtáil na heagraíochta ó lá go lá agus bíonn teagmháil rialta acu leis an gCathaoirleach agus le comhaltaí eile an Bhoird.

Freastalaíonn an Rúnaí agus an tOifigeach Forbartha Gaeilge ar chruinnithe an Bhoird agus tugann siad beirt tuairiscí don Bhord ar chúrsaí atá faoina gcúram.

Tá réimse leathan de scileanna agus de thaithí ag comhaltaí an Bhoird Stiúrtha. Is grúpa iad atá tar éis a gcuid ábaltachta a chruthú sna proifisiúin éagsúla, cuid acu i réimsí an oideachais, cuid eile i réimsí na bainistíochta san earnáil phoiblí agus in earnáil na ngnóthaí príobháideacha. Tá céim bainte amach ag an Oifigeach Forbartha Gaeilge mar Mháistir Eolaíochta i nGnó agus i dTeicneolaíocht an Eolais.

Bíonn tionscadail na heagraíochta á mbainistiú ag an mBord Stiúrtha. Tá taithí agus cleachtadh na mblianta ag Muintir Chrónáin ar bhainistiú tionscadail a bhaineann le cur chun cinn na Gaeilge sa cheantar m.sh:

Bunú Scoil Chrónáin (1975; i Ráth Cúil), Naíonra Chrónáin (1979), dhá bhunscoil lán-Ghaeilge eile – Gaelscoil Chluain Dolcáin (1984) agus Gaelscoil na Camóige (1993), iarbhunscoil lán-Ghaeilge – Coláiste Chilliain (1981), agus, Áras Chrónáin Ionad Cultúir (1990), ár gceannáras féin. Chomh maith leis sin Bunaíodh Coiste Oideachais i 1990 chun Daonscoil an Árais a reáchtáil.

Tá Muintir Chrónáin ag feidhmiú anois ó 1972 i gCluain Dolcáin agus sa cheantar máguaird agus tá sé cruthaithe againn thar na blianta go bhfuil muid ábalta spriocanna a leagan síos dúinn féin agus iad a bhaint amach go stuama proifisiúnta. Tá taithí agus cleachtadh na mblianta againn ar bhainistiú tionscadail a bhaineann le cur chun cinn na Gaeilge sa sprioc-cheantar. Táimid ag déileáil le Scéimeanna Pobal Gaeilge ó 2002 i leith. Bíonn Pleananna Oibre agus Clár Gníomhaíochtaí na heagraíochta á mbainistiú ag Bord Stiúrtha Mhuintir Chrónáin ar an mbonn éifeachtach torthúil atá cruthaithe againn cheana i mbainistiú mórobair Mhuintir Chrónáin agus scéimeanna eile thar na blianta.

## Struchtúr Feidhmiúcháin Mhuintir Chrónáin:

**Muintir Chrónáin** — **Muintir Chrónáin Teo. Comhlacht faoi theorainn ráthaíochta**

↕

**Stiúrthóirí** — **Bord Stiúrtha de Muintir Chrónáin Teo. Pleanáil agus Straitéis na hEagraíochta**

↕

**Foireann Laethúil**

**Oifigeach Forbartha Gaeilge (lánaimseartha)**
**Rúnaí riaracháin (lánaimseartha)**
**Rúnaí Comhlachta & Airgeadais (lánaimseartha)**
**Glantóir (1) páirtaimseartha**
**Fostaithe JI (1) páirtaimseartha**
**Fostaithe Scéim CE (3) – páirtaimseartha**

↕

**Lárchoiste** — **Coiste Feidhmiúcháin. Ionadaí ón mBord Stiúrtha agus Ionadaithe ó na fochoistí ag plé le riarachán agus imeachtaí laethúla na heagraíochta**

↕

**Fó-choistí**

**Ballraíocht – Freagracht: Ballraíocht Mhuintir Chrónáin.**
**Beár – Freagracht: Róta agus riarachán an bheáir.**
**Clann Sí – Freagracht: Grúpaí Spraoi do leanaí agus tuismitheoirí.**
**Óige – Freagracht: Imeachtaí don Óige.**
**Gaeilgeoirí Chluain Dolcáin – Freagracht: Grúpa sóisialta trí mheán na Gaeilge**
**Glór na nGael – Freagracht: Cur chun cinn na Gaeilge sa mhórcheantar**
**Naíonra Chrónáin – Freagracht: Seirbhís réamhscolaíochta**
**Oideachas – Freagracht: Eagrú agus riarachán na ranganna oíche**
**Pleanáil – Freagracht: Straitéis a Fhorbairt agus Pleanáil fhadtéarmach a mholadh don Bhord Stiúrtha**
**Raidió Chrónáin – Freagracht: Clár seachtainiúil ar Raidió na Life**
**Sóisialta – Freagracht: Eagrú, riaracháin agus poibliú mór imeachtaí sóisialta na heagraíochta taobh istigh den Áras.**
**Tigh – Freagracht: Glanadh agus cothabháil Áras Chrónáin Ionad Cultúir agus na tailte**

↕

**Ballraíocht / Pobail**

## Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga:

| Ainm | Réimse Taithí | Ról |
|---|---|---|
| Brian Ó Gáibhín | Muintir Chrónáin / Áras Chrónáin | Cathaoirleach / Rúnaí / Coiste Gníomh |
| Meadhbh Ní Cheallaigh | Cathaoirleach Mhuintir Chrónáin (MA san Aistriúchán) | Leas-Chathaoirleach / Coiste Gníomh |
| Peadar Ó Caomhánaigh | Active Retired Irl / Bunatheoir Pop-Up Gaeltacht | Oifigeach Caidreamh / Coiste Gníomh |
| Cláir Nic Reachtáin | Coiste Gaeilge Chluain Dolcáin | Ball Coiste / Coiste Gníomh |
| Breeda Bonner | Comhairle Contae Átha Cliath Theas | Ball Coiste / Coiste Gníomh |
| Edel Ní Arrachtáin | Múinteoir Gaeilge / Bord Stiúrtha Mhuintir Chrónáin (MA sa Ghaeilge) | Ball Coiste / Coiste Gníomh |
| Lile Ní Annracháin | Gaeilgeoirí Chluain Dolcáin | Ball Coiste / Coiste Gníomh |
| | | |
| Seán Mac Carthaigh | Príomhoide Gaelscoil Chluain Dolcáin | Ball Coiste |
| Feagal Ó Giolláin | Príomhoide Coláiste Chilliain | Ball Coiste |
| Alan Mac Maoldúin | Coiste Stiúrtha na Cloighthí CLG | Ball Coiste |
| Laoise Nic Ghiolla Chomghail | Stiúrthóir Naíonra Montessori Chluain Dolcáin | Ball Coiste |
| Niamh Ní Chathaláin | Príomhoide Coláiste Pháirc na Maoille | Ball Coiste |
| MT Nic Ghiolla Mháirtín | Príomhoide Coláiste Bríde | Ball Coiste |
| Aoife Ní Raghallaigh | Príomhoide Gaelscoil na Camóige | Ball Coiste |
| Máire Uí Bhroin | Cairde na dTuismitheoirí Gael Choláiste | Ball Coiste |
| Sinéad Nic Thomáis | Stiúrthóir Naíonra Chrónáin | Ball Coiste |
| Bernardine Nic Giolla Phádraig | Bord Stiúrtha Coiste Oidhreachta Chluain Dolcáin / Bailte Slachtmhara Chluain Dolcáin | Ball Coiste |
| Sarah-Jane Carey | Cairde na dTuismitheoirí na nGaelscoileanna | Ball Coiste |
| Caroline Ní Mhainín | Cumann Tráchtála Chluain Dolcáin | Ball Coiste |
| Niall Connaghtan | Coiste Stiúrtha na Cloighthí CLG | Ball Coiste |
| Sharon Nic Shurtáin | Oifigeach Gaeilge na Cloighthí CLG | Ball Coitse |
| Eoin Ó Broin | Gaeilgeoirí Chluain Dolcáin / Bailte Slachtmhara Chluain Dolcáin | Ball Coiste |
| Dr. Éamonn Ó hÓgáin | Príomh-aistritheoir / Pobail Chluain Dolcáin | Ball Coiste |

## Dáil Chrónáin:

Grúpa Fócais do phobal na Gaeilge i gceantar sráidbhaile Chluain Dolcáin agus an ceantar máguaird. Beidh an grúpa fócais seo faoi scáth Mhuintir Chrónáin agus Coiste Gnímh Líonra Gaeilge Sráidbhaile Chluain Dolcáin

Ionadaí / Ballraíocht
Beidh cuireadh ag ionadaithe ó na ngrúpaí áitiúla seo a leanas:

- Muintir Chrónáin/Áras Chrónáin
- Gaeilgeoirí Chluain Dolcáin
- Gaelscoileanna: Gaelscoil Chluain Dolcáin, Gaelscoil na Camóige,
- Gaelcholáistí: Coláiste Chilliain
- Bunscoileanna: Scoil Seosamh, Scoil Mhuire, Scoil Áine, Scoil Íde, Scoil Naomh Eoin
- MeánScoileanna Áitiúla: Coláiste Bríde, Coláiste Pháirc na Maoille
- Áiseanna réamhscolaíochta: Naíonra Chrónáin, Naíonra Montessori Chluain Dolcáin
- An Óige
- Comhairle na nÓg Coláiste Chilliain,
- Cairde na Scoileanna
- Cumann Tráchtála Chluain Dolcáin
- Na Cloightí, C.L.G.
- An Garda Síochána
- Comhairle Contae Átha Cliath Theas
- Cumann Deonach
- Coiste na mBailte Slachtmhara

Aidhm:

- Cumarsáid a chruthú agus a fhorbairt i measc grúpaí agus eagrais Ghaeilge sa Sprioc-cheantar
- Tacaíocht a chur ar fáil
- Fóram a fhorbairt do phobal na Gaeilge sa sprioc-cheantar
- Comhoibriú a chruthú agus a fhorbairt i measc na ngrúpaí éagsúla
- Pleanáil fhadtéarma don Ghaeilge sa sprioc-cheantar
- Oiliúint a chur ar dhaoine óga agus an chéad ghlúin eile.

Cruinnithe:

- Is í an Ghaeilge teanga oibre agus cumarsáide an ghrúpa.
- Beidh na cruinnithe in Áras Chrónáin Ionad Cultúir

# Léargas ar an Líonra Gaeilge


## Topagrafaíocht agus Bonneagar

Is é sprioc-cheantar Mhuintir Chrónáin ná Sráidbhaile Chluain Dolcáin agus an ceantar máguaird. Is fobhaile uirbeach gnóthach é in iarthar Bhaile Átha Cliath agus tá sé suite idir Tamhlacht, Ráth Cúil, An Caisleán Nua, Leamhcán agus Gleann na Life i.e. bailte atá ar imeall an cheantair. Is meascán de thithe, árasáin, ionaid siopadóireachta, ionaid ghnó, ionaid phobail agus scoileanna atá sa cheantar. Tá roinnt eastát i ngar don sráidbhaile ach tá an chuid is mó ag leathnú amach go dtí imeall an sprioc-cheantair. Is é an figiúr is deireanaí atá againn don daonra ná 20,468 duine, ó dhaonáireamh 2016.


Ó thaobh cumais sa Ghaeilge de tá sé deacair figiúirí cruinn beacht a fháil don sprioc-cheantar ina iomláine. I ndaonáireamh 2016 cuireadh ceist faoi chumas labhartha na Gaeilge ag daoine os cionn trí bliana d'aois. Taispeánann na staitisticí a bhaineann le formhór na dtoghcheantar as 20,648 daoine den daonra d'fhreagair 6,081 go raibh labhairt na Gaeilge acu, is é sin 31.11%.

Níl aon dabht ach go bhfuil cuid den daonra san áireamh sa dhá fhigiúr seo agus go mbeadh sé réasúnta a rá ar an meán go bhfuil labhairt na Gaeilge ag 32% den daonra sa sprioc-cheantar.


## Amharcóir Pleanála Teanga - Córas Faisnéise Geografaí (GIS)
## An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta




**Líonra Gaeilge Sráidbhaile Chluain Dolcáin**




**Líonra Gaeilge Sráidbhaile Chluain Dolcáin**



**Léarscáil 1.3 Sprioc-cheantar**


## Líonra Gaeilge Sráidbhaile Chluain Dolcáin

**Léarscáil 1.4 Sprioc-cheantar**


**Éire**





**Baile Átha Cliath**




**Iarthar Bhaile Átha Cliath**




**Sprioc-cheantar: Sráidbhaile Chluain Dolcáin agus an Ceantar Máguaird,** Baile Átha Cliath 22




# Sráidbhaile Chluain Dolcáin agus an Ceantar Máguaird,

Léarscáil 1.5 Sprioc-cheantar

## Sráidbhaile Chluain Dolcáin




14.

# Daonra

Is é sprioc-cheantar Mhuintir Chrónáin ná Sráidbhaile Chluain Dolcáin agus an ceantar máguaird. Is fobhaile uirbeach gnóthach é in iarthar Bhaile Átha Cliath agus tá sé suite idir Tamhlacht, Ráth Cúil, An Caisleán Nua, Leamhcán agus Gleann na Life i.e. bailte atá ar imeall an cheantair. Is meascán de thithe, árasáin, ionaid siopadóireachta, ionaid ghnó, ionaid phobail agus scoileanna atá sa cheantar. Tá roinnt eastát i ngar don sráidbhaile ach tá an chuid is mó ag leathnú amach go dtí imeall an sprioc-cheantair. Is é an figiúr is deireanaí atá againn don daonra ná 20,468 duine, ó dhaonáireamh 2016.

Ó thaobh cumas sa Ghaeilge de tá sé deacair figiúirí cruinn beacht a fháil don sprioc-cheantar ina iomláine. I ndaonáireamh 2016 cuireadh ceist faoin gcumas labhartha Gaeilge atá ag daoine os cionn trí bliana d'aois. Taispeánann na staitisticí a bhaineann le formhór na dtoghcheantar as 19,333 i 2011 v 20,468 i 2016 daoine den daonra d'fhreagair 6009 i 2011 v 6081 i 2016 go raibh labhairt na Gaeilge acu, is é sin 30.98% i 2011 v 31.11% i 2016, ardú de 38.44%.

Taispeánann na staitisticí do pharóistí atá lonnaithe i lár an sprioc-cheantair as 20,268 den daonna d'fhreagair 6,099 go raibh labhairt na Gaeilge acu is é sin 32.60%.

Níl aon dabht ach go bhfuil cuid den daonra san áireamh sa dhá fhigiúr seo agus go mbeadh sé réasúnta a rá ar an meán go bhfuil labhairt na Gaeilge ag 32% den daonra sa sprioc-cheantar.

## Tacaíochtaí

**Comhoibriú:**

Is iad Muintir Chrónáin an phríomheagraíocht Ghaeilge sa cheantar. Taobh amuigh de na scoileanna lánGhaeilge níl aon eagraíocht eile pobail ag plé leis an nGaeilge eile sa cheantar. Tá Muintir Chrónáin ag feidhmiú sa cheantar ó 1972 agus níl muid in iomaíocht le haon ghrúpa eile agus ní fheiceann muid aon eagraíocht eile sa cheantar ag teacht chun cinn sa todhchaí. Murach obair Mhuintir Chrónáin ní bheadh aon rath ar an nGaeilge ná ar thodhchaí na Gaeilge sa cheantar.

Tá nasc, cumarsáid agus caidreamh láidir cruthaithe agus á fhorbairt againn ar feadh na mblianta le lucht gnó áitiúil, le heagraíochtaí, leis an bpobal áitiúil agus go mór mór le hÚdarás an Chontae.

Tá Muintir Chrónáin ag plé le forbairt agus cur chun cinn na Gaeilge i gCluain Dolcáin le os cionn dhá scór bliain anois. Thar na blianta tá cumarsáid, comhoibriú agus tacaíocht cruthaithe againn le móreagraíochtaí agus eagraíochtaí pobail sa sprioc-cheantar. I gcomhthéasc an Líonra Gaeilge tá sé beartaithe fóram nua a chruthú le cuidiú le plean teanga a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm sa sprioc-cheantar. Tá fóram nua- bhunaithe, 'Dáil Chrónáin' ina bhfuil ionadaithe na mórghrúpaí agus eagraíochtaí sa cheantar chomh maith le hionadaithe ón bpobal féin páirteach san fhóram.

Is iad na heagraíochtaí eile atá i sprioc-cheantar Chluain Dolcáin lena mbíonn Muintir Chrónáin ag comhoibriú agus a bheidh páirteach sa tionscnamh seo ná:

- Cumann an Chloightí-CLG,
- Cumann Tráchtála Chluain Dolcáin agus Cumann Tráchtála Átha Cliath Theas
- Comhairle Contae Átha Cliath Theas,
- Gaelcholáiste, Coláiste Chilliain, Gaelscoil Chluain Dolcáin agus Gaelscoil na Camóige
- Naíonra Chrónáin, Coláiste Bhríde agus Coláiste Pháirc na Maoile
- Coiste Oidhreachta Chloigtheach Chluain Dolcáin
- Cumann Staire Chluain Dolcáin
- Cumann Scoir Ghníomhach
- Coiste Bhailte Slachtmhara Chluain Dolcáin
- An Garda Síochána
- Na Gasóga
- Clondalkin Youth Band
- Séipéal Mhuire gan Smál (Caitliceach ) - Paróiste Chluain Dolcáin
- Séipéal Naomh Eoin (Protastúnach) – Paróiste Chluain Dolcáin
- Bantracht na Tuaithe

## Staid na Seirbhísí Reatha

Tá an plean seo curtha i láthair ar son Shráidbhaile Chluain Dolcáin faoi scáth Mhuintir Chrónáin mar eagraíocht a bunaíodh siar i 1972 agus atá ag feidhmiú mar chuid de phobal bríomhar Gaeilge lasmuigh den Ghaeltacht atá cruthaithe againn féin i gCluain Dolcáin agus sa cheantar máguaird thar na blianta.

Chun cabhrú lenár n-aidhmeanna a chur i gcrích tá córas láidir oideachais lán-Ghaeilge bunaithe againn mar seo a leanas:

- Naíonra Chrónáin bunaithe 1979
- Coláiste Chilliain – Iarbhunscoil bunaithe 1981
- Gaelscoil Chluain Dolcáin bunaithe 1984 (suite ar champas Choláiste Chilliain)
- Gaelscoil na Camóige bunaithe 1993 (suite ar thailte an Árais)

Tá na hinstitiúidí seo go léir buan seasta agus éileamh orthu i gcónaí agus amanna tá sé deacair an t-éileamh a shásamh go háirithe ag leibhéal an Naíonra agus na mbunscoileanna. Leis an mír seo amháin dár ngníomhaíochtaí táimid ag cruthú pobail bhríomhar Ghaeilge atá ag méadú bliain i ndiaidh bliana.

Tá lán-tacaíocht againn ó na príomhoidí agus ó Bhoird Bhainistíochta na scoileanna seo dár n-iarrachtaí ar stádas Líonra Gaeilge a bhaint amach.

Tá Muintir Chrónáin ag feidhmiú sa cheantar ó 1972. Murach obair Mhuintir Chrónáin ní bheadh aon rath ar an nGaeilge ná ar thodhchaí na Gaeilge sa cheantar.

Tá nasc, cumarsáid agus caidreamh láidir cruthaithe agus á fhorbairt againn ar feadh na blianta le lucht gnó áitiúil, le heagraíochtaí, leis an bpobal áitiúil agus go mór mór le hÚdarás an Chontae.

Is iad na heagraíochtaí eile atá i sprioc-cheantar Chluain Dolcáin lena mbíonn Muintir Chrónáin ag comhoibriú agus a bhéas páirteach sa tionscnamh seo ná:

- Cumann an Chloightí-CLG,
- Cumann Tráchtála Chluain Dolcáin
- Cumann Tráchtála Átha Cliath Theas
- Comhairle Chontae Átha Cliath Theas,
- Gaelcholáiste, Coláiste Chilliain
- Gaelscoil Chluain Dolcáin agus Gaelscoil na Camóige
- Naíonra Chrónáin
- Coiste Oidhreachta Chloigtheach Chluain Dolcáin
- Cumann Staire Chluain Dolcáin
- Cumann Scoir Ghníomhach

- Coiste Bhailte Slachtmhara Chluain Dolcáin
- An Garda Síochána
- Na Gasóga
- Clondalkin Youth Theatre
- Clondalkin Youth Band
- Séipéal Mhuire gan Smál (Caitliceach ) - Paróiste Chluain Dolcáin
- Séipéal Naomh Eoin (Protastúnach) – Paróiste Chluain Dolcáin
- Bantracht na Tuaithe
- Coláiste Bhríde agus Coláiste Pháirc na Maoile

**Comhoibriú:**

Tá Muintir Chrónáin ag plé le forbairt agus cur chun cinn na Gaeilge i gCluain Dolcáin le os cionn dhá scór bliain anois. Thar na blianta tá cumarsáid, comhoibriú agus tacaíocht cruthaithe againn le mór eagraíochtaí agus eagraíochtaí pobail sa sprioc-cheantar. I gcomhthéasc an Líonra Gaeilge tá fóram nua cruthaithe againn le cuidiú le plean teanga a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm sa sprioc-cheantar. Is é 'Dáil Chrónáin' ainm ar an bhfóram nua seo agus ionadaithe na mórghrúpaí agus eagraíochtaí sa cheantar chomh maith le hionadaithe ón bpobal féin páirteach sa bhfóram.

**Forbairt na Gaeilge**

Tá Muintir Chrónáin ag saothrú na Gaeilge i gCluain Dolcáin agus sa cheantar máguaird ó 1972 i leith. Bhunaigh muid dhá Naíonra, trí bhunscoil agus coláiste dara leibhéal lánGhaeilge.

Bunaíodh Scoil Chrónáin i Ráth Cúil i 1973; Coláiste Chilliain i 1981, Gaelscoil Chluain Dolcáin i 1984 agus Gaelscoil na Camóige i 1993 agus tá Naíonra Chrónáin i gCluain Dolcáin ag feidhmiú ó 1979. Tá na hinstitiúidí seo go léir fós buanseasta agus mór-éileamh orthu i gcónaí. Is minic nach n-éiríonn linn an mór-éileamh sin a shásamh. Mar shampla fuarthas beagnach 80 iarratas d'áiteanna sa Naíonra do Mheán Fómhair 2019 agus níl ach 40 áit ar fáil. Fiú le dhá bhunscoil tá sé deacair i gcónaí an t-éileamh a shásamh agus bíonn brú ann i gcónaí.

I gcás an oideachais, táimid anois ag freastal ar an dara glúin de mhuintir an cheantair. Táimid tagtha ag an bpointe go bhfuil an-chuid gasúr de chuid na n-iarscoláirí anois ag freastal ar na scoileanna a bhunaigh Muintir Chrónáin. Chomh maith leis sin tá iarscoláirí ar ais ag múineadh sna na scoileanna ina bhfuair siad féin oideachas. I mbliana tá breis is 1,180 dalta ag fáil oideachais trí Ghaeilge i gCluain Dolcáin agus is mar sin a bhí sé leis na blianta. Leis an mír seo amháin dár ngníomhaíochtaí, táimid ag cruthú pobail bhríomhar Gaeilge atá ag méadú bliain i ndiaidh bliana.

Taobh amuigh dár n-iarrachtaí san oideachas táimid ag feidhmiú i gcónaí in Áras Chrónáin, teach mór ar 2.9 acra a cheannaíomar i 1989 i gceartlár shráidbhaile Chluain Dolcáin agus atá athchóirithe mar lárionad Gaeilge chun freastal ar an bpobal Gaeilge. Cláraíonn timpeall 300 duine mar bhaill de Mhuintir Chrónáin gach bliain. Leis na ranganna Gaeilge, ranganna ceoil agus rince, chomh maith le hócáidí sóisialta bíonn thart faoi 400 duine ag freastal ar an Áras gach seachtain (taobh amuigh de thréimhsí saoire).

Bíonn Aifreann iomlán i nGaeilge i séipéal an tsráidbhaile gach Domhnach agus freastal láidir seasta air le rannpháirtíocht an phobail. Tá séipéal an tsráidbhaile roghnaithe mar ionad lárnach don Aifreann seachtainiúil Gaeilge do na paróistí eile sa cheantar. Tá róta de chúigear sagart ón dtimpeallacht a thagann chun an tAifreann a léamh.

Tá aitheantas áitiúil agus náisiúnta bainte amach ag Muintir Chrónáin agus chomh maith ag Cluain Dolcáin mar cheantar ina bhfuil pobal bríomhar Gaeilge ag maireachtáil go buan seasta leis na blianta anois. Aithnítear Áras Chrónáin ár lárionad atá 25 bliain ar an saol i mbliana mar chroílár an phobail agus go háirithe pobal na Gaeilge.

Tá Muintir Chrónáin ag feidhmiú anois ó 1972 i gCluain Dolcáin agus sa cheantar máguaird agus tá sé cruthaithe againn thar na blianta go bhfuil muid ábalta spriocanna a leagan síos dúinn féin agus iad a bhaint amach go stuama proifisiúnta. Tá taithí agus cleachtadh na mblianta againn ar bhainistiú tionscadail a bhaineann le cur chun cinn na Gaeilge sa sprioc-cheantar. Táimid ag déileáil le Scéimeanna Pobal Gaeilge ó 2002 i leith go dtí an lá atá inniu ann. Bíonn Pleananna Oibre agus an Cláir Forbartha agus Gníomhaíochtaí d'ardchaighdeán leagtha amach ag an eagraíocht ag baint úsáide agus feidhme as taithí agus modhanna oibre éifeachtúla atá foghlamtha againn agus atá in úsáid againn thar na blianta chun an Ghaeilge a chothú mar chuid lárnach de shaol an phobail sa sprioc-cheantar. Bíonn béim ar leith ar rannpháirtíocht ghníomhach an phobail i ngach gné agus gach gníomh dar bpleananna. Soláthraítear clár láidir, leanúnach leathan d'imeachtaí oideachasúla agus deiseanna foghlama na Gaeilge don phobal gach bhliain.

Bíonn réimse leathan imeachtaí agus gníomhaíochtaí ar bun againn gach bliain idir Ranganna Gaeilge, Ranganna Ceoil, Clubanna, Seisiúin Cheoil, Ciorcail Chomhrá, Ócáidí Teaghlaigh agus Ócáidí Shóisialta a chothaíonn deiseanna agus féidearthachtaí don phobal an Ghaeilge a fhoghlaim, a úsáid agus í a bheith mar chuid lárnach sa saol laethúil i gCluain Dolcáin agus an ceantar máguaird. Mar eagraíocht creideann muid go láidir i leanúnachas deimhneach agus sa tábhacht atá leis i gcur chun cinn na Gaeilge agus feiceann muid inár bPlean agus inár gClár Gníomhaíochtaí deis dúinn féin an obair atá ar siúl againn thar na blianta a thógáil céim eile chun tosaigh trí mhodhanna agus deiseanna nua-aimseartha a chur i bhfeidhm.

Gné an-láidir agus lárnach dár bPleananna agus Gníomhaíochtaí ná nasc, comhoibriú agus comhpháirtíocht a chruthú, a fhorbairt agus a láidriú i measc an phobail i gcoitinne i gCluain Dolcáin. Bíonn an chomhpháirtíocht seo á forbairt agus á láidriú le grúpaí éagsúla eile sa

cheantar trí imeachtaí sóisialta agus cultúrtha a sholáthar agus a eagrú le chéile. Grúpaí mar shampla:

- Cumann an Chloigthí - CLG,
- Ionad Idirchultúrtha Chluain Dolcáin,
- Cumann Staire Chluain Dolcáin,
- Comhlachas Tráchtála Chluain Dolcáin,
- Comhlachas Tráchtála Átha Cliath Theas,
- Comhairle Chontae Átha Cliath Theas,
- Coiste Bailte Slachtmhara Chluain Dolcáin,
- Coiste Oidhreachta Chluain Dolcáin,
- Na heaglaisí áitiúla,
- Pobail na scoileanna sa cheantar,

Is tríd an ngréasán agus an chomhpháirtíocht seo a chruthú agus a neartú a chuidíonn linn:

- ballraíocht Mhuintir Chrónáin agus pobal labhartha na Gaeilge a mhéadú agus a neartú
- nasc a chruthú agus a fhorbairt i measc an phobail le heagraíochtaí Gaeilge eile, mar shampla: Gaelscoileanna, Glór na nGael, agus, Conradh na Gaeilge.
- an Teaghlach a fhorbairt mar bhunchloch i bhforbairt agus in úsáid na Gaeilge a thabhairt ar aghaidh don chéad ghlúin eile.
- úsáid na Gaeilge agus labhairt na Gaeilge a fhorbairt agus a mhéadú sa phobal.

Thíos tá samplaí de chlár forbartha, pleananna oibre agus gníomhaíochtaí, reatha na heagraíochta a bhaineann le mór réimsí na sochaí:

- Ranganna sa Ghaeilge labhartha ar chúig leibhéal do dhaoine fásta.
- Ranganna speisialta do dhaltaí atá ag ullmhú do bhéaltriail na hArdteiste.
- Dianchúrsaí Gaeilge á soláthar ag ceithre leibhéal dhifriúla (tosaitheoirí, bunleibhéal, meánleibhéal, agus ardleibhéal) trí huaire sa bhliain.
- Ciorcal comhrá seachtainiúil á sholáthar a thugann deiseanna don phobal an Ghaeilge a úsáid agus a chleachtadh.
- Óige Chrónáin - Club Óige seachtainiúil á sholáthar againn a thugann deis don aos óg an Ghaeilge a úsáid agus a neartú in atmaisféar neamhfhoirmiúil taitneamhach.
- Campaí Samhraidh á soláthar do pháistí réamhscoile, páistí bunscoile agus déagóirí.
- Clann Sí Grúpa Spraoi - grúpa do theaghlaigh Ghaelacha, tuismitheoirí agus leanaí.
- Grúpa gréasáin 'Gaeilgeoirí Chluain Dolcáin' á fhorbairt againn do chainteoirí atá cumasach i labhairt na Gaeilge a chuideoidh leis an Ghaeilge a leathnú sa phobal.
- Siopa Leabhar a bhunú agus a fhorbairt in Áras Chrónáin Ionad Cultúir chun acmhainní agus ábhair thacaíochta i bhfoghlaim na Gaeilge a sholáthar.

- Acmhainní agus ábhair thacaíochta do labhairt na Gaeilge ar an idirlíon a fhorbairt agus a phoibliú i measc an phobail.
- Comórtais agus ócáidí speisialta bunaithe ar shaibhreas ár dteanga, ár gcultúir agus ár n-oidhreachta, mar shampla 'An Fachtóir G' a bhí ar siúl i rith na bliana 2014.
- Seisiúin Cheoil – Bíonn seisiúin cheoil oscailte don phobal gach Déardaoin, Aoine, Satharn agus Domhnach tríd an mbliain ar fad.
- Ranganna Rince Seite agus Céilí seachtainiúil oscailte don mhórphobal, do thurasóirí, srl
- Ócáidí Sóisialta, Cultúir, agus Oidhreachta tríd an mbliain do Cumann Gníomhaíochta Scoir.
- Maidin Chaife agus ciorcal comhrá do thuismitheoirí gach maidin Aoine.
- Naíonra Chrónáin – Dhá sheisiún gach lá.
- Úsáid a bhaint as nuatheicneolaíocht an eolais chun fógraíocht agus bolscaireacht a dhéanamh faoi dheiseanna foghlama Gaeilge agus an pobal a choinneáil ar an eolas fúthu go rialta. Cuirimid béim ar úsáid agus ar fhorbairt nuatheicneolaíocht an eolais agus ar na meáin shóisialta nua-aimseartha i.e. Twitter, Facebook, Ríomhiris, srl i bhforbairt agus i gcur i gcrích ár gcuspóirí. Cabhróidh teicneolaíocht an eolais agus na bealaí nua cumarsáide linn poiblíocht agus bolscaireacht láithreach a dhéanamh faoinár ngníomhaíochtaí, teagmháil rialta a choinneáil leis an bpobal agus leis an bpobal a choinneáil ar an eolas agus suas chun dáta faoi fheasacht na Gaeilge agus beartais an Rialtais faoin nGaeilge go logánta.
- Obair le Coiste Oidhreachta Chloigtheach Chluain Dolcáin chun ionad turasóireachta agus gairdíní a fhorbairt ar shuíomh an Chloigthí i gCluain Dolcáin.
- Áras Chrónáin Ionad Cultúir – Tá ceannáras na heagraíochta aitheanta anois go forleathan i measc an phobail. Aithnítear Áras Chrónáin mar chroílár na Gaeilge sa cheantar. Baineann eagrais eile agus an pobal i gcoitinne úsáid as áiseanna agus acmhainní Áras Chrónáin go seachtainiúil le haghaidh cruinnithe, comhdhálacha, imeachtaí sóisialta, imeachtaí cultúrtha, srl.
- Turasóireacht – Eagraítear imeachtaí sóisialta agus ócáidí idirchultúrtha i gcomhpháirtíocht leis an Ionad Idirchultúrtha, Eagrais Idirchultúrtha agus grúpaí ó thíortha eile m.sh.: An Ghearmáin, An Rúis, An Afraic, An Pholainn, An Bhrasaíl, An India, An Bhreatain Bheag, Albain, srl.
- Turasóireacht agus fiontraíocht – Bíonn siúlóidí á n-eagrú bunaithe ar Naomh Crónán agus an Cloigtheach i gCluain Dolcáin. Tá an eagraíocht lárnach i bhforbairt Ionad Cuairteoirí agus Gairdín Cuimhneacháin ag an gCloightheach i gCluain Dolcáin i gcomhpháirtíocht leis na hÚdaráis Áitiúla. Tá fís ann 'pacáistí cultúrtha' a sholáthar do thurasóirí ó Éirinn agus ó thíortha thar lear bunaithe ar na hacmhainní oidhreachta ar fad atá sa cheantar ó thaobh na Gaeilge, an cheoil, an spóirt, na staire agus na timpeallachta nádúrtha de. Tá Áras Chrónáin mar chomhpháirtnéir sa straitéis seo.

## Mór-Chéimeanna Forbartha Mhuintir Chrónáin
### i gCothú Pobal Gaeilge i gCluain Dolcáin agus sa Cheantar Máguaird

- 1972 Bunaíodh Muintir Chrónáin
- 1975 Bunaíodh Scoil Chrónáin – Bunscoil Lán Ghaeilge i Ráth Cúil
- 1976 Bunaíodh Naíonra i Ráth Cúil
- 1977 Chéad Áit i gcomórtas náisiúnta Glór na nGael
- 1979 Bunaíodh Naíonra Chrónáin i gCluain Dolcáin
- 1981 Bunaíodh Coláiste Chilliain – Iarbhunscoil lán-Ghaeilge i gCluain Dolcáin
- 1984 Bunaíodh Gaelscoil Chluain Dolcáin suite ar champas Coláiste Chilliain
- 1989 Chéad áit i gcomórtas náisiúnta Glór na nGael
- 1989 Ceannaíodh Orchard House i lár Chluain Dolcáin (2.9 acra) – ath-ainmnithe mar Áras Chrónáin
- 1990 Athchóiriú déanta ar an teach agus oscailte mar cheannáras Mhuintir Chrónáin.
- 1991 Féile Náisiúnta an Oireachtais lonnaithe in Áras Chrónáin agus i gceantar Chluain Dolcáin
- 1993 Chéad Áit i Scéim na mBuaiteoirí, i gcomórtas Glór na nGael
- 1993 Fógairt leabhrán 'Áras Chrónáin' – Mícheál D. Ó hUigín TD
- 1993 Bunaíodh Gaelscoil na Camóige, an dara bunscoil lán-Ghaeilge i gCluain Dolcáin atá suite ar thailte an Árais.
- 1997 Seoladh an Naomh Crónán – Bád Mór (Húicéir) a thóg baill Mhuintir Chrónáin i gCluain Dolcáin.
- 1998 Críochnú 'Halla Nua' Áras Chrónáin Ionad Cultúir
- 1998 Oifigeach Forbartha fostaithe
- 1998 Fógairt an Phlean – An Dátheangachas Ag Obair – Tánaiste Mary Harney T.D.
- 1999 Oscailt oifigiúil ' Halla Nua' – Éamon Ó Cuív TD
- 2000 Seoladh oifigiúil suíomh idirlín www.araschronain.com , - Uachtarán na hÉireann, Máire Mhic Giolla Íosa.
- 2001 Suíochán bainte amach ag an Oifigeach Forbartha ar SPC Comhairle Chontae Átha Cliath Theas – sa rannóg Oideachais, Ghaeilge, Chultúir, Leabharlainne agus na hEalaíona

- 2002 Foirgneamh Buan tógtha do Naíonra Chluain Dolcáin at thailte Áras Chrónáin.
- 2004 Oifigeach Gaeilge ceaptha ag Comhairle Chontae Átha Cliath Theas mar thoradh ar spreagadh agus comhairle Mhuintir Chrónáin.
- 2004 Oifigeach Forbartha Mhuintir Chrónáin ceaptha ar Bhord Stiúrtha Bord Turasóireachta Átha Cliath Theas.
- 2005 Oifigeach Forbartha maoinithe faoi Scéim Phobail Gaeilge 2005-2007
- 2006 Mór-athbhreithniú ar struchtúir, imeachtaí agus feidhmiú Mhuintir Chrónáin mar eagraíocht.
- 2008 Oifigeach Forbartha maoinithe faoi Scéim Phobail Gaeilge 2008-2010
- 2009 Díon nua curtha ar Áras Chrónáin Ionad Cultúir
- 2009 Cóiríocht iomlán nua curtha ar thailte an Árais do Ghaelscoil na Camóige
- 2010 Seoladh de shuíomh Gréasáin nua, www.araschronain.ie
- 2011 Oifigeach Forbartha maoinithe faoi Scéim Phobail Gaeilge 2011-2013
- 2011 Bunú Club Óige – Óige Chrónáin do ghasúir na mbunscoileanna áitiúil.
- 2011 Pleanáil Straitéiseach á forbairt do Mhuintir Chrónáin agus Áras Chrónáin Ionad Cultúir
- 2011 Athchóiriú ar Stiúideo Taifeadta in Áras Chrónáin Ionad Cultúir
- 2012 Stiúrthóir nua lán-cháilithe do Naíonra Chrónáin fostaithe ag Muintir Chrónáin
- 2012 Athchóiriú agus mór-obair déanta ar fhoirgneamh Naíonra Chrónáin
- 2012 Athbhunú Club do dhéagóirí – Déagóirí Chrónáin
- 2012 Seoladh Plean Straitéiseach 2013-2015 Muintir Chrónáin ag tAire Stáit Donnchadha Mac Fhionnlaoich T.D.
- 2013 Athchóiriú iomlán ar bhunurlár Áras Chrónáin Ionad Cultúir
- 2013 Suíochán bainte amach ag an Oifigeach Forbartha ar Bhord Comhlachas Tráchtála Átha Cliath Theas
- 2014 Oireachtas na Samhna 2015 cinntithe do cheantar Átha Cliath Theas/Cluain Dolcáin.
- 2014 Seoladh suíomh gréasán nua, www.araschronain.ie
- 2015 Bunú 'Clann Sí Grúpa Spraoi' grúpa nua do theaghlaigh Gaelacha, tuismitheoirí agus leanaí.
- 2015 Áras Chrónáin Ionad Cultúir 25 bliain ar oscailt don phobal.

- 2015 Muintir Chluain Dolcáin agus Muintir Chrónáin roghnaithe le dul ar aghaidh chun stádas 'Líonra Gaeilge' a bhaint amach do sprioc-cheantar Chluain Dolcáin
- 2015 Athchóiriú agus tógáil ar chóras fuaime, stáitse agus soilse sa halla le cúnamh deontas ó Chomhairle Chontae Átha Cliath Theas.
- 2016 Athchóiriú iomlán ar stiúideo taifeadta in Áras Chrónáin Ionad Cultúir.
- 2016 Dhá scoil nua beartaithe do Ghaelscoil na Camóige agus Gaelscoil Chluain Dolcáin do Meán Fómhair 2018
- 2016 Áiseanna breise curtha le Naíonra Chrónáin ionas gur féidir linn freastail ar níos mó páistí sa cheantar
- 2017 Sráidbhaile Chluain Dolcáin roghnaithe go hoifigiúil mar chuid de chúig phobal ar oileán na hÉireann le hiarratais a dhéanamh ar stádas 'Líonra Gaeilge' a bhaint amach don cheantar.
- 2018 Seoladh oifigiúil d'fhíseáin agus d'fheachtas poiblíochta nua 'Gaeilge le Chéile' in bPáirc an Chrócaigh.
- 2018 Muintir Chrónáin agus Áras Chrónáin molta ag Comhairle Chontae Átha Cliath don chomórtas náisiúnta 'Pride of Place Awards' sa roinn 'Creative Place Initiative'.
- 2018 An Chéad Áit i gcomórtas Náisiúnta 'Pride of Place Awards' buaite ag Muintir Chrónáin agus Áras Chrónáin.

# Fís agus Mór-Aidhmeanna

## Sprioc i dtaobh na Gaeilge sa cheantar

**FÍS/Sprioc**

- Sprioc: Gaeilge le Feiceáil agus le Cloisteáil níos mó sa cheantar / Pleanáil ghearrthéarmach agus fadtéarmach don cheantar.
- Sprioc/Aidhm: An Ghaeilge a chur chun cinn sa cheantar i réimsí nach bhfuil sí in úsáid go forleathan iontu faoi láthair ionas go bhféadfadh duine gnóthaí uile an lae a dhéanamh trí mheán na Gaeilge.

## Ár n-aidhmeanna teanga

Tá an réasúnaíocht thaobh thiar den fhís atá roghnaithe bunaithe ar Scála GIDS Fishman (1991) i gcomhthéacs mhór-obair Mhuintir Chrónáin. Thar na blianta chomhlíon Muintir Chrónáin ocht gcéim ar scála GIDS Fishman (1991: 87) trí na héachtaí a bhain siad amach. Cuirfear in iúl céard atá i gceist le gach céim agus ansin léireofar feidhmiú na céime úd i gcás Mhuintir Chrónáin. Tosaíonn an scála ar Chéim 8 agus 7 agus téann sé in ord droim ar ais go Céim 1. Is mar sin a chuirfear i láthair anseo é.

**Céim 8 & 7**

*Ationól a dhéanamh ar an teanga agus í a thabhairt chuig daoine fásta, cuid acu a d'fhoghlaim í tráth agus gur chuimhin leo í, cuid eile nár fhoghlaim riamh í.* Bhí sé seo ar na céimeanna tosaigh a bhí ag Muintir Chrónáin nuair a cuireadh tús le Club Chrónáin. Trí Chlub Chrónáin, tugadh an deis do dhaoine fásta teacht isteach ar an nGaeilge i dtimpeallacht shóisialta ar bhealach cairdiúil. Ag tús na seachtóidí, bhí tuismitheoirí óga sa chlub agus den chuid is mó ba dhaoine nuaphósta iad a bhí tagtha go Cluain Dolcáin agus na ceantair máguaird as ceantair eile tuaithe agus cathrach. D'fhreastail roinnt ball ar na A-scoileanna deireanacha agus bhí cuid eile a d'fhoghlaim an Ghaeilge mar ghnáthábhar scoile. Thug Club Chrónáin an deis dóibh siúd a bhí i láthair níos mó ná an teanga a úsáid. Bhíodh ceoltóirí, amhránaithe agus damhsóirí ina measc agus trí Chlub Chrónáin d'fhás an pobal Gaeilge i suíomh nádúrtha, cairdiúil, fáilteach. De réir mar a chuaigh an club chun cinn, reáchtáiltí ranganna Gaeilge dóibh siúd a bhí ag iarraidh feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge. Is as an timpeallacht shóisialta seo chomh maith a d'fhás an pobal tacaíochta a thug deis do Mhuintir Chrónáin a gcuid spriocanna a bhaint amach. Ón mbliain 1990 ar aghaidh, ba é Áras Chrónáin ceanncheathrú Mhuintir Chrónáin i gCluain Dolcáin. Bíonn ranganna éagsúla, ceolchoirmeacha, drámaí agus ócáidí faoi leith trí mheán na Gaeilge ar siúl i rith na bliana a thugann seasamh agus aitheantas don Ghaeilge agus don chultúr dúchais i bpobal cathrach neamhGhaeltachta ar bhonn leanúnach.

**Céim 6**

*Dlúthcheangail a chothú idir daoine óga, teaghlaigh, comharsanacht agus pobal* Bhain Muintir Chrónáin an chéim seo amach ar dhá leibhéal:

1. Rinne siad é sa cheantar fisiceach ar a dtugtar Dúiche Chrónáin, idir na naíonraí agus scoileanna lán-Ghaeilge a bhunaigh siad, bunú Dhéagóirí Chrónáin, an tAifreann Gaeilge 7rl.

2. Chothaigh Muintir Chrónáin, agus choinnigh siad gréasán leathan i measc daoine eile a bhí ar chomhintinn leo i leith na teanga i gceantair éagsúla eile.

Tagraíonn Ó Riagáin (1997) do thábhacht na ngréasán i gcomhthéacs na Gaeilge agus deir, "it has been noted that Irish-speakers, because of their dispersal throughout the population and because of their knowledge and use of the majority language, English, maintain their usage of Irish mainly through networks." (lch. 166)

Agus taighde á dhéanamh faoi Mhuintir Chrónáin, bhí ionadh ar dhaoine faoi mhéid na gceangal agus na nasc a bhí déanta agus coinnithe ag Muintir Chrónáin le daoine i nGlór na nGael, an Roinn Oideachais, Gael Linn, an Gúm 7rl. Cothaíodh nasc idir Muintir Chrónáin agus an Ghaeltacht chomh maith. Cé go mbíodh muintir na Gaeltachta ina gcónaí i nDúiche Chrónáin agus go dtagaidís go Club Chrónáin go rialta, tugadh cuireadh oifigiúil do mhuintir Ghaeltacht na Rinne, Co Phort Láirge, bheith i gcomhluadar Mhuintir Chrónáin ar an 30 Nollaig 1979. Bhí daoine cosúil le Nioclás Tóibín, Anne Mulqueen agus na Déisigh i láthair ag an dinnéar agus oíche shóisialta Chlub Chrónáin in Ósta John Devoy. Thagadh grúpa chuig an club ón mBriotáin chomh maith. Tá sé tábhachtach gur thug Muintir Chrónáin an deis do na páistí scoile a bhí faoina gcúram an ceangal a dhéanamh agus gréasáin a chothú le daoine eile a bhí i scoileanna lán-Ghaeilge, rud a rinneadar trí Shlógadh, Fheis Átha Cliath, chomórtais peile 7rl. Cuimhníonn Rossa Ó Snodaigh (iarscoláire Choláiste Eoin) ar theacht amach chuig Cluain Dolcáin agus é fós ar scoil agus ionadh air go raibh scoil lán-Ghaeilge eile i mBaile Átha Cliath seachas Coláiste Eoin "agus scoil mhór." Is cuimhin le Ó Snodaigh go raibh "éadaí scoile difriúla orthu ach bhí siad ag déanamh an rud céanna linne – ag labhairt Gaeilge mar ghnáth-theanga laethúil, bheo". De réir mar a chuaigh na blianta ar aghaidh d'fhás ceangal idir daltaí na scoileanna a bhunaigh Muintir Chrónáin agus an Ghaeltacht mar gheall gurb as na Gaeltachtaí éagsúla cuid mhaith de na múinteoirí a bhí ag múineadh sna scoileanna úd. Go dtí an lá atá inniu ann bíonn an t-uafás múinteoirí Gaeilge ó Chluain Dolcáin agus na ceantair máguaird ag obair sna coláistí samhraidh agus tá clú agus cáil ar Mhuintir Chrónáin timpeall na tíre dá bharr. Leanann an ceangal agus an gréasán a thosaigh Muintir Chrónáin ag deireadh na seascaidí go dtí an lá atá inniu ann.

**Céim 5**

*Gnóthachtáil na Gaeilge a aimsiú taobh amuigh den chóras oideachais Phoiblí*

Deir Fishman (1991: 122) go bhfuil cás na Gaeilge difriúil le formhór na dteangacha atá i mbaol. I gcás Céim 5, leagann sé tábhacht ar na Naíonraí mar bhealach isteach ar an nGaeilge taobh amuigh de na scoileanna do na páistí féin chomh maith lena dtuismitheoirí. Chomh maith leis sin, déanann Fishman (1991) tagairt do na coláistí samhraidh. Luann Fishman (1991) sampla Choláiste na bhFiann agus Chumann na bhFiann a bunaíodh le go mbeadh deis ag daoine óga teacht le chéile i gcomhthéacs sóisialta go rialta i rith na bliana, is féidir a rá go raibh an rud céanna ag tarlú i gCluain Dolcáin idir Coláiste Bhriocáin agus Déagóirí Chrónáin. Roimh do Mhuintir Chrónáin an chéad bhunscoil, Scoil Chrónáin, a bhunú, bhí Muintir Chrónáin ag freastal ar cheithre roinn an phobail, mar atá:

- Óige Chrónáin (1973) ag díriú ar lucht bunscoile.
- Déagóirí Chrónáin (1973) ag díriú ar na déagóirí.
- Club Chrónáin (1972) ag díriú ar dhaoine fásta.
- An tAifreann Gaeilge i séipéal Chluain Dolcáin

Bíonn baill Mhuintir Chrónáin freagrach as na bileoga don Aifreann Gaeilge a bhailiú agus a thabhairt chuig an séipéal i gCluain Dolcáin gach seachtain. Is iad Muintir Chrónáin a léann na léachtaí ag an Aifreann leis agus a aistríonn fógraí na seachtaine go Gaeilge.

Bunaíodh Déagóirí Chrónáin ar theacht abhaile do na daltaí as Coláiste Pháirc na Maoile ón gcéad turas a thug siad ar an gCeathrú Rua i 1973. Go luath ina dhiaidh sin, thosaigh siad ag dul ar chúrsaí Gaeilge i gColáiste Bhriocáin. Díreach cosúil le Coláiste na bhFiann agus Cumann na bhFiann, thug Déagóirí Chrónáin an deis do dhéagóirí sa cheantar teacht le chéile i gclub Gaeilge i rith na bliana. D'fhás siombóis láidir idir na daoine a chuaigh go Ros Muc agus Déagóirí Chrónáin sa chaoi chéanna a bhfuil siombóis idir na ranganna Gaeilge agus an ceol in Áras Chrónáin. Bhí an-bhaint ag cuid mhaith de na déagóirí sin i mbunú scoileanna lán-Ghaeilge agus Chumainn Ghaeilge 7rl agus iad ina ndaoine fásta agus clann acu féin. Tagann na naíonraí a bhunaigh Muintir Chrónáin i gCluain Dolcáin sna blianta 1976 agus i 1979 faoi Chéim 5 de scála GIDS Fishman chomh maith.

Ní mór an huicéir darb ainm an Naomh Crónáin nár luadh cheana a lua faoi Céim 5 leis. Ball de Mhuintir Chrónáin, Mícheál Ó hEifearnáin a tháinig ar an smaoineamh bád mór 40 troigh a thógáil do Mhuintir Chrónáin. Bunaíodh coiste an bháid agus tógadh an Naomh Crónáin idir na blianta go hiomlán trí Ghaeilge i gCluain Dolcáin agus d'fhoghlaim na hoibrithe an Ghaeilge de réir mar a chuaigh an obair ar aghaidh. Cuireadh foclóir le chéile de na téarmaí ar fad a bhaineann le cúrsaí seoltóireachta don chriú agus d'aon duine a bheadh ar bord. Tá cosúlachtaí idir an gníomh seo agus an gníomh a rinne Acadamh Teanga na hEabhraise agus iad ag iarraidh an Eabhrais a athshealbhú. Dhírigh Acadamh Teanga na hEabhraise isteach ar fhoclóir siúnéireachta agus cistine ar dtús seachas foclóir na heolaíochta nádúrtha le go mbeadh úsáid phraiticiúil ag an sprioctheanga (Fishman 1991: 13). Tháinig daoine nua isteach i Muintir Chrónáin de bharr an tionscnaimh úd agus leathnaigh gréasán Mhuintir Chrónáin thar farraige. Cláraíodh an Naomh Crónáin le Cumann Húicéirí na Gaillimhe agus fuarthas

cabhair agus cúnamh uathu thiar. Seoladh an Naomh Crónán chun farraige sa bhliain 1997 agus tá roinnt turas chun na Fraince déanta cheana féin aici.

**Céim 4**

*Oideachas trí Ghaeilge agus foghlaim na Gaeilge ar scoil*

Déanann Fishman (1991) idirdhealú idir scoileanna 4a agus 4b áit a seasann 4a do na gnáthscoileanna ina bhfuil an Béarla mar theanga teagaisc iontu agus 4b a sheasann do na scoileanna lán-Ghaeilge ina bhfuil an Ghaeilge mar theanga teagaisc iontu. Tá dhá naíonra, trí bhunscoil lán- Ghaeilge agus iarbhunscoil lán-Ghaeilge amháin bunaithe ag Muintir Chrónáin agus freagraíonn siad go maith do Chéim 4. Bhíodh Déagóirí Chrónáin ag comhlíonadh riachtanais 4a agus faoi láthair, tá Muintir Chrónáin ag iarraidh club ar nós Déagóirí Chrónáin a thosú arís le díriú isteach ar na déagóirí ar fad atá i gCluain Dolcáin, idir scoileanna 4a agus 4b.

**Céim 3**

*Gaeilge san ionad oibre*

Sa bhliain 1998, sheol an Tánaiste Mary Harney TD an plean *An Dátheangachas ag Obair*. I mí Lúnasa 2009, cuireadh tionscnamh taighde ar bun ag Muintir Chrónáin Teo agus Comhairle Contae Átha Cliath Theas ar úsáid agus aithneachtáil na Gaeilge idir ghnó agus phobal i gContae Átha Cliath Theas. Ba é an príomhchuspóir a bhí acu seo ná eolas a bhailiú "a thabharfadh tacaíocht d'fhorbairt agus chur chun cinn níos mó Gaeilge i gcúrsaí gnó agus i measc grúpaí phobail i gContae Átha Cliath Theas a sholáthar". Cuireadh agallamh duine ar dhuine, ar 1,010 duine idir fhir, mhná agus pháistí i gceithre shuíomh i mBaile Átha Cliath Theas. Fuarthas torthaí a bhí an-dearfach i leith na Gaeilge ó fhreagróirí an tsuirbhé le 78% de na freagróirí ag iarraidh níos mó Gaeilge a fheiceáil sa ghnó. Leis sin, dúirt 89% de na freagróirí go dtabharfadh úsáid na Gaeilge sa phobal agus sa ghnó "braistint féiniúlachta agus áite níos láidre" dóibh. I measc na gcomhpháirtithe agus na gcuiditheoirí, tá Muintir Chrónáin féin, Leabharlann Bhaile Átha Cliath Theas, Snagact, Glór na nGael agus Foras na Gaeilge. I measc na moltaí a tháinig as an suirbhé, moladh go bhforbrófaí agus go seolfaí suíomh gréasáin a thabharfadh cúnamh dóibh siúd a bhí ag iarraidh "Gaeilge i nGnó" a chur i bhfeidhm in eagraíochtaí pobail agus gnó, rud a tharla go hoifigiúil ar an 3 lá de Mhárta 2010.

**Céim 2**

*Seirbhísí rialtais áitiúla agus na meáin*

Ó thaobh na meán de, roimh ré an idirlín, bhain Muintir Chrónáin úsáid as na nuachtáin náisiúnta le hócáidí ar leith a chur os comhair an phobail. Nuair a bhí an phoiblíocht ag teastáil uathu i gcás tacaíochta do cibé rud a bhíodh ar bun acu nó dá gcuid imeachtaí féin, baineadh lánúsáid as na meáin idir raidió, theilifís agus nuachtáin.

Sa lá atá inniu ann, tá suíomh gréasáin dá gcuid féin ag Muintir Chrónáin (www.araschronain.com) suíomh a sheol Uachtarán na hÉireann, Máire Mhic Giolla Íosa go hoifigiúil sa bhliain 2000. Tá nuachtlitir, Scéala Chrónáin, blag ar Facebook agus Bebo ag Muintir Chrónáin atá dírithe ar aoisghrúpaí faoi leith. Leis an stiúideo, Pluais Chrónáin, is féidir ceol 7rl a thaifeadadh. Chomh maith leis sin, bíonn iarscoláirí na scoileanna a bhunaigh Muintir Chrónáin ag craoladh ar stáisiúin raidió agus teilifíse náisiúnta go rialta.

Mar atá luaite i gCéim 3, rinneadh nasc láidir idir Comhairle Contae Átha Cliath Theas agus Muintir Chrónáin Teo agus leis an teagmháil sin, cuirtear an-chuid imeachtaí ar siúl. Sa bhliain 2001, bhain Muintir Chrónáin suíocháin amach ar an gCoiste um Bheartais Straitéiseacha Chomhairle Contae Átha Cliath Theas, le go mbeidís lánpháirteach i ndul chun cinn na Gaeilge sa réigiún. An toradh a tháinig air sin ná gur fostaíodh Oifigeach Gaeilge lánaimseartha sa Chomhairle Contae. Chomh maith leis sin, is í Aoife Ní Cheallaigh, iarscoláire Ghaelscoil Chluain Dolcáin agus Choláiste Chilliain, 'guth Gaeilge' Chomhairle Contae Átha Cliath Theas.

Déanann An Coiste um Bheartais Straitéiseacha obair don Chomhairle Contae maidir le cúrsaí pleanála, pleananna forbartha, cúrsaí oideachais, cultúir agus na healaíona.

**Céim 1**

*Gaeilge in ardréimse oibre: oideachas agus rialtas.*

Nuair a bunaíodh Muintir Chrónáin sa bhliain 1972, leagadh síos dhá riail shimplí. Ba seo iad: gan chasadh ar an mBéarla agus gan aon ghearán a dhéanamh maidir le heaspa tacaíochta ón Rialtas agus tá an dá bhunriail sin fós i bhfeidhm ag Muintir Chrónáin. Ón gcéad lá a bunaíodh na scoileanna lán-Ghaeilge, dhéantaí an gnó ar fad trí Ghaeilge. Chaithfeadh Gaeilge a bheith ag gach duine ar na Boird Bhainistíochta, ag na rúnaithe agus ag aon duine a raibh baint oifigiúil acu leis na scoileanna. Déantar gnó oifigiúil Mhuintir Chrónáin trí Ghaeilge agus is í an Ghaeilge an chéad teanga in Áras Chrónáin. Ní grúpa polaitiúil iad Muintir Chrónáin agus "níor tháinig polaitíocht nó reiligiún thar na geataí sin riamh"??. É sin ráite, is cosúil go dtuigeann Muintir Chrónáin tábhacht na polaitíochta agus nuair is gá dóibh, ní bhíonn moill orthu mar ghrúpa cabhair a lorg ó na heagrais chuí is ó na polaiteoirí cuí: sheol Mary Harney TD an plean *An Dátheangachas ag Obair* sa bhliain 1998, d'oscail an tAire Éamonn Ó Cuív Halla Chrónáin sa bhliain 1999 agus sheol Uachtarán na hÉireann, Máire Mhic Giolla Íosa suíomh gréasáin

Mhuintir Chrónáin go hoifigiúil sa bhliain 2000. Fostaíodh Brian Ó Gáibhín mar oifigeach Forbartha do Mhuintir Chrónáin sa bhliain 1998 agus is mór an chabhair í sin do Mhuintir Chrónáin ar bhonn leanúnach.

**Na tosaíochtaí aitheanta**

**An Ghaeilge a chur chun cinn sna réimsí seo a leanas:**

- **An Teanga i measc an Phobail:** Ranganna agus cúrsaí i labhairt na Gaeilge a sholáthar don mhórphobal, áiseanna agus acmhainní Áras Chrónáin Ionad Cultúir a fhorbairt agus a úsáid chun tacú le hathréimniú agus an teanga a leathnú i measc an phobail. *(Féach Céim 8 & 7 Scála GIDS lch 27)*

- **Teaghlaigh Ghaelacha**: tacaíocht a thabhairt do thuistí atá ag tógáil clainne le Gaeilge agus cur go suntasach le líon na dtuistí a dhéanann an rogha sin. Seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil dóibh trí imeachtaí ar leith a eagrú dóibh, ceardlanna le saineolaithe ó am go céile chun comhairle a chur orthu, iad i dteagmháil lena chéile mar ghrúpa féintaca. *(Féach Céim 6 Scála GIDS lch 28)*

- **Gaeilge san ionad gnó**: go ndéanfar socruithe le lucht gnó ó thaobh seirbhísí a bheith ar fáil trí mheán na Gaeilge, mar shampla go bhfostófar dóthain daoine le Gaeilge sna hollmhargaí agus sna siopaí áitiúla chun go mbeidh lucht labhartha na Gaeilge in ann a gcuid gnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge. Comharthaíocht dhátheangach sna siopaí agus ar chlárainm na siopaí. *(Féach Céim 5 Scála GIDS – Lch 29)*

- **Oideachas trí Mheán na Gaeilge ar fáil**: Coinneáil ag tógáil ar líon na bpáistí agus na ndaoine óga atá ag freastal ar naíonraí, gaelscoileanna nó Gaelcholáiste sa cheantar. A chinntiú go bhfuil imeachtaí ar fáil dóibh trí mheán na Gaeilge taobh amuigh den scoil chomh maith. Tuilleadh cúrsaí Gaeilge do dhaoine fásta a fhorbairt agus cúrsaí a fhorbairt a bhaineann le hábhair/scileanna éagsúla ach iad a bheith trí mheán na Gaeilge. Cur le caighdeán Gaeilge iad siúd a bhfuil Gaeilge acu cheana féin. *(Féach Céim 4 Scála GIDS lch 30)*

- **Seirbhísí Poiblí** a bheith ar fáil as Gaeilge sa cheantar i.e. go mbeidh cúntóirí le Gaeilge sna hOifigí Cathardha sa sráidbhaile, i Stáisiún na nGardaí, in Oifig an Phoist srl trí shocruithe a dhéanamh leis na húdaráis chuí. *(Féach Céim 3 Scála lch 30)*

- **Na Meáin Chumarsáide** (scríofa agus shóisialta). An Ghaeilge a bheith sofheicthe agus sochloiste san meáin áitiúla agus sna meáin shóisialta. Cur le líon na suíomhanna idirlín agus leis na leathanaigh Fb srl a bhaineann leis an gceantar atá trí mheán na Gaeilge.

Ailt / leathanaigh trí Ghaeilge sna nuachtáin áitiúla. Cláir ar stáisiúin raidió áitiúla d'aoisghrúpaí éagsúla. *(Féach Céim 2 Scála GIDS lch 31)*

- **ArdStádas ag an teanga i measc an phobail** (dúshlán an dhátheangachais ná a chinntiú go mbeidh an lámh in uachtar ag an teanga is laige; ag cothú meoin dhearfach i leith na Gaeilge - go dtuigtear go mbaineann an teanga le dul chun cinn seachas le dul siar nó leis an stair amháin. Íomhá na Gaeilge a bheith dearfach, ceannródaíoch, nua-aimseartha, forbartha. 'Pátrúin' a lorg don tionscadal. i.e. daoine mór le rá as an gceantar a bhfuil Gaeilge acu e.g. Mary Kennedy (RTÉ), Jim Gavin (CLG), Bernard Dunne, etc. *(Féach Céim 1 Scála GIDS lch 32).*

## Léargas ar Ullmhú an Phlean

Is é an mhodheolaíocht agus an modh fiosrúcháin atá beartaithe againn le heolas a bhailiú faoi staid reatha na Gaeilge sa cheantar feidhme ná:

- **Taighde áitiúil** Taighde áitiúil, taighde cáilíochtúil agus taighde cainníochtúil.
- **An Daonáireamh** Eolas ar an bhfianaise tacaíochta cosúil le staitisticí daonáirimh nó foinsí eile a bheidh in úsáid le staid reatha na Gaeilge a mheas.
- **Taighde le Scoileanna** Oideachas
- **Anailís** Déanfar anailís ar thorthaí an taighde feiceáil cé na spriocanna as measc spriocanna fadtéarmacha na heagraíochta is féidir a bhaint amach tríd bplean seo
- **Feachtas Poiblí** – Eagrófar feachtas mór poiblíochta ar mhaithe le plé poiblí agus spéis i measc an phobail a spreagadh.
- **Cruinnithe Poiblí agus seimineár eolais** – Plé poiblí le muintir na háite, lucht na Gaeilge agus an Bhéarla, a mhealladh le bheith rannpháirteach i gcroílár an tionscnaimh seo.

### Taighde áitiúil

Suirbhé a chur ar mhuintir na háite maidir lena ndearcadh i dtaobh na Gaeilge. Ní mór na torthaí a chur i gcomparáid leis na torthaí ón suirbhé i 2009 (Thíosluaite).

I mí Lúnasa 2009, chuir Muintir Chrónáin Teo agus Comhairle Contae Átha Cliath Theas tionscadal taighde ar bun ar úsáid agus aithneachtáil na Gaeilge idir ghnó agus phobal i gContae Átha Cliath Theas . Ba é an príomhchuspóir a bhí acu seo ná eolas a bhailiú “a thabharfadh tacaíocht d’fhorbairt agus chur chun cinn níos mó Gaeilge i gcúrsaí gnó agus i measc grúpaí phobail i gContae Átha Cliath Theas a sholáthar”. Cuireadh agallamh duine ar dhuine, ar 1,010 duine idir fhir, mhná agus pháistí i gceithre shuíomh i mBaile Átha Cliath Theas. Fuarthas torthaí a bhí an-dearfach i leith na Gaeilge ó fhreagróirí an tsuirbhé le 78% de na freagróirí ag iarraidh níos mó Gaeilge a fheiceáil sa ghnó. Leis sin, dúirt 89% de na freagróirí go dtabharfadh úsáid na Gaeilge sa phobal agus sa ghnó “braistint féiniúlachta agus áite níos láidre” dóibh . I measc na gcomhpháirtithe agus na gcuiditheoirí, tá Muintir Chrónáin féin, Leabharlann Bhaile Átha Cliath Theas, SnaGÁCT, Glór na nGael agus Foras na Gaeilge. I measc na moltaí a tháinig as an suirbhé, moladh go bhforbrófaí agus go seolfaí suíomh gréasáin a thabharfadh cúnamh dóibh siúd a bhí ag iarraidh “Gaeilge i nGnó” a chur i bhfeidhm in eagraíochtaí pobail agus gnó, rud a tharla go hoifigiúil ar an 3 lá de Mhárta 2010.

Baileofar eolas ón bpobal i gcoitinne trí cheistneoir a scaipeadh ar líne ina lorgófar eolas faoi úsáid na Gaeilge, cumas Gaeilge, agus, dearcadh agus mianta an phobail ina leith. Baileofar eolas spriocghrúpaí ar leith, daltaí scoile, tuismitheoirí, agus daoine a bhfuil spéis ar leith acu sa teanga trí ghrúpaí fócais a reáchtáil.

## Daonáireamh

Bainfear úsáid as na staitisticí a cuireadh ar fáil ón bPríomhOifig Staidrimh (CSO) i 2011 agus 2016 le measúnú a dhéanamh ar líon na ndaoine ag a bhfuil Gaeilge agus ag cén leibhéal. Ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar an gceist chéanna sa daonáireamh 2016 agus na blianta amach anseo.

**Scoileanna / Oideachas**

- Dul i dteagmháil leis na scoileanna áitiúla.
- Suirbhé a dhéanamh ar dhearcadh na ndaltaí i leith na Gaeilge. Suirbhé a dhéanamh ar dhearcadh na dtuismitheoirí i leith na Gaeilge.
- Measúnú ar líon na ndaltaí a thugann faoi scrúdaithe stáit sa Ghaeilge ag an ardleibhéal.
- Líon na ndaltaí a fhreastalaíonn ar chúrsaí Gaeilge sna coláistí samhraidh.
- Céard a bheadh na daltaí/múinteoirí/tuismitheoirí a iarraidh ó Mhuintir Chrónáin ó thaobh tacaíochta de.

**Anailís**

Déanfar anailís ar thorthaí na n-uirlisí taighde aonair astú féin mar chuid den phlean agus tabharfar achoimre ar phríomhphointí an taighde go foriomlán i gcomhthéacs spriocanna an phlean sula bpléifear na bearta féin.

## Feasacht a ardú

**Feachtas Poiblí & Cruinnithe Poiblí**

Tá sé i gceist go mbeadh pobal Chluain Dolcáin rannpháirteach sa togra. Bhí Muintir Chrónáin riamh dírithe ar sheirbhísí a chur ar fáil don phobal mórthimpeall orthu, agus tugann an meon sin bunús cuí don phróiseas seo.

Eagrófar feachtas poiblí ar leith ag baint úsáid ar póstaeir, bileoga, na meáin shóisialta (Facebook, Twitter, srl), suíomh gréasáin www.araschronain.ie, nuachtlitir, Raidió áitiúil agus Raidió na Life, na meáin áitiúla, srl ar mhaithe le daoine a spreagadh le plé poiblí agus rannpháirtíocht sa taighde a fhorbairt i measc an mhórphobail, idir Gaeilge agus Béarla, sa sprioc-cheantar.

Tá sé ar intinn ag an eagraíocht muintir Chluain Dolcáin ar fad a chur ar an eolas faoin taighde a bheidh ar siúl trí fheachtas poiblíochta sna meáin áitiúla. Tá dhá nuachtán áitiúla inar féidir eolas a chur ar bhonn rialta agus an taighde ag dul ar aghaidh. Is féidir freisin na meáin shóisialta a úsáid chun nuacht faoin taighde a scaipeadh. Beidh fógraíocht le feiceáil i bhfoirgnimh phoiblí agus gnólachtaí áitiúla chomh maith. Cruthófar bileog shimplí eolais, a bheidh dátheangach agus a sheolfar ar fud Chluain Dolcáin le cabhair ó dheonaithe. Beidh an bhileog chéanna ar fáil i bhfoirgnimh phoiblí.

Mar a luadh cheana, tá nascanna ag an eagraíocht le scoileanna áitiúla. Tríd na nascanna seo, is féidir leis an eagraíocht dul i dteagmháil go díreach le teaghlaigh a úsáideann Gaeilge sa

bhaile. Mar aon leis seo, is féidir leis an eagraíocht an modh teagmhála céanna a úsáid le scoileanna Béarla sa cheantar chun fógraíocht a dhéanamh ar bhonn níos leithne agus níos mó rannpháirtíochta a chothú.

Tá liosta poist cuimsitheach ag an eagraíocht de bhaill, iarbhaill agus síntiúsóirí. Beidh an liosta seo in úsáid chun eolas a scaipeadh ar an tionscnamh. Meastar go gcuirfear leis an liosta seo le síntiúsóirí nua a mheallfar trí na modhanna teagmhála eile thuas.

Chun díospóireacht agus machnamh a chothú i measc an phobail, eagrófar roinnt cruinnithe poiblí i gCluain Dolcáin. Beidh tacaíocht ar fáil ó bhaill tofa de Chomhairle Chontae Átha Chliath Theas chun iad seo a eagrú agus chun eolas fúthu a chur ar fáil don phobal áitiúil. Beidh ionadaíocht ó na grúpaí éagsúla pobail thuasluaite ag na cruinnithe seo. Chomh maith leis seo, moltar go láidir go mbeidh díospóireacht ar na meáin shóisialta.

Beidh deiseanna ann tríd an bpróiseas thuasluaite chun aiseolas a sheoladh. Beidh fáilte roimh chomhfhreagras in aon teanga, agus beidh sin soiléir ar an mbileog eolais agus ar gach píosa fógraíochta a sheolfar go tithe áitiúla.

## An Taighde

Is é an mhodheolaíocht agus an mhodh fiosrúcháin atá beartaithe againn le heolas a bhailiú faoi staid reatha na Gaeilge sa cheantar feidhme ná:

- **Taighde áitiúil**: Taighde Cáilíochtúil, Taighde Cainníochtúil agus Taighde Áitiúil.
- **An Daonáireamh** (Eolas ar an bhfianaise tacaíochta cosúil le Staitisticí oifigiúla (foinsí Stáit) ón daonáireamh, Comhairle Condae, Roinn Oideachais, Feidhmeannacht Seirbhísí Sláinte agus foinsí eile a bheas in úsáid le staid reatha na Gaeilge a mheas.
- **Áitiúil:** eolas bailithe ó ghrúpaí eile ar nós, CLG, clubanna óige, an Cumann Tráchtála srl,
- **Taighde le Scoileanna** / Oideachas
- **Údarás Áitiúil:** Straitéisí ábhartha ar fhorbairt an cheantair ag údaráis áitiúla,
- **Feachtas Poiblí** – Eagrófar feachtas mór poiblíochta ar mhaithe le plé poiblí agus spéis i measc an phobail a spreagadh.
- **Comhairliúcháin** phoiblí reáchtáilte mar chuid den phróiseas seo, (a) fócasghrúpaí, (b) agallaimh le páirtithe faoi leith,
- **Anailís** a dhéanamh ar an taighde, anailísiú neamhspleách déanta ar thorthaí an gcomhairliúchán agus an taighde
- **Cruinnithe Poiblí** agus Seimineár Eolais – Plé Poiblí le muintir Na háite, lucht na Gaeilge agus an Bhéarla, a mhealladh le bheith rannpháirteach i gcroílár an tionscnaimh seo.
- **Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga:** Mionphlé déanta ag ionadaithe uile den chuid an Choiste Stiúrtha Pleanála Teanga

Féach cóip den cheistneoir (Leagan Gaeilge agus Leagan Béarla) in **Aguisín 4A & Aguisín 4B**

# Torthaí Taighde

## Réamhrá

Tugadh faoi eolas a bhailiú trí mhodheolaíocht mheasctha a úsáid. Úsáideadh dhá mhodh taighde in dhá chéim éagsúla céim 1 ná ceistneoir comónta mar mhodh cainníochtúil agus cáilíochtúil, agus, céim 2 ná grúpaí fócais mar mhodh cáilíochtúil amháin. Úsáideadh torthaí na hanailíse i gcéim amháin chun eolas a chur ar fáil don chéad chéim eile. Mar shampla, bhí ceisteanna an cheistneora sa chéad chéim bunaithe ar an eolas a bhailíodh ón daonáireamh, ó chomhairle na bpleanálaithe teanga, agus ón taighde a rinne Muintir Chrónáin cheana. Bhí ábhar na ngrúpaí fócais sa dara céim bunaithe ar thorthaí an ceistneoir.

Baineadh úsáid as an gceistneoir chun eolas a bhailiú faoi phróifíl, dhearcadh, iompar teanga agus faoi mhianta teanga an phobail. Foinse luachmhar sonraí a bhí anseo a d'fhéadfaí a úsáid i gcomhar le sonraí an daonáirimh chun eolas staitistiúil a bhailiú faoi iompar teanga an phobail agus faoina dhearcadh i leith na teanga. Cé gur feidhm chainníochtúil a bhí leis an gceistneoir comónta cuireadh ceisteanna oscailte freisin a d'fhág go bhféadfaí eolas cáilíochtúil a bhaint as chomh maith chun léargas níos mionchúisí a fháil ar dhearcadh agus iompar an phobail. Pléitear torthaí an cheistneora chomónta go cuimsitheach in Aguisín 5 ach tugtar achoimre ar na príomhphointí faoin gcéad mhír eile.

Reáchtáladh sraith grúpaí fócais le páirtithe leasmhara áitiúla bunaithe ar na torthaí a bhí ag eascairt ón gceistneoir comónta. Bhí próifíl na rannpháirtithe ar reáchtáladh grúpaí leo ag teacht leis na sainghrúpaí a aithníodh sa cheistneoir comónta – chomh fada agus a d'fhéadfaí sin a dhéanamh go praiticiúil. Reáchtáladh grúpaí fócais sna scoileanna, sa Ghaelscoileanna agus sa scoile nach Gaelscoil í. Réitíodh na foirmeacha cuí don toiliú feasach, fuarthas cead ó thuismitheoirí na rannpháirtithe agus leanadh na dea-chleachtas a mholtar i ndáil le taighde cáilíochtúil den chineál seo. Chomh maith leis sin reáchtáladh grúpaí fócais le baill eile den phobail nach daltaí scoile iad.

## Ceistneoir Comónta[1]

D'fhreagair 1,184 an ceistneoir ar an iomlán. Bhí próifíl leathan i measc na bhfreagróirí rud a fhágann go bhfuil léargas againn ar raon leathan aoiseanna, cúlraí oideachais, daoine as Cluain Dolcáin agus daoine nach ea ach a chaitheann am ar an mbaile, agus, daoine a léirigh an-tacaíocht don obair agus daoine nach raibh chomh tacúil céanna. An grúpa is mó a d'fhreagair an ceistneoir ná daoine pósta idir 30 – 50 bliain d'aois a bhfuil cónaí orthu i gCluain Dolcáin agus a bhfuil clann orthu. Tá meascán réasúnta cothrom idir fir agus mná ina measc. Tugann sé seo léargas ar leith ar iompar agus ar dhearcadh na bhfreagróirí agus níos tábhachtaí fós tugann sé léargas ar an nGaeilge i suíomh theaghlach na bhfreagróirí freisin.
Tá sé le sonrú go bhfuil na freagróirí, nach mór d'aon ghuth, dearfach faoin nGaeilge. D'fhéadfaí a bheith ag súil leis seo méid áirithe ó chuir na freagróirí seo an dua orthu féin an ceistneoir a fhreagairt sa chéad áit. Is ábhar suntais é áfach a dhearfaí is a bhí na freagróirí i

leith na teanga fiú mura raibh spéis ná cumas acu féin inti. Bhí cumas Gaeilge ag formhór mór na bhfreagróirí os cionn 30 bliana ach gur láidre an cumas tuisceana ná úsáide. Deir roinnt bheag freagróirí go bhfuil an cumas acu imithe in léig le himeacht ama ach deir cuid eile go bhfuil siad ag obair go leanúnach ar fheabhas a chur ar a gcuid Gaeilge. Luaigh beagnach aon trian de na freagróirí go bhfuil siad líofa nó beagnach líofa agus go bhfuil ardchaighdeán tuisceana acu. Aithníonn os cionn dhá thrian de na freagróirí go bhfuil an Ghaeilge in úsáid taobh lasmuigh den teach agus is leis an *scoil* is mó a shamhlaítear í. Ní féidir a áireamh cén líon de na freagróirí féin a úsáideann an Ghaeilge taobh amuigh den teach ach léirigh formhór mór na bhfreagróirí go bhfuil siad i bhfabhar láithreacht níos mó a thabhairt don Ghaeilge sa phobal. Thuairiscigh 15% de na freagróirí (183) go mbíonn an Ghaeilge acu sa bhaile[2]. Roghnaigh 8.5% (104) *Gaeilge* agus *Béarla* agus roghnaigh 6.5% (79) *Gaeilge* amháin. As na 104 freagróir a roghnaigh *Gaeilge* agus *Béarla* araon is léir gurb é úsáid an Bhéarla atá i dtreis in 14 cás.

An t-ábhar suntais is mó atá le baint ó thorthaí an cheistneora ná a lárnaí is atá na scoileanna i gcur chun cinn na Gaeilge i measc tuismitheoirí na bpáistí atá ag freastal ar na Gaelscoileanna. Tá sé le léamh ó na torthaí go n-imríonn sé seo tionchar ar iompar teanga na dtuismitheoirí agus ar an dinimic teanga sa teach araon. Bhí roinnt freagróirí a luaigh go ndéantar iarracht Gaeilge a labhairt leis na páistí agus iad á gcur chun na scoile agus á mbailiú, nó nuair a bhíonn an obair bhaile á déanamh trí Ghaeilge. I measc na gcúiseanna a luadh leis seo ná: go n-ullmhódh sé na páistí don lá scoile a bhí rompu; go mbeifí in ann beannú don mhúinteoir i nGaeilge; chun dearcadh fabhrach a chothú sa pháiste i leith na teanga, agus, chun deis cleachtaidh a thabhairt don tuismitheoir.

Ar an iomlán, léiríonn torthaí an cheistneora go bhfuil an cumas i measc na bhfreagróirí níos mó Gaeilge a úsáid ina saol agus go bhfuil an toil ina measc chun é sin a dhéanamh chomh maith. Na seirbhísí i nGaeilge is mó a léiríodh spéis iontu ná seirbhísí tráchtála fáilteachais / bia agus dí dála siopa caife, teacht tábhairne agus bialann agus bhí éileamh réasúnta cothrom ar sheirbhísí stáit agus tráchtála eile dála seirbhísí bainc agus na Comhairle Contae. Léiríodh spéis freisin i ranganna Gaeilge dírithe ar thuismitheoirí a bhfuil páistí leo ar Ghaelscoil. Pléitear torthaí an cheistneora go mion in Aguisín 5.

## Na Grúpaí fócais

Reáchtáladh trí ghrúpa fócais bunaithe ar na próifílí a measadh a bheith tábhachtach ag eascairt ón gceistneoir comónta, agus, atá aitheanta mar spriocghrúpaí ag Muintir Chrónáin. Reáchtáladh grúpaí fócais in dhá mheánscoil ceann amháin san iarbhunscoil lán-Ghaeilge agus ceann eile i gceann de na meánscoileanna eile sa cheantar. Chomh maith leis sin reáchtáladh grúpa fócais le daoine os cionn 18 bliana d'aois a léirigh spéis sa tionscadal. Is i nGaeilge a bhí

[2] Ní féidir baint de thátal as seo go bhfuil *Gaeilge* nó *Gaeilge agus Béarla* á labhairt i 183 teaghlach i measc na bhfreagróirí. D'fhéadfadh mbeadh níos mó ná freagróir amháin as an teaghlach céanna.

an grúpa fócais sa mheánscoil lán-Ghaeilge agus is go dátheangach a bhí na cinn eile. Tugtar cur síos ar thorthaí na ngrúpaí fócais anseo thíos.

## Na grúpaí fócais leis na daltaí scoile

Bhí idirdhealú le feiceáil idir dearcadh na ndaltaí sa Ghaelscoil agus dearcadh na ndaltaí sa mheánscoil Bhéarla cé go raibh cosúlachtaí go leor idir an dá ghrúpa. I measc na gcosúlachtaí idir an dá ghrúpa bhí:

- dearcadh fabhrach i leith na Gaeilge ar an iomlán.
- tuiscint ar na buntáistí (pearsanta, cultúrtha agus eacnamaíochta / fostaíochta) a bhaineann le Gaeilge a bheith agat.
- fonn ar leith páirt a ghlacadh in imeachtaí sa cheantar a bheadh á reáchtáil trí Ghaeilge – bídís ceangailte leis an scoil nó ná bíodh.
- toilteanas agus fonn orthu úsáid a bhaint as an nGaeilge taobh amuigh den scoil i gcomhthéacsanna áirithe agus faoi chúinsí áirithe.
- tuiscint mhaith ar chúinsí sochtheangeolaíochta na teanga: cá bhfuil sí á labhairt, cúiseanna lena himeacht i léig, cineál na gcainteoirí comhaimseartha Gaeilge.

Bhí difríochtaí le brath i measc na ngrúpaí freisin. Léirigh rannpháirtithe na Gaelscoile:

- go raibh cúpla focal Gaeilge ag cuid mhaith acu sular thosaigh siad ar an naíonra.
- gur úsáid a dtuismitheoirí / a gcuid a siblíní a bhí ar an nGaelscoil roinnt Gaeilge leo sa bhaile ó bhí siad an-óg.
- go n-úsáideann siad Gaeilge lena lucht aitheantais (cairde nó comhscoláirí eile) fíor-chorruair go sóisialta taobh amuigh den scoile ach cúinsí áirithe a bheith i bhfeidhm mar shampla:
    - má tá siad ar an gcompord sa chomhluadar
    - níl aon duine sa chomhluadar nach bhfuil Gaeilge aige / aici
    - má tá cúrsaí scoile á bplé (obair bhaile, cúrsaí sóisialta, aithris nó spochadh as múinteoirí)
- go bhféadfadh imní a bheith orthu dá gcloisfí ag labhairt i nGaeilge iad ar fhaitíos go gceapfaí go raibh éirí in airde orthu.
- go mbeadh drogall orthu an chéad chéim a thógáil agus comhrá a thosú i nGaeilge mar nach mbeadh a fhios acu cén fháilte a chuirfí roimpi.
- go bhfeidhmíonn éide scoile na Gaelscoile mar chomhartha lasmuigh den scoil a léiríonn go bhfuil Gaeilge ag an duine. Tharla sé, i gcás roinnt rannpháirtithe, gur thosaigh duine ag caint leo i nGaeilge, agus, tá siopa amháin ar an mbaile ina n-úsáidtear Gaeilge le haon duine a chaitheann éide scoile na Gaelscoile.
- nach mbíonn mórán gnóthaí le déanamh acu leis na seirbhísí stáit nó seirbhísí na Comhairle Contae faoi láthair (mar gheall ar a n-aois) ach ba mhaith leo go mbeadh rogha ann a gcuid gnóthaí a dhéanamh trí Ghaeilge nuair is mian leo.

- go dtarlaíonn go mbíonn Gaeilge in úsáid fíor-chorruair ag traenálaithe / éascaitheoirí sna gníomhaíochtaí a nglacann na rannpháirtithe páirt iontu taobh amuigh den scoil.
- go mbeidís sásta Gaeilge a úsáid i siopaí nó i ngnólachtaí an cheantair ach iad a bheith cinnte go mbeadh Gaeilge ag an duine eile agus go bhfáilteofaí roimh Ghaeilge san ionad sin.

Léirigh na rannpháirtithe sa mheánscoil inarb í an Béarla an meán teagaisc:

- den chuid is mó, nach raibh Gaeilge acu ná nár chuala siad Gaeilge go dtí go raibh siad ag freastal ar an mbunscoil nó an réamhscoil.
- go n-aithníonn siad go bhfuil Gaeilge le feiceáil agus le cloisteáil timpeall ar Chluain Dolcáin ach nach bhfuil mórán de bhaint aige leosan.
- den chuid is mó, gur beag seans a bheadh ann go mbeidís ag caint i nGaeilge taobh amuigh den seomra ranga
- nach mbeadh fonn orthu tús a chur le comhrá i nGaeilge agus iad i mbun a ngnóthaí i siopaí nó le seirbhísí stáit / na Comhairle Contae ar na cúiseanna seo:
    - airíonn siad nach bhfuil an cumas acu féin an gnó a dhéanamh.
    - baineann brú le hidirbheartaíocht den chineál sin agus chuirfeadh labhairt an dara teanga go mór leis an mbrú sin.
    - ní dóigh leo go mbeadh Gaeilge ag té a bheadh ag freastal orthu.
    - go gceapfaí gurbh ait aduain an rud é dá mbeadh daoine ag caint Gaeilge taobh amuigh den chóras oideachais
- nach mbeadh spéis acu freastal ar imeacht sóisialta faoin nGaeilge ach go spéis acu freastal ar imeacht sóisialta a bheadh á reáchtáil trí Ghaeilge dá mbeadh spéis acu in ábhar an imeachta .i. ceol nó spórt mar shampla.

## An grúpa fócais leis an bpobal

Reáchtáladh grúpa fócais le daoine a léirigh spéis sa tionscadal freisin. Seo thíos na torthaí is suntasaí a bhí ag eascairt as an ócáid sin.

Luaigh na rannpháirtithe go bhfuil spéis acu i bplean teanga do Chluain Dolcáin ar réimse leathan cúiseanna lena n-áirítear:

- go bhfáilteofaí go mór roimh níos mó deiseanna an teanga a úsáid go poiblí
- go gcuideodh sé leis an bpobal an teanga náisiúnta a fhoghlaim
- go mbeadh an bealach á éascú d'óige an cheantair / an chéad ghlúin eile níos mó Gaeilge a úsáid
- gur bhraith rannpháirtithe a bhí tar éis a bheith ag freastal ar an mbunscoil agus ar an meánscoil nach bhfuil deiseanna ann dóibh an teanga a úsáid chomh minic agus ba mhaith leo

Ba léir gur tríd an gcóras oideachais a chuala roinnt de na rannpháirtithe caint ar an nGaeilge ar dtús ach luaigh daoine eile gur chuir siad spéis sa Ghaeilge toisc gur chuala siad daoine á labhairt timpeall ar an mbaile rud a léiríonn athuair an láithreacht atá ag an nGaeilge i gCluain Dolcáin cheana féin.

Úsáideann cuid mhaith de na rannpháirtithe Gaeilge sa bhaile agus lena gcuid páistí ach ní Gaeilge teanga an tí í cé is moite de roinnt bheag cásanna. Tháinig difear chun solais idir Gaeilge a bheith á labhairt sa bhaile agus Gaeilge a bheith á chloisteáil sa teach - is é sin le rá rud sách coitianta é TG4 nó raidió na Gaeltachta a bheith ar siúl i gcuid de na tithe.

Is minic go n-úsáideann na rannpháirtithe an Ghaeilge amuigh sa phobal i.e. taobh amuigh den chóras oideachais. Ní comhrá iomlán a bhíonn i gceist i roinnt mhaith cásanna ach beannú agus mionchomhrá simplí. Mar shampla, cuireadh ceist ar na rannpháirtithe 'cén uair dheireanach a labhair tú i nGaeilge go poiblí?' agus is é an freagra a bhí ag a bhformhór mór acu ná 'inniu'. Tarlaíonn sé go minic go mbuaileann rannpháirtithe le daoine a bhfuil Gaeilge acu ach ní hí an Ghaeilge an teanga a úsáideann siad. I measc na gcúiseanna a luadh leis seo bhí:

- easpa muiníne go bhfáilteofaí roimh chomhrá i nGaeilge
- daoine gan Ghaeilge a bheith sa chomhluadar

Is minic gur úsáid na rannpháirtithe Gaeilge sna siopaí agus ionaid seirbhísí sa cheantar, ar leibhéal bunúsach, agus taithí dhearfach a bhí ann i ngach aon chás. Léirigh na rannpháirtithe d'aon ghuth nach mór gur mhaith leo a bheith in ann an Ghaeilge a úsáid leis na seirbhís pobail. Bhí cuid de na rannpháirtithe an-láidir faoi seo agus dearbhaíodh nár chóir a ligean i ndearmad go bhfuil sé de cheart acu mar shaoránaigh Gaeilge a úsáid le seirbhísí an stáit, agus, mura bhfuil na seirbhísí Gaeilge sin á gcur ar fáil tá a gcuid ceart teanga á sárú. D'aithin rannpháirtithe eile nach bhféadfaí a bheith ag súil leis go bhféadfaidís a gcuid gnóthaí ar fad a dhéanamh trí mheán na Gaeilge agus go mbaineann castachtaí téarmaíochta agus smaointeoireachta le cuid den ghnó a bheadh le déanamh acu. Aontaíodh d'aon ghuth go mbeadh an-fhonn orthu seirbhísí stáit agus na Comhairle Contae a úsáid trí Ghaeilge dá mbeadh a fhios acu go bhfáilteofaí roimhe sin.

Bhraith na rannpháirtithe gur gné lárnach de phlean teanga a bheadh ann cur le láithreacht na Gaeilge ar an mbaile. Luadh comharthaíocht sna siopaí go sonrach agus measadh go gcuirfeadh feiceálacht na Gaeilge le húsáid na Gaeilge – go léireodh comharthaíocht trí Ghaeilge go bhfáiltítear roimh Ghaeilge sa i siopa mar shampla. Tháinig sé chun solais freisin go mbíonn beagáinín Gaeilge á úsáid sna háiteanna a mbíonn a gcuid páistí ag glacadh páirte in imeachtaí taobh amuigh den scoil. D'aithin na rannpháirtithe go bhfuil freagracht áirithe orthusan agus ar an bpobal i gcoitinne páirt a ghlacadh in imeachtaí agus a bheith forghníomhach agus a mianta teanga a léiriú.

Seo a leanas na tosaíochtaí a bhí ag eascairt as an ngrúpa fócais le daoine os cionn 18 bliana d'aois:

- go ndíreofaí ar an aos óg agus normalú a dhéanamh ar úsáid na Gaeilge taobh amuigh den chóras oideachais trí club obair bhaile; imeachtaí ceoil agus spóirt agus imeachtaí sóisialta eile a chur ar siúl trí mheán na Gaeilge.
- go ndéanfaí normalú ar chomhrá simplí bunúsach a dhéanamh trí Ghaeilge sna siopaí, tithe tábhairne agus caiféanna.
- go gcuirfí fáilte fhollasach roimh úsáid na Gaeilge in eagraíochtaí stáit agus na Comhairle Contae.

### Torthaí an taighde reatha i gcomhthéasc sonraí daonáirimh

Tá an t-eolas seo a leanas bunaithe ar na sonraí atá le fáil ar an Amharcóir Pleanála Teanga a chuimsíonn sonraí Daonáirimh ó 2011 agus ó 2016, tá na sonraí ábhartha le fáil in Aguisín 2. Is léir go bhfuil an fás ar úsáid na Gaeilge ag teacht a bheag nó a mhór leis bhfás a tháinig ar an daonra trí chéile. Tugann an taighde a rinneadh mar chuid den phlean seo léargas ar na dinimicí sóisialta atá taobh thiar den ardú ar líon na gcainteoirí Gaeilge i gCluain Dolcáin thar am.

Mar shampla, de réir thorthaí Dhaonáireamh 2011 bhí cumas labhartha Gaeilge ag c.30% den daonra i nDaonáireamh 2016 gur tháinig fás c.5% ar dhaonra iomlán Chluain Dolcáin agus dá réir sin tháinig fás 1.2% (72 duine) ar líon na ndaoine a bhfuil cumas labhartha Gaeilge acu. Sa bhreis air sin tháinig fás dá réir faoi gach catagóir nach mór idir chatagóirí cumais agus chatagóirí mhinicíochta. Bhí ísliú beag ann áfach sna catagóirí seo a leanas:

- [Daoine a] Labhraíonn Gaeilge go laethúil taobh istigh agus anois is arís taobh amuigh den chóras oideachais (ó 39 go dtí 34 duine)
- Daoine a labhraíonn Gaeilge go laethúil taobh istigh agus anois is arís taobh amuigh den chóras oideachais mar chéatadán den daonra 3 bliana d'aois agus os a chionn. (ó 0.2% go dtí 0.17%)
- Daoine a labhraíonn Gaeilge go seachtainiúil lasmuigh den chóras oideachais amháin mar chéatadán den daonra 3 bliana d'aois agus os a chionn (ó 2.29% go dtí 2.16%)

Bhí borradh ar leith faoin ráta fáis a bhí ar líon na ndaoine a labhraíonn Gaeilge go laethúil taobh amuigh den chóras oideachais. Ardú ó 307 go 425 a bhí i gceist – ráta fáis 38.5% thar 5 bliana.

## Anailís

Déanfar thíos anailís ar thorthaí an taighde reatha i gcomhthéacs na réimsí a bhfuil sé i gceist an Ghaeilge a chur chun cinn iontu mar atá luaite ar lgh. 35-36. Is léir ó thorthaí an taighde seo go bhfuil cúinsí fabhracha ann a éascóidh feidhmiú an phlean teanga freisin. Tugann na treochtaí daonra le fios go bhfuil fás ag teacht ar líon na gcainteoirí Gaeilge faoi gach catagóir, nach mór. Is é mian formhór mór na ndaoine a ghlac páirt sa taighde é go gcuirfí leis an

nGaeilge i gCluain Dolcáin agus is léir go bhfuil sciar suntasach de na rannpháirtithe a úsáideann Gaeilge go rialta. Tá sé rífhollasach sna torthaí go bhfuil Gaelscoileanna agus Áras Chrónáin ag feidhmiú mar dhlúthchuid den bhonneagar a chuireann le húsáid na Gaeilge i gCluain Dolcáin. Tá sé i gceist go mbeidh na bearta sa phlean seo in ann teacht i dtír ar na cúinsí seo. Pléitear thíos na deiseanna a tháinig chun cinn le linn an taighde faoi na réimsí forbartha atá aontaithe don phlean teanga.

**An Teanga i measc an Phobail:**
Tugtar le fios i dtorthaí an cheistneora go bhfuil éileamh seasta ar ranganna Gaeilge agus go bhféadfaí sainranganna a chur ar fáil do ghrúpaí ar leith lena n-áirítear tuismitheoirí agus daoine atá ag iarraidh athnuachan a dhéanamh ar an nGaeilge atá acu. Léirítear i dtorthaí an cheistneora go bhfuil an Ghaeilge in úsáid, dá laghad é, ag eagraíochtaí eile freisin – cumann spóirt, agus siopaí áirithe. Tá sé le brath ón taighde go leagtar tábhacht ar leith feiceálacht na Gaeilge sa cheantar.

**Teaghlaigh Ghaelacha**
Tá deis mhór ann teacht i dtír ar líon teaghlach a úsáideann an Ghaeilge sa bhaile ag gach leibhéal cumais. Tháinig sé go mór chun solais i dtorthaí an cheistneora go bhfuil na freagróirí ag iarraidh níos mó Gaeilge a úsáid lena gcuid páistí agus tá an bonneagar ann chun tacú leis sin. Féachfar leis go gcuirfear leis na háiseanna atá ar fáil do theaghlaigh Ghaelacha le cabhrú saol trí Ghaeilge a chur ar fáil dá gcuid páistí.

**Gaeilge san ionad gnó**
Léiríodh sna grúpaí fócais go bhfuil toilteanas ann an Ghaeilge a úsáid i ngnóthaí áitiúla faoi chúinsí áirithe, mar a pléadh thuas. Ní hamháin sin ach léiríodh go raibh taithí an-dearfach ag na rannpháirtithe ar an nGaeilge a úsáid sna gnólachtaí áitiúla. Féachfar leis mar chuid de bhearta an phlean seo tacú leis na dea-chleachtais atá tar éis teacht chun cinn i measc an phobail go nádúrtha agus féachaint leis an múnla sin a chur i bhfeidhm ar bhonn níos leithne más cuí.

**Oideachas trí Mheán na Gaeilge ar fáil**
Tá ról lárnach ag an oideachas trí mheán na Gaeilge sa phlean seo, go díreach agus go hindíreach. Tugann an t-eolas ó na grúpaí fócais le fios nach iad na tuismitheoirí amháin a chuireann an Ghaeilge ar a súile do pháistí sa teach ach go bhféadfadh sé gurb iad na siblíní atá ag freastal ar na Gaelscoileanna a dhéanann sin. Tá tionchar níos leithne ag na Gaelscoileanna ná an t-oideachas foirmiúil amháin. Déanann siad na daltaí a chumasú agus déanann siad normalú, go pointe, ar úsáid na Gaeilge. Féachfar leis sa phlean seo tacú le hobair na nGaelscoileanna agus deiseanna a chur ar fáil do na daltaí reatha agus do na hiardhaltaí a gcuid Gaeilge a úsáid.

**Seirbhísí Poiblí**
Luadh go sonrach i gceann de na grúpaí fócais gur ceart é atá ag dul do gach saoránach seirbhís trí Ghaeilge a fháil i seirbhísí poiblí. Léiríodh freisin go bhfuil an t-éileamh a bheadh

ar sheirbhísí poiblí ag brath ar chumas an chainteora agus thuig go leor de na rannpháirtithe nach bhféadfaí a bheith ag súil leis go mbeidh na seirbhísí sin i gcónaí ar fáil. Féachfar leis mar chuid den phlean éascú a dhéanamh ar na coinníollacha a thacóidh leis an idirghníomhú trí Ghaeilge.

**Na Meáin Chumarsáide**

Níor tháinig na meáin chumarsáide go mór chun cinn *per se* i dtorthaí an taighde ach tá ról lárnach ag na meáin i ngnéithe go leor eile sa phlean mar shampla láithreacht na teanga, normalú, cumasú, agus ardú feasachta.

**ArdStádas ag an teanga i measc an phobail**

Is léir ón taighde go bhfuil dearcadh dearfach i leith an dátheangachais cheana féin agus is pointe maith tosaigh é sin don phlean. Féachfar leis go dtógfar ar dhea-thoil an phobail agus gcuirfear dlús leis an normalú agus ardú stádais atá le brath i measc an aosa óig.

# Bearta an Phlean Teanga

## Réamhrá - Feidhmiú an Phlean Teanga

Is plean teanga é seo don sprioc-cheantar agus ní d'aon eagraíocht ar leith. Gné lárnach den phlean teanga ná an chomhpháirtíocht. Tuigtear go bhfuil daoine deonacha agus daoine fostaithe ag eagrais dhifriúla sa cheantar a bheas ag tabhairt tacaíocht do fheidhmiú agus cur i gcrích an phlean teanga. Tá Oifigeach Forbartha fostaithe ar bhonn 4 lá ag eagraíocht sa cheantar faoin Scéim Phobail Gaeilge. Tá an duine sin ann chun plean oibre na heagraíochta a bhainistiú agus a cur i bhfeidhm agus ar an scéim reatha seo tá ualach mór oibre agus dúshlán an-mhór roimh na heagraíochtaí cheana a bplean oibre féin a cur i gcrích. Tá daoine eile fostaithe go lánaimseartha agus go páirtaimseartha ag páirtithe leasmhara eile sa cheantar, msh: CLG, Comhairle Áitiúil, Cumann Tráchtála, Oideachas, Cumann Óige,srl a bheas lárnach do chur i bhfeidhm rathúil an Phlean Teanga. Ní féidir leis na daoine seo cúram an phlean teanga a ghlacadh orthu féin fo haonarach nó le chéile.

Tá sé fíorthábhachtach go dtuigfear ón gcéad lá nach féidir an Phlean Teanga seo feidhmiú gan na hacmhainní cuí a bheith in áit agus ar fáil. Tá géarghá le Comhordaitheoir Pleanála Teanga lánaimseartha a bheith in áit chun an Plean, an comhoibriú, an chomhpháirtíocht agus an cur i gcrích a bhainistiú. Tá feidhmiú rathúil an Plean Teanga seo bunaithe ar na páirtithe leasmhara cuí ata ainmnithe ann comhoibriú le chéile agus a gcuid taithí agus a líonra féin a fhorbairt le cuidiú leis an Comhordaitheoir Pleanála Teanga an plean a chur i gcrích. Má bhíonn gearradh siar ar aon de na hacmhainní atá in áit cheana, tá sé cinnte ón staidéar atá déanta ag an gceanneagraíocht go gcuirfear feidhm an Phlean Teanga i mbaol go hiomlán.

## Bearta Dírithe ar na MórAidhmeanna

## Clár

**BEART 1.2.1 AN FORAS PLEANÁLA TEANGA, AN COISTE STIÚRTHA AGUS AN FÓRAM TACAÍOCHTA** 52

**A. AN CÓRAS OIDEACHAIS, LENA N-ÁIRÍTEAR SEIRBHÍSÍ LUATHOIDEACHAIS:**

Beart A.1 Seachtain na Gaeilge 55

Beart A.2: Clár Raidió 56

Beart A.3: Cumann Gaelach sna Scoileanna 57

Beart A.4 : Scéim Ambasadóirí Teanga 58

Beart A.5: Cúntóirí Riachtanais Speisialta Teanga 59

**B SEIRBHÍS CÚRAM LEANAÍ, RÉAMHSCOLAÍOCHTA AGUS TACAÍOCHTA TEAGHLAIGH, LENA N-ÁIRÍTEAR SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA TEANGA:**

Beart B.1 : Campus Réamhscoil Gaeilge 61

Beart B.2: Acmhainní Tacaíochta do Thuismitheoirí 62

Beart B.3 : Grúpa Tuistí is Páistí 63

Beart B.4: Aoireacht do pháistí tar éis scoile 64

Beart B.5: Ranganna Gaeilge do Thuismitheoirí 65

**C SEIRBHÍS DON AOS ÓG:**.

Beart C.1: Ógras / Club óige 66

Beart C.2: Comórtas Tráth na gCeist 67

Beart C.3: Rince Seite 68

Beart C.4: Club Obair Bhaile 69

Beart C.5: Ranganna/Seisiún Snámha trí Ghaeilge 69

Beart C.6: Brídíní/Gásóga trí Ghaeilge 70

Beart C.7: Comórtas Teanga agus Ceoil 71

Beart C.7: Balla Graifítí 72

Beart C.8: Campa Samhraidh 73

Beart C.9: Scéim Seoltóireachta Traidisiúnta (Bád Mór) 74

**D DEISEANNA FOGHLAMA LASMUIGH DEN CHÓRAS OIDEACHAIS:**

Beart D.1: Oícheanta amhránaíochta agus filíochta 75

Beart D.2: Imeachtaí sóisialta **75**

**E AN EARNÁIL GHNÓ:**

Beart E.1: Bialann, Caife, Teach Tábhairne 77

Beart E.2 : Comharthaí 77

**F EAGRAÍOCHTAÍ POBAIL:**

Beart F.1: Cumann Lúthchleas Gael 79

Beart F.2: Cumainn Spóirt 79

Beart F.3: Grúpaí Pobail Áitiúil 80

Beart F.4: Eaglais 81

Beart F.5 Gníomhaíochtaí Lucht Scoir 82

**G NA MEÁIN CHUMARSÁIDE:**

Beart G.1: Iris Mhíosúil 83

**H SEIRBHÍS POIBLÍ:**

Beart H.1 Seirbhísí na Comhairle Áitiúla agus Seirbhísí Stáit Eile 84

**I PLEANÁIL AGUS FORBAIRT FHISICIÚIL:**

Beart I.1: Forbairt ar shuíomh Áras Chrónáin 86

**J ÚSÁID NA GAEILGE I MEASC AN PHOBAIL, DEARCADH AN PHOBAIL INA LEITH AGUS A MHÉID A THACAÍONN AN POBAL I GCOITINNE LEIS AN BPLEAN TEANGA:**

Beart J.1: Oícheanta Eolais agus Feasachta 88

Beart J.2: Feachtas 'Gaeilge le Chéile' 89

Beart J.3: Íoga trí Ghaeilge 89

Beart J.4: Compántas drámaíochta 90

## BEART 1.2.1 AN FORAS PLEANÁLA TEANGA, AN COISTE STIÚRTHA AN FÓRAM TACAÍOCHTA AGUS COMHCHOISTE NÁISIÚNTA NA LÍONRAÍ

Teastaíonn bearta faoi leith le bonn struchtúrtha a thabhairt do chur i bhfeidhm an Phlean Teanga. Baineann Beart 1.2.1 le struchtúr a bhunú a chinnteoidh go gcuirfear an Plean Teanga i bhfeidhm go córasach agus go héifeachtach.

| **Réimsí:** | A-K | **Critéir pleanála teanga:** | 1,15 |
|---|---|---|---|
| **Eolas breise:** | Meastar go dteastaíonn struchtúr leis an bPlean Teanga a chur i bhfeidhm go héifeachtach le tacaíocht an phobail: Comhordaitheoir Pleanála Teanga (CPT) Coiste Stiúrtha Pleanáil Teanga (CSPT) agus Fóram Tacaíochta (Dáil Chrónáin - DC).<br><br>Foireann lánaimseartha a bheidh i gceist leis an gComhordaitheoir Pleanála Teanga (CPT) agus beidh siadsan freagrach as cur i bhfeidhm an Phlean Teanga agus as monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar fheidhmiú an Phlean Teanga. Beidh an CPT fostaithe ag an gCeanneagraíocht agus feidhmeoidh siad faoi stiúir CSPT agus le tacaíocht ón bhFóram Tacaíochta. Beidh saoirse ag an CPT tionscadail eile a fhorbairt nach sonraítear sa Phlean Teanga de réir mar is cuí, ach an tionscadal agus an buiséad a bheith aontaithe roimh ré le CSPT. Beidh an CPT freagrach as bainistíocht láithreacht ar líne freisin (suíomh gréasáin, Facebook, Twitter, srl.).<br><br>Coinneofar CSPT le chéile ar bhonn deonach le feidhmiú mar choiste stiúrtha don CPT. Déanfar athcheapadh ar bhaill CSPT agus/nó baill nua a earcú agus déanfar athshainiú ar na rólanna éagsúla lena gcur in oiriúint don obair. Reáchtálfar cruinniú MPTIT uair sa mhí le tuairisc oibre a fháil ón bhFPT agus le ceisteanna eile a phlé.<br><br>Tabharfar cuireadh do phobal an Líonra agus d'ionadaithe ó spriocghrúpaí faoi leith a bheith páirteach san Fhóram Tacaíochta (DC). Tiocfaidh an Fóram Tacaíochta le chéile uair sa ráithe le tuairisc oibre a fháil ón CPT, le plé a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Phlean Teanga agus le moltaí a thabhairt.<br><br>Cothófar caidreamh oibre idir na Líonraí agus an CPT ionas go mbeifear in ann eolas agus smaointe ábhartha a tháinig chun cinn le linn ullmhú agus scríobh an Phlean Teanga a roinnt agus a phlé. Aontaíonn na Líonraí chomh maith a bheith ar fáil, chomh fada agus is féidir, le tacaíocht agus comhairle a chur ar fáil don CPT agus do CSPT má iarrtar í. Cuirfear na Líonraí sonraí a bhaineann le cuntais éagsúla ar líne (SurveyMonkey, Facebook, Twitter, Gmail) ar fáil don FPT chomh maith le haon eolas ábhartha eile.<br><br>Bunófar an *Comhchoiste Náisiúnta na Líonraí* a bheidh ina bhonn taca le hobair na líonraí le linn shaolré an phlean. Beidh ionadaithe ar an Comhchoiste ó na líonraí Gaeilge ar fad. Déanfar tuairisciú ar an dul chun cinn atá ar siúl leis na pleananna go bliantúil. Beidh deis ag ionadaithe an | | |

| | | |
|---|---|---|
| | Chomhchoiste saineolas agus dea-chleachtais a roinnt agus comhairle a lorg ó na hionadaithe eile. | |
| **Aidhm:** | Struchtúr a bhunú leis an bPlean Teanga a chur i bhfeidhm go héifeachtach le hionchur leanúnach ó phobal an Líonra Gaeilge. Eolas, taithí agus comhairle a roinnt d'fhonn cur le héifeacht bhearta an Phlean Teanga. | |
| **Páirtithe leasmhara:** | An Cheanneagraíocht (príomhúinéir), Pobail Sráidbhaile Chluain Dolcáin, C.C.A.T, Foras na Gaeilge, RCOG (rannpháirtíocht), Comhordaitheoir Pleanála Teanga (CPT) Coiste Stiúrtha Pleanáil Teanga (CSPT) agus Fóram Tacaíochta, Dáil Chrónáin (DC). Comhchoiste Náisiúnta na Líonraí | |
| **Saolré:** | **Socruithe agus ullmhúchán:** | Bliain 1 |
| | **Feidhmiú:** | Bliain 1-7 |
| **Costas measta iomlán:** | €1,884,813 (Tábla 1.1: Costais ar Chur i bhFeidhm an Phlean Teanga) | |
| **Costas measta in aghaidh na bliana:** | €115,050- €367,072 (féach Tábla 1.1: Costais ar Chur i bhFeidhm an Phlean Teanga de réir bliana) | |
| **Foinsí maoinithe:** | An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, Foras na Gaeilge, Ceanneagrais Gaeilge, Comhairle Chontae Átha Cliath Theas, Táillí tráchtála, agus sochar comhchineáil ó páirtithe leasmhara an cheantar) | |
| **Dúshláin fhéideartha agus réitigh:** | Dúshlán: Iarrthóirí feiliúnacha a fhostú don PT.<br><br>Réiteach molta: Sa chás nach féidir teacht ar iarrthóirí leis na cáilíochtaí inmholta, d'fhéadfaí duine a bhfuil taithí ábhartha aige/aici a cheapadh ar an mbonn go dtabharfadh sé/sí faoin gcáilíocht chuí i ndiaidh a gceapacháin. Bheadh an té a fhostófaí in ann comhairle a fháil ó CSPT agus ó na Líonraí.<br><br>Dúshlán: An pobal a spreagadh le bheith páirteach san Fhóram Tacaíochta.<br><br>Réitigh mholta: Ionadaithe don óige a earcú ó PLGSCD mar chuid de Bheart C1-C9, iarraidh ar choistí pobail, ar chumainn spóirt agus eile, ar chomhlachtaí, ar eagraíochtaí, srl., ionadaí a bheith acu ar an bhFóram. | |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:** | Beidh éifeacht an bhirt seo le feiceáil ar éifeacht bhearta uile an Phlean Teanga. Cuirfidh an CPT tuairisc ar chur i bhfeidhm an Phlean Teanga ar fáil do Coiste Stiúrtha Pleanáil Teanga (CSPT) uair sa mhí. Beidh an Roinn ag déanamh athbhreithniú ar an dul chun cinn I mbliain 3 agus 6 den chur I bhfeidhm | |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:** | Tuairisc mhíosúil an CPT. Miontuairiscí ar fáil do chruinnithe an CSPT. | |

## A. AN CÓRAS OIDEACHAIS, LENA N-ÁIRÍTEAR SEIRBHÍSÍ LUATHOIDEACHAIS:

### Beart A.1 Seachtain na Gaeilge

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Réimsí:** | **A**, J | **Critéir pleanála teanga:** | 6,8,10,15 |
| **Eolas breise:** | Bunófar coiste Sheachtain na Gaeilge (SNAG) ar a mbeidh ionadaithe ó scoileanna sa cheantar maille le comhairleoir seachtrach - ionadaí ó Chonradh na Gaeilge, mar shampla. Reáchtálfar cruinnithe bliantúla de Choiste Sheachtain na Gaeilge chun moltaí a fháil maidir leis an dóigh ab fhearr forbairt ar dhéanamh ar SNAG sna scoileanna. I measc na nithe a ndíreofar orthu ag an gcruinniú sin tá:<br>• céard iad na cleachtais reatha faoi SNAG ,<br>• conas comhtháthú a dhéanamh idir imeachtaí SNAG sna scoileanna éagsúla,<br>• moladh a dhéanamh maidir le buaic-ócáid amháin forbartha i gCluain Dolcáin mar chuid de SNAG a mbeadh na scoileanna ar fad páirteach ann,<br>• moltaí a fháil maidir leis an tacaíocht a d'fhéadfadh Dáil Chrónáin a chur ar fáil dóibh mar chuid de SNAG,<br>• scála ama agus foinsí maoinithe a aontú maidir cur i bhfeidhm na nithe thuasluaite.<br>Féachfar leis go dtógfar ar phleananna SNAG i gCluain Dolcáin le linn shaolré an Phlean Teanga. | | |
| **Aidhm:** | Nósanna dea-chleachtais a bhailiú ó scoileanna an cheantair. Cur leis an rannpháirtíocht na scoileanna in SNAG agus cur le feiceálacht SNAG sa cheantar. Caidreamh trí Ghaeilge a fhorbairt i measc daltaí scoile an cheantair. Dlús a chur faoi imeachtaí SNAG sna cheantar agus pleananna forbartha fadtéarmacha maidir léi. | | |
| **Páirtithe leasmhara:** | Muintir Chrónáin, Scoileanna i gCluain Dolcáin agus sa cheantar máguaird, Comhairle Chontae Bhaile Átha Cliath Theas, Conradh na Gaeilge, Leabharlanna. | | |
| **Saolré:** | **Socruithe agus ullmhúchán:** | Bliain 1 | |
| | **Feidhmiú:** | Bliain 1-7 | |
| **Costas measta iomlán:** | €49,000 | | |
| **Costas measta in aghaidh na bliana:** | Clár leathan d'imeachtaí, Fógraíocht, costais cló) - €7,000 | | |

| | |
|---|---|
| **Foinsí maoinithe:** | Comhairle Chontae Bhaile Átha Cliath Theas, Conradh na Gaeilge, Áras Chrónáin, sochar comhchineáil |
| **Dúshláin fhéideartha agus réitigh:** | **Dúshlán:** Rannpháirtíocht na scoileanna agus mais chriticiúil daltaí a chinntiú.<br><br>**Réiteach:** Iarrfar ar na hAmbasadóirí Teanga ceannas a ghlacadh mar ionadaithe ar Choiste SNAG.<br><br>**Dúshlán:** Maoiniú leordhóthanach a aimsiú don togra.<br><br>**Réiteach:** Déanfar iarracht teacht ar shruth nó ar scéim mhaoinithe don bheart. |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:** | Déanfar monatóireacht ar líon na ndaoine atá rannpháirteach sna himeachtaí sin chomh maith lena n-iompar teanga. Mar chuid den tuairisciú a dhéanfar chuig coiste SNAG pléifear moltaí faoi conas líon na n-imeachtaí, na rannpháirtithe agus a n-iompar teanga a fheabhsú. |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:** | Toghfar Cathaoirleach ar choiste SNAG agus iarrfar air / uirthi tuairisc a réiteach tar éis SNAG a bheidh le cur faoi bhráid Dáil Chrónáin agus an CCPT. Coinneofar taifead ar líon na n-imeachtaí atá á reáchtáil agus féachfar le leanúnachas a chinntiú ó bhliain go bliain. |

## Beart A.2: Clár Raidió

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Réimsí:** | **A**, C,E,G, J | **Critéir pleanála teanga:** | 3,6,8,9,12,15 |
| **Eolas breise:** | Déanfaidh daltaí meánscoile clár / mír raidió a thaifeadadh i stiúideonna Áras Chrónáin go seachtainiúil / go tráthrialta. Déanfar ceardlanna nó sraith ceardlann a thairiscint do scoileanna a bheadh feiliúnach ar chlár na hidirbhliana. Is é a bheidh sa cheardlann / sna ceardlanna ná (i) conas clár raidió a chur le chéile (ii) scileanna teicniúla agus taifeadta.<br><br>Bainfear leas as saineolas agus taithí foireann Mhuintir Chrónáin sa réimse seo agus dearfar ábhar na gceardlann i gcomhar le Raidió na Life nó ar shaineolaithe meáin eile. Féachfar leis go mbeadh an t-ábhar a chuifí ar fáil ar chaighdeán sách ard lena chraoladh ar Raidió na Life.<br><br>Reáchtálfar ceardlanna píolótacha i gcaitheamh an chéad dá bhliain den phlean. Faoi dheireadh na tréimhse sin tá sé i gceist go mbeidh forbairt déanta ar ábhar na gceardlann so dóigh is go bhféadfaí pacáiste maith a thairiscint do na scoileanna, agus, go mbeadh taithí ag na scoileanna ar an ábhar. | | |
| **Aidhm:** | Inneachar meáin áitiúil a chur ar fáil trí Ghaeilge. Cur le húsáid na Gaeilge i measc na ndaoine óga lena n-áirítear téarmaíocht theicniúil na craoltóireachta agus an taifeadta, agus scileanna inaistrithe cumarsáide. Cur le láithreacht Chluain Dolcáin ar Raidió na Life. Daltaí óga a mhealladh i dtreo na meán cumarsáide trí Ghaeilge mar ghairm. | | |
| **Páirtithe leasmhara:** | Muintir Chrónáin, Scoileanna, Raidió na Life | | |
| **Saolré:** | **Socruithe agus ullmhúchán:** | Bliain 2 | |

| | | |
|---|---|---|
| | **Feidhmiú:** | Bliain 3-7 |
| **Costas measta iomlán:** | Costais clúdaithe faoi bheart 1.2.1 | |
| **Costas measta in aghaidh na bliana:** | Costais clúdaithe faoi bheart 1.2.1 | |
| **Foinsí maoinithe:** | Raidió na Life, Foras na Gaeilge, Conradh na Gaeilge, Áras Chrónáin, sochar comhchineáil | |
| **Dúshláin fhéideartha agus réitigh:** | **Dúshlán:** Ábhar na gceardlann a fhorbairt i gcomhar le saineolaí. Duine / daoine feiliúnacha a bheith ar fáil chun an ceardlanna a reáchtáil.<br><br>**Réiteach:** Comhairle a lorg ó eagraíochtaí dála Raidió na Life nó comhpháirtíocht a fhorbairt le saineolaithe meáin in Fiontar agus Scoil na Gaeilge DCU. | |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:** | Iarrfar ar na daltaí a ghlacann páirt sna ceardlanna píolótacha ceistneoir a líonadh agus páirt a ghlacadh i ngrúpa fócais chun féachaint le barr feabhais a chur orthu don dara bliain. Iarrfar ar na rannpháirtithe ceistneoir a líonadh gach bliain a reáchtálfar an scéim. Lorgófar aiseolas foirmiúil ó na páirtithe leasmhara (comhordaitheoirí idirbhliana agus Raidió na Life mar shampla) gach bliain chomh maith. | |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:** | Coinneoidh CSPT taifead ar líon na scoileanna / na ndaltaí a ghlacann páirt sa bheart agus líon na gclár / uaireanta taifeadta a dhéanfar. | |

### Beart A.3: Cumann Gaelach sna Scoileanna

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Réimsí:** | **A**, C | **Critéir pleanála teanga:** | 5,6,8 |
| **Eolas breise:** | Rachfar i gcomhairle leis na meánscoileanna / comhairle na ndaltaí sna meánscoileanna chun Cumann Gaelach a bhunú i ngach scoil. Féachfar le tacaíocht a chur ar fáil sna scoileanna go mbeifear in ann cumainn Ghaelacha a bhunú nó a athbhunú agus iad a chomhcheangal le córas reatha clubanna / comhairle daltaí atá i bhfeidhm sa scoil.<br><br>Cuirfear tacaíocht ar fáil do na cumainn sin le linn shaolré an phlean maidir le conas imeachtaí a reáchtáil agus Gaeilge a chur chun cinn ina scoil féin. | | |
| **Aidhm:** | Deis a thabhairt do dhaltaí scoile a bhfuil spéis ar leith acu sa Ghaeilge teacht le chéile go sóisialta ar scoil. Deis a thabhairt do dhaltaí scoile arb í an Béarla an meán teagaisc iontu Gaeilge a labhairt go sóisialta ar scoil. | | |
| **Páirtithe leasmhara:** | Muintir Chrónáin, Scoileanna, Conradh na Gaeilge, sochar comhchineáil | | |
| **Saolré:** | **Socruithe agus ullmhúchán:** | Bliain 2 | |

| | | |
|---|---|---|
| | **Feidhmiú:** | Bliain 3-7 |
| **Costas measta iomlán:** | €7,500 | |
| **Costas measta in aghaidh na bliana:** | €500 (imeachtaí agus costais cló) x 3 scoil = €1,500 | |
| **Foinsí maoinithe:** | Foras na Gaeilge, Conradh na Gaeilge, | |
| **Dúshláin fhéideartha agus réitigh:** | **Dúshlán:** Mais chriticiúil daltaí scoile a fháil chun páirt a ghlacadh.<br>**Réiteach:** Spreagadh / dreasú a thairiscint do rannpháirtithe - imeacht shóisialta saor in aisce. | |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:** | Beidh deis ag príomhoidí nó a (h)ionadaí moltaí a aighniú faoi mar chuid den tuairisciú a dhéanfar chuig an CSPT. Reáchtálfar cruinniú foirmeálta bliantúil ina bpléifear dul chun an bhirt agus moltaí feabhais do na blianta atá le teacht. | |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:** | Iarrfar ar an príomhoidí scoile nó a (h)ionadaí mír a sholáthar mar chuid den tuairisciú a dhéanfar chuig an CSPT. | |

## Beart A.4 : Scéim Ambasadóirí Teanga

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Réimsí:** | **A**, D, F, J | **Critéir pleanála teanga:** | 5,6,8 |
| **Eolas breise:** | Forbrófar scéim a fhéachfaidh le cur chun cinn na Gaeilge san áireamh mar chuid d'obair 'Comhairle na nDaltaí' i meánscoileanna an cheantair. Déanfar taighde i measc príomhoidí agus daltaí i scoileanna an cheantair chun struchtúr na scéime a phleanáil.<br>Tá sé i gceist mar chuid den scéim: go dtacófar le daltaí atá ag iarraidh imeachtaí a reáchtáil ina gcuid scoileanna; go reáchtálfar buaic-imeacht bliantúil a mbeidh scoileanna an cheantair páirteach ann agus go n-aithneofar obair na n-ambasadóirí trí dhuais, honorarium nó cuimhneacháin eile. | | |
| **Aidhm:** | Go mbeadh ambasadóirí teanga ag feidhmiú i scoileanna sa cheantar. Daltaí a chumasú chun Gaeilge a chur chun cinn. Daltaí sa cheantar ar spéis leo an Ghaeilge a tharraingt le chéile. | | |
| **Páirtithe leasmhara:** | Muintir Chrónáin, Scoileanna, Conradh na Gaeilge | | |
| **Saolré:** | **Socruithe agus ullmhúchán:** | Bliain 3 | |
| | **Feidhmiú:** | Bliain 4-7 | |
| **Costas measta iomlán:** | €12,000 | | |
| **Costas measta in aghaidh na bliana:** | €300 (cló, srl) x 11 scoil - €3,000 | | |
| **Foinsí maoinithe:** | RCOG, An Roinn Oideachais, Foras na Gaeilge, Conradh na Gaeilge, ETB, | | |

| | |
|---|---|
| **Dúshláin fhéideartha agus réitigh:** | **Dúshlán:** Éascaitheoir oilte le Gaeilge a fháil.<br><br>**Réiteach:** Iarrfar ar bhaill an CSPT nó ar mhúinteoirí Gaeilge an cheantair sealaíocht a dhéanamh ar an ról. |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:** | Pléifidh an CSPT tuairiscí ó na scoileanna go bliantúil agus féachfar agus féachfar le líon na n-imeachtaí agus líon na rannpháirtithe a ardú. Iarrfar ar phríomhoidí ó a (h)ionadaí tagairt a dhéanamh d'iompar teanga na bpáistí agus lorgófar moltaí uathu chun cur le húsáid na Gaeilge ag na himeachtaí sin. |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:** | Iarrfar ar phríomhoidí nó a (h)ionadaí mír a sholáthar mar chuid den tuairisciú ar an CSPT. Iarrfar ar na comhairlí sna scoileanna poibliú a dhéanamh ar na himeachtaí a eagraíonn siad ar na meáin shóisialta nó ar shuíomh na scoileanna. |

## Beart A.5: Cúntóirí Riachtanais Speisialta Teanga

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Réimsí:** | **A**, B, | **Critéir pleanála teanga:** | 5,6, |
| **Eolas breise:** | Féachfar le scéim dála Scéim na gCúntóir teanga a fhorbairt do na scoileanna i gCluain Dolcáin. Cheapfaí duine chun tacaíocht a chur ar fáil le daltaí ar leith i scoileanna an cheantair dul i ngleic leis an nGaeilge sa chóras oideachais. Samhlaítear go mbeadh an 'cúntóir' ann chun tacú le:<br>● daltaí bunscoile nach Éireannaigh ó dhúchas iad atá ag teacht isteach sa chóras oideachais tar éis na ranganna sóisearacha,<br>● daltaí bunscoile a bheadh ag tosú ar an mbunscoil lánGhaeilge tar éis na ranganna sóisearacha,<br>● daltaí a bheadh ag tosú ar an meánscoil lánGhaeilge ach nach bhfuil taithí acu ar oideachas trí Ghaeilge cheana. | | |
| **Aidhm:** | Cabhrú le daltaí nach bhfuil taithí acu ar an nGaeilge sa chóras oideachais cheana. | | |
| **Páirtithe leasmhara:** | Muintir Chrónáin, Scoileanna, Conradh na Gaeilge | | |
| **Saolré:** | **Socruithe agus ullmhúchán:** | Bliain 3 | |
| | **Feidhmiú:** | Bliain 4-7 | |
| **Costas measta iomlán:** | Bl 2-3 €7,000 / bl 4-7 €224,000 = €231,000 | | |
| **Costas measta in aghaidh na bliana:** | Oiliúint €3,500 x 2; Tuarastal €28,000 x 2 | | |
| **Foinsí maoinithe:** | RCOG, An Roinn Oideachais, POBAL/DCYA, Gaeloideachas, Táillí | | |
| **Dúshláin fhéideartha agus réitigh:** | **Dúshlán:** Cúntóir oilte le Gaeilge a fháil. | | |

| | |
|---|---|
| | **Réiteach:** Reáchtálfar próiseas earcaíochta chun múinteoir a fháil nó reáchtálfar scéim dreasachta chun duine a spreagadh chun oiliúint a fháil don chúram.<br><br>**Dúshlán:** Suíomh feiliúnach a aimsiú.<br><br>**Réiteach:** Déanfar iarracht teacht ar shuíomh feiliúnach mar chuid den taighde féidearthachta.<br><br>**Dúshlán:** Foinsí maoinithe don taighde féidearthachta a aimsiú<br><br>**Réiteach:** Déanfar iarracht teacht ar shruth nó ar scéim mhaoinithe don bheart. |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:** | Lorgófar aiseolas foirmiúil go bliantúil ó mhúinteoirí ranga ina mbeidh páistí a thiocfaidh faoin mbeart agus ón gcúntóir maidir le fiúntas an bhirt agus moltaí lena fheabhsú. |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:** | Coinneofar taifead ar líon na bpáistí agus ar líon na scoileanna a mbeidh an cúntóir ag plé leo. Cinnteofar go mbeidh ualach cothrom oibre ar an gcúntóir agus mbeidh am leordhóthanach aige / aici dul chun a dhéanamh leis na páistí. |

## B SEIRBHÍS CÚRAM LEANAÍ, RÉAMHSCOLAÍOCHTA AGUS TACAÍOCHTA TEAGHLAIGH, LENA N-ÁIRÍTEAR SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA TEANGA:

### Beart B.1 : Campus Réamhscoil Gaeilge

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Réimsí:** | **A**, B, C | **Critéir pleanála teanga:** | 3,5,7,15 |
| **Eolas breise:** | Cuirfear tús le Campas Réamhscoile a bhunú sa cheantar. An chéad chéim ná go mbunófar coiste a bheidh freagrach as taighde féidearthachta a dhéanamh maidir leis an éileamh a bheadh ar an tseirbhís, cá lonnófaí í agus cé acu an mbeadh múinteoir feiliúnach ar fáil nó nach mbeadh. Caithfear blianta tosaigh an bhirt ar an taighde agus cuirfear tuairisc faoi bhráid Mhuintir Chrónáin ag deireadh bhliain 2. | | |
| **Aidhm:** | Comhlánú a dhéanamh ar na seirbhísí oideachais trí Ghaeilge atá ar fáil sa cheantar. Seirbhís fhriothálach a chur ar fáil a thacóidh leis an seirbhísí bunscolaíochta Gaeilge atá sa cheantar. | | |
| **Páirtithe leasmhara:** | Muintir Chrónáin, Scoileanna, Conradh na Gaeilge | | |
| **Saolré:** | **Socruithe agus ullmhúchán:** | Bliain 2 | |
| | **Feidhmiú:** | Bliain 3-7 | |
| **Costas measta iomlán:** | Bl3 €5,400 / Bl3 - 7 €304,800; Iomlán= €310,200 | | |
| **Costas measta in aghaidh na bliana:** | Oiliúint: €2,700 x 2 =€5,400; Cíos €85 x 5 x 44 = €18,700; Tuarastal 2 x €28,000 = €56,000; Trealamh €1,500 | | |
| **Foinsí maoinithe:** | RCOG, An Roinn Oideachais, POBAL/DCYA, Táillí, Gaeloideachais, Aras Chrónáin, sochar comhchineáil | | |
| **Dúshláin fhéideartha agus réitigh:** | **Dúshlán:** Múinteoirí oilte le Gaeilge a fháil.<br>**Réiteach:** Reáchtálfar próiseas earcaíochta chun múinteoir a fháil nó reáchtálfar scéim dreasachta chun duine a spreagadh chun oiliúint a fháil don chúram.<br>**Dúshlán:** Suíomh feiliúnach a aimsiú.<br>**Réiteach:** Déanfar iarracht teacht ar shuíomh feiliúnach mar chuid den taighde féidearthachta.<br>**Dúshlán:** Foinsí maoinithe don taighde féidearthachta a aimsiú<br>**Réiteach:** Déanfar iarracht teacht ar shruth nó ar scéim mhaoinithe don bheart. | | |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:** | Déan mionsonrú ar na huirlisí monatóireachta a bheidh in úsáid tar éis na tréimhse pleanála. | | |

| | |
|---|---|
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:** | Ceapfar ionadaí ón CSPT a bheidh freagrach as an taighde féidearthachta a stiúradh. Cuirfear tuairiscí go tráthrialta faoi bhráid an CSPT i gcaitheamh na mblianta pleanála. |

## Beart B.2: Acmhainní Tacaíochta do Thuismitheoirí

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Réimsí:** | B, D, J | **Critéir pleanála teanga:** | 3,6,9,15 |
| **Eolas breise:** | Forbrófar réimse acmhainní do thuismitheoirí ar spéis leo Gaeilge a úsáid lena gcuid páistí. Déanfar anailís riachtanais i measc tuismitheoirí a bhfuil páistí leo ar Ghaelscoil agus páirtithe leasmhara eile agus bunófar na hacmhainní seirbhís bunaithe ar an taighde sin. Go dtí seo samhlaítear na nithe seo a leanas a bheith i measc na n-acmhainní a chuirfear ar fáil:<br>● Póstaer le nathanna cainte feiliúnacha maille le treoir foghraíochta<br>● Físeáin / sraith físeán eolais faoi straitéisí chun Gaeilge a úsáid sa bhaile maille le nathanna cainte<br>● Lámhleabhar nó acmhainn dála QuickGuide Irish Grammar | | |
| **Aidhm:** | Taighde a dhéanamh ar riachtanas na dtuismitheoirí agus acmhainní feiliúnacha a chruthú agus a scaipeadh. | | |
| **Páirtithe leasmhara:** | Muintir Chrónáin, Scoileanna, | | |
| **Saolré:** | **Socruithe agus ullmhúchán:** | Bliain 2 | |
| | **Feidhmiú:** | Bliain 3-7 | |
| **Costas measta iomlán:** | €7,500 | | |
| **Costas measta in aghaidh na bliana:** | Cló agus poiblíocht €1,500 | | |
| **Foinsí maoinithe:** | RCOG, An Roinn Oideachais, Foras na Gaeilge, Gaeloideachais, Conradh na Gaeilge, Glór na nGael, Gael linn, Cumann na bhFiann, Comhairle Chontae Bhaile Átha Cliath Theas, Áras Chrónáin | | |
| **Dúshláin fhéideartha agus réitigh:** | **Dúshlán:** Taighdeoir a aimsiú chun an taighde a dhéanamh agus na hacmhainní a chruthú<br>**Réiteach:** Earcaíocht a dhéanamh i measc Ollscoileanna i mBaile Átha Cliath agus thart timpeall<br>**Dúshlán:** Costais deartha agus clódóireachta a aimsiú do na hacmhainní<br>**Réiteach:** Déanfar iarracht teacht ar shruth nó ar scéim mhaoinithe don bheart. | | |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:** | Coinneoidh an CSPT taifead ar an éileamh atá ar na hacmhainní a chruthófar, mar shampla: líon na bpóstaer a chlófar gach bliain; méadú ar líon na n-amharc ar an bhfíseán. | | |

| | |
|---|---|
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:** | Cinnteoidh an CSPT go mbeifear ag cur le líon na n-acmhainní go bliantúil. |

## Beart B.3 : Grúpa Tuistí is Páistí

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Réimsí:** | B, C, D, J | **Critéir pleanála teanga:** | 3,7,9,15 |
| **Eolas breise:** | Reáchtálfar grúpaí *tuistí is páistí* trí Ghaeilge. Cuirfear spás ar leith ar fáil go tráthrialta ina mbeidh tuismitheoirí agus a gcuid páistí in teacht le chéile faoi stiúir éascaitheora chun a dtaithí a roinnt agus tacaíocht a thabhairt dá chéile. Cuirfear leabhair Ghaeilge agus áiseanna / bréagáin teanga ar fáil le linn gach seisiún. | | |
| **Aidhm:** | Spás agus timpeallacht thacúil Ghaeilge a chur ar fáil do thuismitheoirí bualadh le chéile go rialta. Comhluadar Gaeilge comhaoise a chur ar fáil do pháistí. | | |
| **Páirtithe leasmhara:** | Muintir Chrónáin, Tuismitheoirí | | |
| **Saolré:** | **Socruithe agus ullmhúchán:** | Bliain 2 | |
| | **Feidhmiú:** | Bliain 3-7 | |
| **Costas measta iomlán:** | €5,080 x 5 = €25,400 | | |
| **Costas measta in aghaidh na bliana:** | Éascaitheoir x €60 x 38 seachtain = €2,280; Trealamh €600; Cíos €50 x 38 seachtain = €1,900, Poiblíocht & Cló €300 | | |
| **Foinsí maoinithe:** | RCOG, An Roinn Oideachais, Foras na Gaeilge, Glór na nGael, Áras Chrónáin | | |
| **Dúshláin fhéideartha agus réitigh:** | **Dúshlán:** Éascaitheoir a aimsiú<br>**Réiteach:** Próiseas earcaíochta a chur ar bun.<br>**Dúshlán:** Spás feiliúnach a aimsiú<br>**Réiteach:** Déanfar iarracht teacht ar shuíomh feiliúnach mar chuid den taighde féidearthachta. | | |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:** | Pléifidh an t-éascaitheoir iompar teanga na rannpháirtithe leis an CSPT agus réiteofar straitéisí chun cur le húsáid na Gaeilge sa ghrúpa. Iarrfar ar na rannpháirtithe aiseolas a sholáthair ag deireadh gach bliana. | | |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:** | Coinneoidh an t-éascaitheoir agus an CSPT taifead ar líon na seisiún a reáchtálfar gach bliain agus ar líon na dtuismitheoirí agus páistí a bhíonn i láthair. | | |

## Beart B.4: Aoireacht do pháistí tar éis scoile

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Réimsí:** | **A**, B, C | **Critéir pleanála teanga:** | 3,7 |

| | | |
|---|---|---|
| **Eolas breise:** | Cuirfear seirbhís Aoireachta ar fáil chun aire a thabhairt do pháistí an Naíonra le cois na n-uaireanta atá deonaithe faoin an Scéim um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (ECCE). | |
| **Aidhm:** | Comhlánú a dhéanamh ar na seirbhísí Luath-Óige lánGhaeilge sa cheantar. Foinse ioncaim a thabhairt don eagraíocht más féidir. | |
| **Páirtithe leasmhara:** | Muintir Chrónáin, Scoileanna, Conradh na Gaeilge | |
| **Saolré:** | **Socruithe agus ullmhúchán:** | Bliain 3 |
| | **Feidhmiú:** | Bliain 4-7 |
| **Costas measta iomlán:** | €24,820 x 4 + €2,000 =€101,280 | |
| **Costas measta in aghaidh na bliana:** | Oiliúint €1,000; Cíos €85 x 5lá x 38 seachtain=€12,920; Tuarastal 2 duine x €30 x 5 lá x 38 Seachtain = €11,400; Trealamh €500 (€24820 sa bhliain) | |
| **Foinsí maoinithe:** | RCOG, An Roinn Oideachais, POBAL/DCYA, Táillí, Gaeloideachas | |
| **Dúshláin fhéideartha agus réitigh:** | **Dúshlán:** Éascaitheoirí oilte le Gaeilge a fháil.<br>**Réiteach:** Próiseas earcaíochta a chur ar bun.<br>**Dúshlán:** Suíomh feiliúnach a aimsiú.<br>**Réiteach:** Déanfar iarracht teacht ar shuíomh feiliúnach mar chuid den taighde féidearthachta.<br>**Dúshlán:** Foinsí maoinithe don taighde féidearthachta a aimsiú<br>**Réiteach:** Déanfar iarracht teacht ar shruth nó ar scéim mhaoinithe don bheart. | |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:** | Cuirfidh an t-Éascaitheoir tuairisc go tráthrialta (le haontú nuair a cheapfar an t-Éascaitheoir) ar iompar teanga na bpáistí faoi bhráid an CSPT nó ionadaí uaidh agus féachfar cur le húsáid na Gaeilge ina measc. | |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:** | Coinneoidh an an t-éascaitheoir agus CSPT taifead ar líon na bpáistí a bheidh páirteach sa scéim. | |

## B.5: Ranganna Gaeilge do Thuismitheoirí

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Réimsí:** | B, A, D, J | **Critéir pleanála teanga:** | 3,7,9,15 |
| **Eolas breise:** | Cuirfear ranganna Gaeilge ar fáil do thuismitheoirí atá ag iarraidh Gaeilge a úsáid lena gcuid páistí. Cruthófar curaclam sainiúil dírithe ar, mar shampla, úsáid na Gaeilge le páistí agus cuidiú le hobair bhaile. | | |
| **Aidhm:** | Ranganna gach téarma ar leibhéil éagsúla. Tacú le húsáid na Gaeilge sa bhaile. | | |
| **Páirtithe leasmhara:** | Muintir Chrónáin, Scoileanna, | | |

| | | |
|---|---|---|
| **Saolré:** | **Socruithe agus ullmhúchán:** | Bliain 2 |
| | **Feidhmiú:** | Bliain 3-7 |
| **Costas measta iomlán:** | €14,400 | |
| **Costas measta in aghaidh na bliana:** | €60 x 12 seachtain x 4 rang = €2,880 | |
| **Foinsí maoinithe:** | RCOG, An Roinn Oideachais, Foras na Gaeilge, Glór na nGael, Gaeloideachais, Táillí, Áras Chrónáin | |
| **Dúshláin fhéideartha agus réitigh:** | **Dúshlán:** Múinteoirí oilte le Gaeilge a fháil.<br>**Réiteach:** Próiseas earcaíochta a reáchtáil | |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:** | Cuirfear suirbhé gearr ar rannpháirtithe ag tús na gcúrsaí maidir leis an riachtanais is mó atá. Lorgófar aiseolas ó na rannpháirtithe sa ghrúpa ag deireadh gach sraith ranganna agus úsáidfear an t-aiseolas chun pleanáil a dhéanamh don chéad bhliain eile. | |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:** | Aontóidh an CSPT sceideal don dara bliain a chuimseoidh taighde agus dearadh an tsainchuraclaim. Nuair a thosóidh na ranganna coinneoidh an CSPT taifead ar líon na ranganna agus líon rannpháirtithe i ngach grúpa. | |

# C SEIRBHÍS DON AOS ÓG:

## Beart C.1: Ógras / Club Óige

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Réimsí:** | A, C, D, J | **Critéir pleanála teanga:** | 6,8,9,10,15 |
| **Eolas breise:** | Rachfar i gcomhairle le saineolaithe sa réimse seo dála Ógras maidir le Club Óige trí Ghaeilge a bhunú sa cheantar. Club óige dírithe ar pháistí idir 10 - 18 mbliana déag d'aois a bheidh i gceist.<br><br>Tar éis na tréimhse pleanála forbrófar an tseirbhís de réir a chéile. Glacfar le cohórt páistí idir 10-13 sa chéad bhliain agus leathnófar raon aoise na rannpháirtithe i gcaitheamh shaolré an phlean mar a sonraítear thíos:<br><br>Bliain 1: Glacfar le paistí idir 10 – 13 bl.<br><br>Bliain 2: Glacfar le paistí idir 10 – 16 bl.<br><br>Bliain 3: Glacfar le páistí idir 10 – 18 bl.<br><br>Tá sé i gceist go nglacfaidh na páistí féin ról cinnireachta sa chlub i gcaitheamh shaolré an phlean. | | |
| **Aidhm:** | Go mbeidh 3 ghrúpa ag feidhmiú tar éis 3 bliana. Spás sóisialaithe a thabhairt do dhaoine óga atá ag freastal ar na Gaelscoileanna nó ar spéis leo an Ghaeilge. | | |
| **Páirtithe leasmhara:** | Muintir Chrónáin, Scoileanna, Cumann na bhFiann, Ógras, Tuismitheoirí agus daoine óga an cheantair. | | |
| **Saolré:** | **Socruithe agus ullmhúchán:** | Bliain 2 | |
| | **Feidhmiú:** | Bliain 2-7 | |
| **Costas measta iomlán:** | €9,080 x 5 = €45,400 | | |
| **Costas measta in aghaidh na bliana:** | Éascaitheoir €75 x 28 = €2,850; Trealamh €3,000; Cíos €85 x 38 = €3,230 | | |
| **Foinsí maoinithe:** | RCOG, An Roinn Oideachais, Foras na Gaeilge, Táillí | | |
| **Dúshláin fhéideartha agus réitigh:** | **Dúshlán:** Éascaitheoir oilte le Gaeilge a fháil.<br><br>**Réiteach:** Comhairle a lorg ó eagrais a bhfuil saineolas acu sa réimse.<br><br>**Dúshlán:** Suíomh feiliúnach a aimsiú.<br><br>**Réiteach:** Déanfar iarracht teacht ar shuíomh feiliúnach mar chuid den taighde féidearthachta.<br><br>**Dúshlán:** Foinsí maoinithe don taighde féidearthachta a aimsiú<br><br>**Réiteach:** Déanfar iarracht teacht ar shruth nó ar scéim mhaoinithe don bheart. | | |

| | |
|---|---|
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:** | Lorgófar moltaí feabhais ón éascaitheoir ag deireadh gach bliana.<br>Iarrfar ar eagraíocht sheachtrach dála Ógras nó Chumann na bhFiann athbhreithniú a dhéanamh ar an obair a rinneadh faoin mbeart seo agus a lorg uatha lena fheabhsú. |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:** | Coinneoidh an CSPT taifead ar líon na rannpháirtithe a ghlacann páirt sa chlub agus déanfar fógraíocht faoin gclub go tráthrialta ar na meáin shóisialta chun rannpháirtithe a mhealladh. |

## Beart C.2: Comórtas Tráth na gCeist

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Réimsí:** | A, C, D, J | **Critéir pleanála teanga:** | 6,9,15 |
| **Eolas breise:** | Reáchtálfar mórchomórtas tráth na gceist trí Ghaeilge go bliantúil le linn Sheachtain na Gaeilge. Fáilteofar roimh fhoirne ó scoileanna Chluain Dolcáin agus ón gceantar máguaird. | | |
| **Aidhm:** | An comórtas a chur ar siúl go tráthrialta. Muintir Chrónáin agus na himeachtaí a chur ar a súile do dhaltaí scoile. Deis a thabhairt do dhaltaí scoile sa cheantar ar spéis leo Gaeilge a labhairt le chéile. | | |
| **Páirtithe leasmhara:** | Muintir Chrónáin, Scoileanna, | | |
| **Saolré:** | **Socruithe agus ullmhúchán:** | Bliain 2 | |
| | **Feidhmiú:** | Bliain 3-7 | |
| **Costas measta iomlán:** | Costais clúdaithe faoi bheart 1.2.1 | | |
| **Costas measta in aghaidh na bliana:** | Costais clúdaithe faoi bheart 1.2.1 | | |
| **Foinsí maoinithe:** | RCOG, An Roinn Oideachais, Scoileanna an cheantair. | | |
| **Dúshláin fhéideartha agus réitigh:** | **Dúshlán:** Rannpháirtíocht a fháil ó na scoileanna.<br>**Réiteach:** Plé a dhéanamh le príomhoidí agus le múinteoirí Gaeilge sa cheantar. | | |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:** | Coinneoidh an CSPT taifead ar na líon na bhfoirne agus ar líon na scoileanna a ghlacfaidh páirt san imeacht. Pléifear iompar teanga na rannpháirtithe mar chuid den tuairisciú a dhéanfar chuig an CSPT. | | |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:** | Cuirfear tuairisc faoi bhráid an CSPT tar éis an imeachta gach bliain. Déanfar iarracht cur le líon rannpháirtithe de réir mar is gá. | | |

## Beart C.3: Rince Seite/Sean Nós

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Réimsí:** | C, D, J | **Critéir pleanála teanga:** | 6,9,15 |

| | | |
|---|---|---|
| **Eolas breise:** | Cuirfear ranganna rince seite/sean nós ar siúl do dhaoine óga. Déanfar taighde sa chéad bhliain maidir leis na ceisteanna seo:<br>● Cé acu ceardlanna nó sraith ranganna a bheidh i gceist<br>● An mbeidh siad ar siúl sna scoileanna nó in Áras Chrónáin<br>● Cé na scoileanna d'éileodh an tseirbhís | |
| **Aidhm:** | Ranganna rialta sna scoileanna agus in Ionad Pobail/Áras Chrónáin. Gnéithe den chultúr Gaelach a chur ar a súile don phobal. | |
| **Páirtithe leasmhara:** | Muintir Chrónáin, Scoileanna, | |
| **Saolré:** | **Socruithe agus ullmhúchán:** | Bliain 2 |
| | **Feidhmiú:** | Bliain 3-7 |
| **Costas measta iomlán:** | €4,500 | |
| **Costas measta in aghaidh na bliana:** | €75 x 12 = €900 | |
| **Foinsí maoinithe:** | RCOG, An Roinn Oideachais, Foras na Gaeilge | |
| **Dúshláin fhéideartha agus réitigh:** | **Dúshlán:** Múinteoirí oilte rince seite le Gaeilge a fháil.<br>**Réiteach:** Comhairle a fháil ó bhaill Dháil Chrónáin nó http://www.ceili.ie/<br>**Dúshlán:** Rannpháirtíocht a fháil i measc an phobail.<br>**Réiteach:** Fógraíocht a dhéanamh ar na meáin shóisialta agus sa cheantar. | |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:** | Beidh éifeacht leis an mbeart seo má tá mais chriticiúil daoine ag glacadh páirte go rialta. Cuirfidh an múinteoir / an t-éascaitheoir tuairisc faoi bhráid an CSPT uair sa bhliain | |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:** | Coinneoidh an CSPT taifead ar líon na ranganna agus na rannpháirtithe gach bliain. | |

## Beart C.4: Club Obair Bhaile

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Réimsí:** | B, C, D, J | **Critéir pleanála teanga:** | 6,8 |
| **Eolas breise:** | Áis iarscoile / club obair bhaile do dhaltaí. Cuirfear spás feiliúnach ar fáil do dhaltaí scoile chun staidéar/obair bhaile a dhéanamh ag a mbeidh feitheoir i láthair. | | |
| **Aidhm:** | Go mbeidh club ag feidhmiú agus go mbeidh deis ag daltaí ó scoileanna casadh ar a chéile i suíomh Gaeilge. | | |
| **Páirtithe leasmhara:** | Muintir Chrónáin, Scoileanna, | | |

| | | |
|---|---|---|
| **Saolré:** | **Socruithe agus ullmhúchán:** | Bliain 2 |
| | **Feidhmiú:** | Bliain 3-7 |
| **Costas measta iomlán:** | €5,320 x 5 €26,600 | |
| **Costas measta in aghaidh na bliana:** | Éascaitheoir €35 x 2 x 38 = €2,660; Cíos €35 x 2 x 38 = €2,660 | |
| **Foinsí maoinithe:** | RCOG, An Roinn Oideachais, Táillí | |
| **Dúshláin fhéideartha agus réitigh:** | **Dúshlán:** Suíomh feiliúnach a aimsiú. & Éascaitheoir le Gaeilge<br>**Réiteach:** Seomra in Áras Chrónáin a úsáid ag brath ar líon na ndaoine a bheidh páirteach**.** | |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:** | Beidh éifeacht ag an mbeart má tá ardéileamh ar áiteanna. | |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:** | Coinneoidh an CSPT taifead ar líon na rannpháirtithe a ghlacann páirt sa chlub. Cuirfear le líon na rannpháirtithe de réir mar is gá. | |

## Beart C.5: Ranganna/Seisiún Snámha trí Ghaeilge

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Réimsí:** | B, C, D, J | **Critéir pleanála teanga:** | 9,14,15 |
| **Eolas breise:** | Cuirfear ranganna nó seisiúin snámha trí Ghaeilge ar fáil san Ionad Pobail. Forbrófar liosta téarmaíochta agus nathanna a thacóidh leis an múinteoir snámha. | | |
| **Aidhm:** | Liosta téarmaíocht agus nathanna a chur ar fáil. | | |
| **Páirtithe leasmhara:** | Ionad Pobail, Tuismitheoirí | | |
| **Saolré:** | **Socruithe agus ullmhúchán:** | Bliain 2 | |
| | **Feidhmiú:** | Bliain 3-7 | |
| **Costas measta iomlán:** | €7,500 | | |
| **Costas measta in aghaidh na bliana:** | Múinteoir €75 x 10 seachtain x 2 théarma = €1,500 | | |
| **Foinsí maoinithe:** | RCOG, An Roinn Oideachais, C.C.A.T., Ionad Spóirt an Phobail | | |
| **Dúshláin fhéideartha agus réitigh:** | **Dúshlán:** Múinteoirí oilte snámha le Gaeilge a fháil.<br>**Réiteach:** Comhairle a lorg ó Chumann Snámha na hÉireann<br>**Dúshlán:** Rannpháirtithe a mhealladh | | |

| | |
|---|---|
| | **Réiteach:** Fógraíocht a dhéanamh ar na meáin shóisialta, sna scoileanna agus san ionad pobail féin. |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:** | Coinneoidh an CSPT taifead ar líon na ndaoine a chláraíonn leis na ranganna ó bhliain go bliain. Iarrfar ar an múinteoir snámh tuairisc ghairid a chur faoi bhráid an CSPT gach bliain ina bpléifear ar mholtaí feabhais ar an rannpháirtíocht agus ar an iompar teanga na rannpháirtithe. |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:** | Coinneoidh an CSPT taifead ar líon na seisiún a reáchtálfar gach bliain agus déanfar fógraíocht faoin gclub go tráthrialta ar na meáin shóisialta chun rannpháirtithe a mhealladh. |

## Beart C.6: Brídíní/Gasóga trí Ghaeilge

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Réimsí:** | B, C, D, F, J | **Critéir pleanála teanga:** | 8,9,10,15 |
| **Eolas breise:** | Trúpa Gasóg i gCluain Dolcáin atá dulta in éag a athbhunú ina thrúpa lánGhaeilge. Tógfar ar an nGaeilge atá le fáil i measc na nGasóg i gCluain Dolcáin cheana féin agus lorgófar earcaigh nua ó na Gaelscoileanna.<br><br>Rachfar i gcomhairle le Banóglaigh agus Brídíní Chluain Dolcáin chun cabhrú leo an Ghaeilge a chur chun cinn ansin trí cúnamh a thabhairt don cheannaireacht an Ghaeilge a dhéanamh níos feiceálaí ina gcuid eachtraí. | | |
| **Aidhm:** | Go mbeidh an grúpa ag feidhmiú agus go mbeidh deis ag daltaí casadh ar a chéile go sóisialta trí Ghaeilge taobh amuigh den chóras scoile. | | |
| **Páirtithe leasmhara:** | Gasóga Éireann, Tuismitheoirí | | |
| **Saolré:** | **Socruithe agus ullmhúchán:** | Bliain 2 | |
| | **Feidhmiú:** | Bliain 3-7 | |
| **Costas measta iomlán:** | Costais clúdaithe faoi bheart 1.2.1 | | |
| **Costas measta in aghaidh na bliana:** | Costais clúdaithe faoi bheart 1.2.1 | | |
| **Foinsí maoinithe:** | RCOG, An Roinn Oideachais, Gasóga na hÉireann | | |
| **Dúshláin fhéideartha agus réitigh:** | **Dúshlán:** Earcaigh nua a fháil 7 Ceannairí le Gaeilge<br><br>**Réiteach:** Stocaireacht a dhéanamh sna Gaelscoileanna | | |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:** | Iarrfar ar an ionadaí ó na Gasóga tuairisciú a dhéanamh ar iompar teanga agus rannpháirtíocht na mball mar chuid den tuairisciú a dhéanfar chuig an CSPT. | | |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:** | Iarrfar ar an ionadaí ó na Gasóga tuairisc a chur faoi bhráid an CSPT gach bliain ina mbeidh taifead ar líon na mball sa trúpa, líon na gcruinnithe a bhí ann agus cur síos ar aon imeacht eile a mbeidh an trúpa lánGhaeilge páirteach ann. | | |

## Beart C.7: Comórtas Teanga agus Ceoil

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Réimsí:** | B, C, D, G, J | **Critéir pleanála teanga:** | 8,9,10,15 |
| **Eolas breise:** | Cuirfear comórtas ar siúl ina mbeidh imeachtaí gaelacha ar siúl. Ina measc, beidh scéalaíocht, agallaimh bheirte, lúibíní agus réimse leathan ceoil gaelach (Rac, Snag, Traid srl.) | | |
| **Aidhm:** | Gnéithe cultúrtha de shaol na Gaeilge a chur ar súile don phobail eile. Úsáid na Gaeilge a leathnú amach go fearainn chomhaimseartha. | | |
| **Páirtithe leasmhara:** | Muintir Chrónáin, Scoileanna, | | |
| **Saolré:** | **Socruithe agus ullmhúchán:** | Bliain 2 | |
| | **Feidhmiú:** | Bliain 3-7 | |
| **Costas measta iomlán:** | Costais clúdaithe faoi bheart 1.2.1 | | |
| **Costas measta in aghaidh na bliana:** | Costais clúdaithe faoi bheart 1.2.1 | | |
| **Foinsí maoinithe:** | RCOG, An Roinn Oideachais, Gael-Linn, Oireachtas na Gaeilge, Áras Chrónáin | | |
| **Dúshláin fhéideartha agus réitigh:** | **Dúshlán:** Suíomh a aimsiú<br>**Réiteach:** Féachfar le halla Mhuintir Chrónáin a úsáid an oiread agus is féidir<br>**Dúshlán:** Rannpháirtíocht an phobail a fháil.<br>**Réiteach:** Tástálacha píolótacha a reáchtáil i mblianta tosaigh an bhirt.<br>**Dúshlán:** Foinsí maoinithe don taighde féidearthachta a aimsiú<br>**Réiteach:** Déanfar iarracht teacht ar shruth nó ar scéim mhaoinithe don bheart. | | |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:** | Beifear ag súil leis go bhfásfaidh líon na rannpháirtithe agus an lucht féachana bliain i ndiaidh bliana. Déanfar iarracht cruinniú a reáchtáil idir ionadaí ón CSPT agus na páirtithe leasmhara chun dúshláin agus moltaí feabhais a phlé. | | |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:** | Coinneoidh an CSPT taifead líon na ndaoine a ghlacfaidh páirt agus a fhreastalóidh ar an ócáid ó bhliain go bliain. | | |

## Beart C.7: Balla Graifítí

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Réimsí:** | C,D,G,I,J | **Critéir pleanála teanga:** | 8,9,15 |
| **Eolas breise:** | Balla a thógáil le ligean d’óige na háite graifítí i nGaeilge a chur air mar thogra ealaíne poiblí. Tá sé i gceist go mbeidh deis ag grúpaí éagsúla óige pobail (gasóga, foirne CLG, clubanna spóirt mar shampla) teachtaireachtaí a chur ar an mballa ar a seal. | | |

| | | |
|---|---|---|
| **Aidhm:** | An áis a chur ar fáil do dhéagóirí agus grúpaí. Cur le feiceálacht agus láithreacht na teanga sa cheantar. Deis a thabhairt don óige taithí a fháil ar chumarsáid a dhéanamh trí Ghaeilge. | |
| **Páirtithe leasmhara:** | Muintir Chrónáin, An Oifigeach Pleanála Teanga | |
| **Saolré:** | **Socruithe agus ullmhúchán:** | Bl. 2 |
| | **Feidhmiú:** | Bl. 2-7 |
| **Costas measta iomlán:** | Clúdaithe faoi Bheart I.1 | |
| **Costas measta in aghaidh na bliana:** | Clúdaithe faoi Bheart I.1 | |
| **Foinsí maoinithe:** | Muintir Chrónáin, An Comhairle Ealaíon | |
| **Dúshláin fhéideartha agus réitigh:** | **Dúshlán:** Teacht ar láithreán cuí<br>**Réiteach:** Balla a aimsiú le linn  Áras Chrónáin a bheith á fhorbairt<br>**Dúshlán:** Cothabháil agus glantachán<br>**Réiteach:** Taighde a dhéanamh ar scéime comhchosúla i mbailte agus cathracha eile. | |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:** | Más ábhar cainte nó conspóide é an balla i measc an phobail nó ar na meáin shóisialta beidh éifeacht ag an mbeart. | |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:** | Réiteoidh an CSPT uainchlár ar a mbeidh seal luaite leis na grúpaí éagsúla a bheidh rannpháirteach sa bheart. Fógrófar na ngrúpaí éagsúla ar na meáin shóisialta. Coinneoidh an CSPT taifead ar grúpaí éagsúla a bheidh páirteach sa bheart i rith gach bliana. | |

## C.8 Beart: Campa Samhraidh

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Réimsí:** | C,D,J | **Critéir pleanála teanga:** | 8,9,10,15 |
| **Eolas breise:** | Campaí samhraidh a chur ar siúl gach samhradh d'aoisghrúpaí éagsúla trí mheán na Gaeilge. | | |
| **Aidhm:** | Campaí a rith gach samhradh don aos óg. | | |
| **Páirtithe leasmhara:** | Muintir Chrónáin, CLG Clubanna Spóirt, Scoileanna | | |
| **Saolré:** | **Socruithe agus ullmhúchán:** | Bliain 1 | |
| | **Feidhmiú:** | Bliain 2-7 | |
| **Costas measta iomlán:** | €27,650 | | |

| | |
|---|---|
| **Costas measta in aghaidh na bliana:** | Éascaitheoir €50 x 5 lá x 3 duine = €750; Trealamh €500, Árachas €300, Cíos €85 x 5 lá= €425; €1,975 x 2 champa = €3,950 |
| **Foinsí maoinithe:** | Rannpháirtithe, Muintir Chrónáin |
| **Dúshláin fhéideartha agus réitigh:** | **Dúshlán:** Suíomh a aimsiú<br>**Réiteach:** Féachfar le halla Mhuintir Chrónáin a úsáid an oiread agus is féidir<br>**Dúshlán:** Rannpháirtíocht an phobail a fháil.<br>**Réiteach:** Tástálacha píolótacha a reáchtáil i mblianta tosaigh an bhirt. |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:** | Beidh ag éirí leis an mbeart seo má bhíonn ardéileamh seasta ar na campaí. Reáchtálfar cruinniú idir comhordaitheoirí na gcampaí samhraidh agus ionadaí ón CSPT chun moltaí feabhais maille le dúshláin agus réitigh a phlé. |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:** | Iarrfar ar chomhordaitheoir na gcampaí samhraidh tuairisc a chur ar fáil don CSPT nuair a bheidh deireadh leis an tsraith campaí gach bliain. Coinneoidh an CSPT taifead ar líon na scoláirí a beidh páirteach. |

## Beart C.9: Scéim Seoltóireachta Traidisiúnta (Bád Mór)

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Réimsí:** | A,C,D,J | **Critéir pleanála teanga:** | 6,8,9,15 |
| **Eolas breise:** | Scéim phíolótach don idirbhliain ina bhfoghlaimíonn daltaí scileanna traidisiúnta seoltóireachta trí mheán na Gaeilge. | | |
| **Aidhm:** | Scéim ag feidhmiú i ngach scoil sa cheantar | | |
| **Páirtithe leasmhara:** | Cairde Naomh Chrónáin, Muintir Chrónáin, Scoileanna | | |
| **Saolré:** | **Socruithe agus ullmhúchán:** | Bliain 3 | |
| | **Feidhmiú:** | Bliain 3-7 | |
| **Costas measta iomlán:** | €6,000 x 5 = €30,000 | | |
| **Costas measta in aghaidh na bliana:** | Éascaitheoir €75 x 2 = €150 x 8 lá = €1,200; Árachas €500; Trealamh €1,500; Taisteal/Bus: €350 x 8 = €2,800 | | |
| **Foinsí maoinithe:** | An Roinn, Sail Training Ireland, Irish Waterways, ETC, Cairde Naomh Crónáin | | |
| **Dúshláin fhéideartha agus réitigh:** | **Dúshlán:** Saineolaí cuí le Gaeilge a aimsiú chun na scileanna a mhúineadh<br>**Réiteach:** Saineolaí le Gaeilge a lorg i measc múinteoirí adhmadóireachta na scoileanna sa cheantar. | | |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:** | Baileofar aiseolas ó na rannpháirtithe mar chuid den scéim phíolótach. Cuirfear an t-aiseolas i bhfeidhm de réir mar is cuí sa dara bliain den bheart.<br>Beidh ag éirí leis an mbeart seo má bhíonn éileamh ar an scéim tar éis na tréimhse píolótaí. | | |

| | |
|---|---|
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:** | Coinneoidh an CSPT taifead ar líon na ndaltaí agus líon na scoileanna atá rannpháirteach. |

# D DEISEANNA FOGHLAMA LASMUIGH DEN CHÓRAS OIDEACHAIS:

## Beart D.1: Oícheanta amhránaíochta agus filíochta

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Réimsí:** | C,D,J | **Critéir pleanála teanga:** | 8,9,10,15 |
| **Eolas breise:** | Oícheanta amhránaíochta agus filíochta, dreas ócáidí rialta liteartha as Gaeilge (Sean agus nua) mar ócáidí shóisialta. | | |
| **Aidhm:** | Ócáidí liteartha sa Ghaeilge a fhorbairt agus a phoibliú in aghaidh na bliana | | |
| **Páirtithe leasmhara:** | Áras Chrónáin, Comhairle Chontae Bhaile Átha Cliath Theas, Roinn Ealaíona, Conradh na Gaeilge, Glór Na nGael, Oireachtas na Gaeilge, Grúpaí Pobail. | | |
| **Saolré:** | **Socruithe agus ullmhúchán:** | Bliain 1 | |
| | **Feidhmiú:** | Bliain 2-7 | |
| **Costas measta iomlán:** | €15,000 | | |
| **Costas measta in aghaidh na bliana:** | 10 n-imeacht x €250 = €2,500 | | |
| **Foinsí maoinithe:** | Foras na Gaeilge, Conradh na Gaeilge, Táillí | | |
| **Dúshláin fhéideartha agus réitigh:** | Tá taithí agus saineolas i measc an CSPT maidir leis seo agus meastar nach mbainfidh dúshlán mór leis an mbeart seo. | | |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:** | Beidh éifeacht leis an mbeart seo má bhíonn mais chriticiúil daoine i láthair chun an ócáid a reáchtáil. | | |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:** | Coinneoidh an CSPT taifead ar líon na n-oícheanta a chuirfear a ar bun gach bliain. D'fhéadfaí cur le líon na n-oícheanta nó bainte de ag brath ar an éileamh a bheidh ann. | | |

## Beart D.2: Imeachtaí sóisialta

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Réimsí:** | D | **Critéir pleanála teanga:** | 8,9,10,15 |
| **Eolas breise:** | Reáchtálfar sraith imeachtaí sóisialta. Forbrófar clár imeachtaí trí Ghaeilge ar a mbeidh ceol, rince, drámaíocht, cártaí, amhránaíocht, bingo, scannáin, in ionaid difriúla sa cheantar mar shampla Áras Chrónáin, Clubtheach Chumann an Chloigthí, Leabharlann agus Brú Chrónáin. | | |
| **Aidhm:** | Ócáid Shóisialta a mheallfaidh daoine teacht le chéile agus an Ghaeilge a fhorbairt mar teanga cumarsáide | | |
| **Páirtithe leasmhara:** | Áras Chrónáin, an Cumann Lúthchleas Gael, Grúpaí Pobail, Conradh na Gaeilge, Glór na nGael, Oireachtas na Gaeilge, Comhairle Chontae Bhaile Átha Cliath Theas. | | |
| **Saolré:** | **Socruithe agus ullmhúchán:** | Bliain 1 | |

| | | |
|---|---|---|
| | **Feidhmiú:** | Bliain 2-7 |
| **Costas measta iomlán:** | €40,200 | |
| **Costas measta in aghaidh na bliana:** | 38 imeacht x €150 = €5,700 ; Poiblíocht €1,000 | |
| **Foinsí maoinithe:** | Eagrais Pobail, Foras na Gaeilge, Conradh na Gaeilge C.C.A.T. | |
| **Dúshláin fhéideartha agus réitigh:** | **Dúshlán:** Teacht ar éagsúlacht scileanna agus saineolas chun clár ildánach a cuir le cheile.<br><br>**Réiteach:** Lorg daoine feiliúnacha i measc bhaill Mhuintir Chrónáin. | |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:** | Lorgófar aiseolas foirmiúil ó pháirtithe leasmhara uair sa bhliain, idir rannpháirtithe agus lucht féachana, chun éifeacht an bhirt a mheas. Cuirfear moltaí ag eascairt as an aiseolas seo i bhfeidhm de réir mar is cuí. | |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:** | Coinneoidh an CSPT taifead ar líon na n-ócáidí a reáchtálfar gach bliain. | |

# E AN EARNÁIL GHNÓ:

## Beart E.1: Bialann, Caife, Teach Tábhairne

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Réimsí:** | D,E,F | **Critéir pleanála teanga:** | 9,11,15 |
| **Eolas breise:** | Comhoibriú leis na gnóthaí/seirbhísí áitiúla ionas go mbeidh níos mó Gaeilge le feiceáil agus le cloisteáil iontu. | | |
| **Aidhm:** | An Ghaeilge a fhorbairt mar teanga cumarsáide agus margaíochta in sna Gnóthaí áitiúla. | | |
| **Páirtithe leasmhara:** | Áras Chrónáin, Cumann Tráchtála Chluain Dolcáin, Comhairle Chontae Bhaile Átha Cliath Theas, Conradh na Gaeilge, Foras na Gaeilge. | | |
| **Saolré:** | **Socruithe agus ullmhúchán:** | BL 3 | |
| | **Feidhmiú:** | Bl 3-7 | |
| **Costas measta iomlán:** | €15,000 | | |
| **Costas measta in aghaidh na bliana:** | €75 + €50 ábhar x 8 rang x 3 ghrúpa = €3,000 | | |
| **Foinsí maoinithe:** | RCOG, Foras na Gaeilge, Cumann Tráchtála Chluain Dolcáin, Táillí, Conradh na Gaeilge | | |
| **Dúshláin fhéideartha agus réitigh:** | **Dúshlán:** Comhoibriú a fháil ó na Comhlachtaí tráchtála<br><br>**Réiteach:** Comhairle teanga agus dearthóireachta a chur ar fáil maille le fógraíocht saor in aisce in ábhar poiblíochta an phlean. | | |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:** | Chun éifeacht a bhirt a mheas déanfaidh baill den CSPT seiceáil go tráthrialta ar láithreacht na Gaeilge sna heagraíochtaí agus gnóthaí atá sásta comhoibriú. | | |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:** | Coinneoidh an CSPT liosta de na heagraíochtaí agus gnóthaí atá sásta comhoibriú le feidhmiú an bhirt. Féachfar leis an liosta a mhéadú i gcaitheamh shaolré an phlean. | | |

## Beart E.2 : Comharthaí

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Réimsí:** | DEHIJ | **Critéir pleanála teanga:** | 9,10,11,15 |
| **Eolas breise:** | Fógraíocht Gaeilge agus dhátheangach a fhorbairt sna hionaid ghnó m.sh. Bialann, Caife, Tábhairne ,Siopaí, Ollmhargadh, Banc, Oifig an Phoist | | |
| **Aidhm:** | Go mbeidh an Ghaeilge níos feiceálaí sna gnóthaí sa cheantar. | | |
| **Páirtithe leasmhara:** | Cumann Tráchtála Chluain Dolcáin, Comhairle Chontae Bhaile Átha Cliath Theas, Conradh na Gaeilge, Foras na Gaeilge, Áras Chrónáin. | | |
| **Saolré:** | **Socruithe agus ullmhúchán:** | Bl 2 | |

| | | |
|---|---|---|
| | **Feidhmiú:** | Bl 3-7 |
| **Costas measta iomlán:** | €5,000 | |
| **Costas measta in aghaidh na bliana:** | €1,000 poiblíocht agus cló | |
| **Foinsí maoinithe:** | Foras na Gaeilge, Comhairle Chontae Bhaile Átha Cliath Theas, Táillí | |
| **Dúshláin fhéideartha agus réitigh:** | **Dúshlán:** Éascaitheoir oilte le Gaeilge a fháil.<br>**Réiteach:** Próiseas earcaíochta a reáchtáil | |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:** | Déanfaidh baill den CSPT seiceáil go tráthrialta ar láithreacht na Gaeilge sna heagraíochtaí agus gnóthaí atá sásta comhoibriú le feidhmiú an bhirt. | |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:** | Coinneoidh an CSPT liosta de na heagraíochtaí agus gnóthaí atá sásta comhoibriú le feidhmiú an bhirt. Féachfar leis an liosta a mhéadú i gcaitheamh shaolré an phlean. | |

# F EAGRAÍOCHTAÍ POBAIL:

## Beart F.1: Cumann Lúthchleas Gael

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Réimsí:** | DFBJ | **Critéir pleanála teanga:** | 9,10,15 |
| **Eolas breise:** | Téarmaíocht Gaeilge a fhorbairt agus a chur in úsáid i bhfeidhmiú reatha laethúil sa chlub áitiúil CLG. Foireann lánGhaeilge a bhunú. | | |
| **Aidhm:** | Go mbeidh an Ghaeilge labhartha in úsáid go laethúil i bhfeidhmiú na foirne lánGhaeilge agus cur le húsáid na Gaeilge i measc na bhfoirne eile. | | |
| **Páirtithe leasmhara:** | Cumann Lúthchleas Gael, Glór na nGael, Conradh na Gaeilge, Áras Chrónáin. | | |
| **Saolré:** | **Socruithe agus ullmhúchán:** | Bl 2 | |
| | **Feidhmiú:** | Bl 3-7 | |
| **Costas measta iomlán:** | €5,000 | | |
| **Costas measta in aghaidh na bliana:** | €75 + €50 ábhar x 8 rang x 1 ghrúpa = €1,000 | | |
| **Foinsí maoinithe:** | RCOG, Foras na Gaeilge, CLG, Táillí, Conradh na Gaeilge | | |
| **Dúshláin fhéideartha agus réitigh:** | **Dúshlán:** Mais chriticiúil imreoirí le Gaeilge a fháil<br>**Réiteach:** Feachtas earcaíochta a reáchtáil go háitiúil agus ar na meáin shóisialta | | |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:** | Rachaidh ionadaí ón CSPT i dteagmháil le hOifigeach Gaeilge an Chlub áitiúil go tráthrialta chun monatóireacht a dhéanamh i gcaitheamh shaolré an bhirt. | | |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:** | Coinneoidh an CSPT taifead ar aon acmhainní a chruthaítear agus ar an dul chun cinn a bhainfidh le cruthú na foirne lánGhaeilge. | | |

## Beart F.2: Cumainn Spóirt

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Réimsí:** | CDF | **Critéir pleanála teanga:** | 9,10,15 |
| **Eolas breise:** | Téarmaí Gaeilge a fhorbairt agus a chur in úsáid i dtraenáil agus feidhmiú laethúil na foirne. | | |
| **Aidhm:** | Go mbeidh an Ghaeilge labhartha in úsáid go laethúil i bhfeidhmiú na foirne | | |
| **Páirtithe leasmhara:** | Cumainn áitiúla spóirt éagsúla | | |
| **Saolré:** | **Socruithe agus ullmhúchán:** | Bl3 | |
| | **Feidhmiú:** | Bl 3-7 | |

| | |
|---|---|
| **Costas measta iomlán:** | €20,,000 |
| **Costas measta in aghaidh na bliana:** | €75 + €50 ábhar x 8 rang x 4 ghrúpa = €4,000 |
| **Foinsí maoinithe:** | Foras na Gaeilge, na cumann spóirt éagsúla, táillí, Conradh na Gaeilge |
| **Dúshláin fhéideartha agus réitigh:** | **Dúshlán:** Saineolaithe feiliúnacha a aimsiú<br>**Réiteach:** Comhairle a fháil ó na heagraíochtaí náisiúnta spóirt agus ó eagrais Ghaeilge. |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:** | Déanfaidh ionadaí ón CSPT i dteagmháil leis na cumainn / clubanna go tráthrialta chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeacht an bhirt. |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:** | Coinneoidh an CSPT taifead ar an líon na gcumann / na gclubanna atá sásta páirt ghlacadh sa bheart. |

## Beart F.3: Grúpaí Pobail Áitiúil

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Réimsí:** | DFJ | **Critéir pleanála teanga:** | 9,10,15 |
| **Eolas breise:** | Tacú le grúpaí pobail atá ag iarraidh níos mó Gaeilge a úsáid ina gcuid imeachtaí. Cuirfear tacaíocht ar fáil i bhfoirm sainliostaí téarmaí Gaeilge go bhféadfaí cur le húsáid Gaeilge i measc na ngrúpaí agus iad i mbun a ngnóthaí. | | |
| **Aidhm:** | An Ghaeilge a fhorbairt mar theanga cumarsáide i bhfeidhmiú i ngrúpaí pobail áitiúla | | |
| **Páirtithe leasmhara:** | Cumann Staire, Cumann Grianghrafadóireachta, Glór na nGael. | | |
| **Saolré:** | **Socruithe agus ullmhúchán:** | Bl 3 | |
| | **Feidhmiú:** | Bl 3-7 | |
| **Costas measta iomlán:** | €25,000 | | |
| **Costas measta in aghaidh na bliana:** | €75 + €50 ábhar x 8 rang x 5 ghrúpa = €5,000 | | |
| **Foinsí maoinithe:** | RCOG, Foras na Gaeilge, Comhairle Chontae Bhaile Átha Cliath Theas, Táillí, Conradh na Gaeilge | | |
| **Dúshláin fhéideartha agus réitigh:** | Tá taithí agus saineolas i measc an CSPT maidir leis seo agus meastar nach mbainfidh dúshlán mór leis an mbeart seo. | | |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:** | Déanfaidh ionadaí ón CSPT i dteagmháil leis na cumainn / clubanna go tráthrialta chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeacht an bhirt. | | |

| | |
|---|---|
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:** | Coinneoidh an CSPT taifead ar an líon na gcumann / na gclubanna atá sásta páirt ghlacadh sa bheart. |

## Beart F.4: Eaglais

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Réimsí:** | C,D,F,J | **Critéir pleanála teanga:** | 9,10,14,15 |
| **Eolas breise:** | Seirbhísí i nGaeilge a fhorbairt a bheith ar fáil don phobal. An tseirbhís a fhógairt go rialta i gCluain Dolcáin agus sna ceantair máguaird. | | |
| **Aidhm:** | Tacú leis an tseirbhís atá ar fáil agus cur léi. | | |
| **Páirtithe leasmhara:** | Muintir Chrónáin, Scoileanna, Conradh na Gaeilge, An Roinn Oideachais, RCOG, Ard-Deoise Bhaile Átha Cliath. | | |
| **Saolré:** | **Socruithe agus ullmhúchán:** | Bliain 2 | |
| | **Feidhmiú:** | Bliain 2-7 | |
| **Costas measta iomlán:** | Costais clúdaithe faoi bheart 1.2.1 | | |
| **Costas measta in aghaidh na bliana:** | Costais clúdaithe faoi bheart 1.2.1 | | |
| **Foinsí maoinithe:** | Costais clúdaithe faoi bheart 1.2.1 | | |
| **Dúshláin fhéideartha agus réitigh:** | Meastar nach mbainfidh aon dúshlán mór leis an mbeart seo. | | |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:** | Ní bhaineann le hábhar. | | |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:** | Ní bhaineann le hábhar. | | |

## F.5 Gníomhaíochtaí Lucht Scoir

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Réimsí:** | D,F,J | **Critéir pleanála teanga:** | 9,10,15 |
| **Eolas breise:** | An Ghaeilge, téarmaí Gaeilge a fhorbairt i bhfeidhmiú imeachtaí 'Men's Shed', 'Active Retired' sa cheantar. | | |
| **Aidhm:** | An Ghaeilge níos feiceálaí i measc grúpaí scothaoise | | |
| **Páirtithe leasmhara:** | Muintir Chrónáin, Scoileanna, Conradh na Gaeilge, An Roinn Oideachais, RCOG, Scor Gníomhach Éireann, Men's Sheds Ireland | | |

| | | |
|---|---|---|
| **Saolré:** | **Socruithe agus ullmhúchán:** | Bliain 2 |
| | **Feidhmiú:** | Bliain 3-7 |
| **Costas measta iomlán:** | €5,000 | |
| **Costas measta in aghaidh na bliana:** | €75 + €50 ábhar x 8 rang x 1 ghrúpa = €1,000 | |
| **Foinsí maoinithe:** | RCOG, Foras na Gaeilge, Comhairle Chontae Bhaile Átha Cliath Theas, Táillí, Conradh na Gaeilge | |
| **Dúshláin fhéideartha agus réitigh:** | **Dúshlán:** Múinteoirí / éascaitheoirí oilte le Gaeilge a fháil. Ceannaire feiliúnach a bhfuil Gaeilge aige aimsiú chun ceannas a ghlacadh ar an tseirbhís<br>**Réiteach:** fiosrúchán a dhéanamh i measc na ngrúpaí<br>**Dúshlán:** Suíomh feiliúnach a aimsiú.<br>**Réiteach:** Déanfar iarracht teacht ar shuíomh feiliúnach mar chuid den taighde féidearthachta. | |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:** | Reáchtálfar grúpaí fócais leis na grúpaí scoir go tráthrialta i gcaitheamh shaolré an phlean agus cuirfear moltaí i bhfeidhm de réir mar is cuí. | |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:** | Coinneoidh an CSPT taifead ar na háiseanna atá chruthófar faoin mbeart seo agus cuirfear leo de réir mar is gá. | |

# G NA MEÁIN CHUMARSÁIDE:

## Beart G.1: Iris Mhíosúil

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Réimsí:** | G,D,E,J | **Critéir pleanála teanga:** | 3,9,14,15 |
| **Eolas breise:** | Scaipfear (ríomh)iris mhíosúil ar pháirtithe leasmhara ina mbeadh ábhar poiblíochta maidir le Muintir Chrónáin, an plean teanga chomh maith le háiseanna tacaíochta (gluais, nathanna etc). | | |
| **Aidhm:** | Uirlis chumarsáide idir foireann feidhmithe an phlean agus an pobal a fhorbairt. Feasacht agus dea-thoil a chothú. | | |
| **Páirtithe leasmhara:** | Muintir Chrónáin, Scoileanna, Conradh na Gaeilge, RCOG | | |
| **Saolré:** | **Socruithe agus ullmhúchán:** | Bliain 1 | |
| | **Feidhmiú:** | Bliain 2-7 | |
| **Costas measta iomlán:** | €43,200 | | |
| **Costas measta in aghaidh na bliana:** | €600 (cló) x 12 = €7,200 | | |
| **Foinsí maoinithe:** | RCOG, Foras na Gaeilge, Conradh na Gaeilge, Táillí | | |
| **Dúshláin fhéideartha agus réitigh:** | **Dúshlán:** Áisitheoir / eagarthóir oilte le Gaeilge a fháil.<br>**Réiteach:** Tarraingt ar shaineolas Mhuintir Chrónáin agus an CSPT. | | |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:** | Glacfar le haiseolas go leanúnach ón bpobal maidir le hábhar na hirise agus cuirfear sin i bhfeidhm de réir mar is cuí. Déanfaidh an CPT monatóireacht ar an éileamh atá ar na leaganacha clóite agus úsáidfear Google Analytics chun monatóireacht a dhéanamh ar an éileamh ar na leaganacha crua. | | |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:** | Coinneoidh an CSPT taifead ar líon na n-eagrán a fhoilseofar i bhfoirm chrua nó ar líne. | | |

## H SEIRBHÍS POIBLÍ:

### Beart H.1 Seirbhísí na Comhairle Áitiúla agus Seirbhísí Stáit eile

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Réimsí:** | H,C,D,J | **Critéir pleanála teanga:** | 3,9,14,15 |
| **Eolas breise:** | Cur le feiceálacht agus láithreacht na Gaeilge sna seirbhísí na Comhairle áitiúla agus seirbhísí stáid i gCluain Dolcáin. Féachfar le himeachtaí Gaeilge a chur ar siúl, tacaíocht teanga agus comharthaíochta de réir mar is cuí. Cuirfear tacaíocht ar fáil i bhfoirm gluaiseanna téarmaíochta, liosta frásaí agus treoir faoi chomharthaíocht chun na seirbhísí Gaeilge atá ar fáil sa leabharlann a fheabhsú. | | |
| **Aidhm:** | Go mbeadh Gaeilge níos feiceálaí agus deis ag lucht úsáide na seirbhísí an Ghaeilge a úsáid níos minice. | | |
| **Páirtithe leasmhara:** | Muintir Chrónáin, Scoileanna, Conradh na Gaeilge, An Roinn Oideachais, RCOG. Comhairle Chontae Bhaile Átha Cliath Theas agus seirbhísí stáit eile. | | |
| **Saolré:** | **Socruithe agus ullmhúchán:** | Bliain 2 | |
| | **Feidhmiú:** | Bliain 3-7 | |
| **Costas measta iomlán:** | Costais clúdaithe faoi bheart 1.2.1 | | |
| **Costas measta in aghaidh na bliana:** | Costais clúdaithe faoi bheart 1.2.1 | | |
| **Foinsí maoinithe:** | Costais clúdaithe faoi bheart 1.2.1 | | |
| **Dúshláin fhéideartha agus réitigh:** | **Dúshlán:** Comhairle a fháil ó saineolaí téarmaíochta nó leabharlannaí le Gaeilge.<br><br>**Réiteach:** Leas a bhaint as an liosta téarmaí leabharlannaíochta ar tearma.ie<br><br>**Dúshlán:** Comhoibriú a fháil ón gComhairle Contae agus ó na soláthraithe seirbhísí ar an líne tosaigh.<br><br>**Réiteach:** Pleanáil a dhéanamh i gcomhar leis an gComhairle Contae agus lena hoifigeach Gaeilge.<br><br>**Dúshlán:** Comhoibriú a fháil ó na heagrais chuí.<br><br>**Réiteach:** Tacaíocht a chur fáil dóibh i bhfoirm tacaíocht clódóireachta agus dearthóireachta.<br><br>**Dúshlán:** Ábhar oiliúna a réiteach. | | |

| | |
|---|---|
| | **Réiteach:** Comhairle a fháil ó shaineolaí seachtrach. |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:** | Chun éifeacht an bhirt a mheas déanfaidh baill den CSPT seiceáil go tráthrialta ar láithreacht na Gaeilge i measc soláthraithe seirbhíse na Comhairle Contae. |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:** | Iarrfar ar Oifigeach Gaeilge na Comhairle Contae tuairisc ghairid a réiteach ina liostálfar aon dul chun a dhéanfar faoin mbeart agus an tuairisc sin a chur faoi bhráid an CSPT. |

# I PLEANÁIL AGUS FORBAIRT FHISICIÚIL:

## Beart I.1: Forbairt ar shuíomh Áras Chrónáin

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Réimsí:** | I (A-J) | **Critéir pleanála teanga:** | 1,3,4,5,7,9,15 |
| **Eolas breise:** | Tá sé i gceist go ndéanfaí forbairt ar thailte Áras Chrónáin. Beidh an fhorbairt seo ina bhonn taca le feidhmiú an phlean seacht mbliana agus cur i gcrích na mbeart ach beidh sí ina cuid lárnach d'fhorbairt na heagraíochta don am atá le teacht chomh maith.<br><br>Tá sé i gceist go dtógfaí ionad fiontraíochta ach an spás cuí a bheith ar fáil. Bainfear leas as an spás nua chun cuid de na bearta a chur i bhfeidhm agus feidhmeoidh an t-ionad mar fhoinse ioncaim tráchtála chomh maith. | | |
| **Aidhm:** | Suíomh a bheith ar fáil a éascóidh bearta an phlean. Foinse ioncaim a ghiniúint don eagraíocht más féidir. | | |
| **Páirtithe leasmhara:** | Muintir Chrónáin, Scoileanna, Conradh na Gaeilge, Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas, RCOG, | | |
| **Saolré:** | **Socruithe agus ullmhúchán:** | Bliain 2 | |
| | **Feidhmiú:** | Bliain 3-7 | |
| **Costas measta iomlán:** | Costais clúdaithe faoi bheart 1.2.1 | | |
| **Costas measta in aghaidh na bliana:** | Costais clúdaithe faoi bheart 1.2.1 | | |
| **Foinsí maoinithe:** | Costais clúdaithe faoi bheart 1.2.1 | | |
| **Dúshláin fhéideartha agus réitigh:** | **Dúshlán:** Suíomh feiliúnach a aimsiú.<br><br>**Réiteach:** Déanfar iarracht teacht ar shuíomh feiliúnach mar chuid den taighde féidearthachta.<br><br>**Dúshlán:** Foinsí maoinithe don taighde féidearthachta a aimsiú<br><br>**Réiteach:** Déanfar iarracht teacht ar shruth nó ar scéim mhaoinithe don bheart.<br><br>**Dúshlán:** Cead pleanála<br><br>**Réiteach:** Comhairle seachtrach a fháil.<br><br>**Dúshlán:** Foinse maoinithe a aimsiú.<br><br>**Réiteach:** Lorgófar maoiniú ó fhoinsí éagsúla. | | |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:** | Déan mionsonrú ar na huirlisí monatóireachta a bheidh in úsáid le linn agus tar éis na tréimhse pleanála. | | |

| | |
|---|---|
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:** | Ceapfar ionadaí ón CSPT a bheidh freagrach as an taighde féidearthachta a stiúradh. Cuirfear tuairiscí go tráthrialta faoi bhráid an CSPT i gcaitheamh na mblianta pleanála. |

## J ÚSÁID NA GAEILGE I MEASC AN PHOBAIL, DEARCADH AN PHOBAIL INA LEITH AGUS A MHÉID A THACAÍONN AN POBAL I GCOITINNE LEIS AN BPLEAN TEANGA:

### Beart J.1: Oícheanta Eolais agus Feasachta

| **Réimsí:** | J | **Critéir pleanála teanga:** | 4,9,15 |
|---|---|---|---|
| **Eolas breise:** | Ócáid oscailte poiblí a eagrú ina roinnfear eolas ar an bpobal maidir leis: an stádas mar líonra Gaeilge, an obair atá déanta go dtí seo agus gairm chun gnímh i ndáil leis na bearta a bheidh idir lámha ag an am. | | |
| **Aidhm:** | Fógraíocht a dhéanamh. Tacaíocht agus rannpháirtíocht an phobail a lorg. | | |
| **Páirtithe leasmhara:** | Muintir Chrónáin, Scoileanna, Conradh na Gaeilge, An Roinn Oideachais, RCOG, gach duine. | | |
| **Saolré:** | **Socruithe agus ullmhúchán:** | Bliain 2 | |
| | **Feidhmiú:** | Bliain 3-7 | |
| **Costas measta iomlán:** | €13,500 | | |
| **Costas measta in aghaidh na bliana:** | 6 ócáid x €350 + €100 (cló) = €450 x 6 = €2,700 | | |
| **Foinsí maoinithe:** | RCOG, Foras na Gaeilge, Pobal Chluain Dolcáin. | | |
| **Dúshláin fhéideartha agus réitigh:** | Tá taithí agus saineolas i measc an CSPT maidir leis seo agus meastar nach mbainfidh dúshlán mór leis an mbeart seo. | | |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:** | Beidh ag éirí leis an mbeart seo má bhíonn mais chriticiúil daoine i láthair ag an hoícheanta eolais. Mura bhfuil ag éirí leis na hócáidí déanfar breis poiblíochta orthu sa cheantar féin agus ar na meáin shóisialta. | | |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:** | Coinneoidh an CSPT taifead ar líon na n-imeachtaí atá á reáchtáil gach bliain agus cé na topaicí a phléifear ag gach ceann. | | |

### Beart J.2: Feachtas 'Gaeilge le Chéile'

| **Réimsí:** | J, C, D | **Critéir pleanála teanga:** | 9,14,15 |
|---|---|---|---|

| | | |
|---|---|---|
| **Eolas breise:** | Feachtas feasachta/gairm chun gnímh a bhunú timpeall ar an gcoincheap 'Gaeilge le chéile'. Iarrfar ar an bpobal na trí chéim a leanúint:<br><br>Gaeilge a úsáid i) gach lá, ii) gach áit, iii) le gach duine<br><br>Tá breis eolais le fáil ar www.glc.ie | |
| **Aidhm:** | An branda a chur chun cinn sa phobal agus daoine a mhealladh chun an 3 chéim a úsáid gach lá. | |
| **Páirtithe leasmhara:** | Muintir Chrónáin, Scoileanna, Conradh na Gaeilge, An Roinn Oideachais, RCOG, na Líontaí Gaeilge eile. | |
| **Saolré:** | **Socruithe agus ullmhúchán:** | Bliain 1 |
| | **Feidhmiú:** | Bliain 1,2,4,5,7 |
| **Costas measta iomlán:** | €17,550 | |
| **Costas measta in aghaidh na bliana:** | Cló agus Poiblíocht €3,500 | |
| **Foinsí maoinithe:** | RCOG, Foras na Gaeilge | |
| **Dúshláin fhéideartha agus réitigh:** | **Dúshláin:** Foinse leanúnach maoinithe a lorg.<br><br>**Réitigh:** Déanfar iarracht teacht ar shruth nó ar scéim mhaoinithe don bheart. | |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:** | Beidh éifeacht le feiceáil ón líon cainteoirí Gaeilge i gCluain Dolcáin a chlófar i ndaonáireamh 2021. | |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:** | Coinneoidh an CSPT taifead ar an bpoibliú a dhéanfar agus ar na himeachtaí a reáchtálfar mar chuid den bheart. | |

## Beart J.3: Íoga trí Ghaeilge

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Réimsí:** | J, C, D | **Critéir pleanála teanga:** | 9,15 |
| **Eolas breise:** | Ranganna íoga a chur ar fáil don phobail. | | |
| **Aidhm:** | Daoine a mhealladh go dtí an tÁras.<br><br>Feasacht faoi úsáid na Gaeilge taobh amuigh den chomhthéacs institiúideach a scaipeadh<br><br>Deiseanna úsáide Gaeilge a thabhairt do rannpháirtithe | | |
| **Páirtithe leasmhara:** | Muintir Chrónáin, Scoileanna, Conradh na Gaeilge, An Roinn Oideachais, RCOG | | |

| | | |
|---|---|---|
| **Saolré:** | **Socruithe agus ullmhúchán:** | Bliain 2 |
| | **Feidhmiú:** | Bliain 3-7 |
| **Costas measta iomlán:** | €10,000 | |
| **Costas measta in aghaidh na bliana:** | €75 x 8 rang x 2 théarma = €1,200<br>Cío€50 x 8x 2= €800 | |
| **Foinsí maoinithe:** | RCOG, An Roinn Oideachais | |
| **Dúshláin fhéideartha agus réitigh:** | **Dúshlán:** Múinteoir Ioga oilte le Gaeilge a fháil.<br>**Réiteach:** Comhairle a fháil ó eagraíocht Íoga Yoga.<br>**Dúshlán:** Suíomh feiliúnach a aimsiú.<br>**Réiteach:** Déanfar iarracht teacht ar shuíomh feiliúnach mar chuid den taighde féidearthachta. | |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:** | Beidh éifeacht leis an mbeart má bhíonn éileamh ar an rang gach bliain. Iarrfar ar na rannpháirtithe foirm aiseolais tar éis gach sraith ranganna. Cuirfear an t-aiseolas i bhfeidhm de réir mar is cuí. | |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:** | Coinneoidh an CSPT taifead ar na líon na ranganna a bheidh ar siúl gach bliain agus ar líon na ndaoine a fhreastalóidh orthu. | |

## Beart J.4: Compántas drámaíochta

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Réimsí:** | J, C, D, G | **Critéir pleanála teanga:** | 9,10,15 |
| **Eolas breise:** | Compántas drámaíochta a fhorbairt a léireoidh dráma amháin sa bhliain. | | |
| **Aidhm:** | Deis sóisialta a thabhairt do phobal Gaeilge an cheantair. An pobal a mhealladh i dtreo na n-ealaíon Gaeilge. | | |
| **Páirtithe leasmhara:** | Muintir Chrónáin, Scoileanna, Conradh na Gaeilge, An Roinn Oideachais, RCOG | | |
| **Saolré:** | **Socruithe agus ullmhúchán:** | Bliain 2 | |
| | **Feidhmiú:** | Bliain 3-7 | |
| **Costas measta iomlán:** | €9,000 | | |
| **Costas measta in aghaidh na bliana:** | Poiblíocht agus cló = €600 x 3 = €1,800 | | |

| | |
|---|---|
| **Foinsí maoinithe:** | RCOG, Aisteoirí Chrónáin, An pobal<br><br>Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta |
| **Dúshláin fhéideartha agus réitigh:** | **Dúshlán:** Éascaitheoir oilte le Gaeilge a fháil.<br><br>**Réiteach:** Tarraingt ar bhaill Aisteoirí Chrónáin nó Clondalkin Drama Group<br><br>**Dúshlán:** Suíomh feiliúnach a aimsiú.<br><br>**Réiteach:** Déanfar iarracht teacht ar shuíomh feiliúnach mar chuid den taighde féidearthachta.<br><br>**Dúshlán:** Foinsí maoinithe don taighde féidearthachta a aimsiú<br><br>**Réiteach:** Déanfar iarracht teacht ar shruth nó ar scéim mhaoinithe don bheart. |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:** | Beidh éifeacht leis an mbeart má bhíonn mais chriticiúil ball ar an gcompántas go mbeidh siad in ann dráma sa bhliain a léiriú. |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:** | Iarrfar ar an éascaitheoir tuairisc a réiteach don CSPT gach bliain. Coinneoidh an CSPT taifead ar líon na ndrámaí a léireofar gach bliain chomh maith le líon na ndaoine a bheidh sa chompántas. |

## Bearta Tacaíochta - Na tosaíochtaí aitheanta

**An Ghaeilge a chur chun cinn sna réimsí seo a leanas:**

- **An Teanga i measc an Phobail:** Ranganna agus cúrsaí i labhairt na Gaeilge a sholáthar don mhórphobal, áiseanna agus acmhainní Áras Chrónáin Ionad Cultúir a fhorbairt agus a úsáid le tacú le hathréimniú agus an teanga a leathnú i measc an phobail. *(Féach Céim 8 & 7 Scála GIDS lch27)*
- **Teaghlaigh Ghaelacha**: tacaíocht a thabhairt do thuistí atá ag tógáil clainne le Gaeilge agus cur go suntasach le líon na dtuistí a dhéanann an rogha sin. Seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil dóibh trí imeachtaí ar leith a eagrú dóibh, ceardlanna le saineolaithe ó am go céile chun comhairle a chur orthu, iad i dteagmháil lena chéile mar ghrúpa féin taca. *(Féach Céim 6 Scála GIDS lch28)*
- **Gaeilge san ionad gnó**: go ndéanfar socruithe le lucht gnó ó thaobh seirbhísí a bheith ar fáil trí mheán na Gaeilge, mar shampla go bhfostófar dóthain daoine le Gaeilge sna hollmhargaí agus sna siopaí áitiúla chun go mbeidh lucht labhartha na Gaeilge in ann a gcuid gnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge. Comharthaíocht dhátheangach sna siopaí agus ar chlárainm na siopaí. *(Féach Céim 5 Scála GIDS – Lch29)*
- **Oideachas trí Mheán na Gaeilge ar fáil**: Coinneáil ag tógáil ar líon na ngasúr agus na ndaoine óga atá ag freastal ar naíonraí, gaelscoileanna nó gaelcholáiste sa cheantar. Cinntiú go bhfuil imeachtaí ar fáil dóibh trí mheán na Gaeilge taobh amuigh den scoil chomh maith. Tuilleadh cúrsaí Gaeilge do dhaoine fásta a fhorbairt agus cúrsaí a fhorbairt a bhaineann le hábhair/scileanna éagsúla ach iad trí mheán na Gaeilge. Cur le caighdeán Gaeilge iad siúd a bhfuil Gaeilge acu cheana féin. *(Féach Céim 4 Scála GIDS lch 30)*
- **Seirbhísí Poiblí** a bheith ar fáil as Gaeilge sa cheantar i.e. go mbeidh cúntóirí le Gaeilge sna hOifigí Cathardha sa sráidbhaile, i Stáisiún na nGardaí, in Oifig an Phoist srl trí shocruithe a dhéanamh leis na húdaráis chuí. *(Féach Céim 3 Scála lch 30)*
- **Na Meáin Chumarsáide** (scríofa agus shóisialta). An Ghaeilge a bheith sofheicthe agus sochloiste san meáin áitiúla agus sna meáin shóisialta. Cur le líon na suíomhanna idirlín agus leis na leathanaigh Fb srl a bhaineann leis an gceantar atá trí mheán na Gaeilge/a bhfuil leathanaigh Ghaeilge acu. Ailt/Leathanaigh trí Ghaeilge sna nuachtáin áitiúla. Cláir ar stáisiúin raidió áitiúla d'aoisghrúpaí éagsúla. *(Féach Céim 2 Scála GIDS lch 31)*
- **ArdStádas ag an teanga i measc an phobail** (dúshlán an dhátheangachais ná cinntiú go mbeidh an lámh in uachtar ag an teanga is laige; ag cothú meoin dhearfach i leith na Gaeilge go dtuigtear go mbaineann an teanga le dul chun cinn seachas le dul siar nó leis an stair amháin. Íomhá na Gaeilge a bheith dearfach, cheannródaíoch, nua-aimseartha, forbartha. 'Pátrúin' a lorg don tionscadal. i.e. daoine mór le rá as an gceantar a bhfuil Gaeilge acu e.g. Mary Kennedy (RTÉ), Jim Gavin (CLG), Bernard Dunne, etc. *(Féach Céim 1 Scála GIDS lch 32)*

## Bearta Fadtéarmacha

**FÍS/Sprioc**

- Sprioc: Gaeilge le Feiceáil agus le Cloisteáil níos mó sa cheantar / Pleanáil ghearrthéarmach agus fadtéarmach don cheantar.
- Sprioc/Aidhm: An Ghaeilge a chur chun cinn sa cheantar i réimsí nach bhfuil sí in úsáid go forleathan iontu faoi láthair ionas go bhféadfadh duine gnóthaí uile an lae a dhéanamh trí mheán na Gaeilge.

### Aidhmeanna – Gearrthéarmacha agus Fadtéarmacha Líonra Gaeilge Sráidbhaile Chluain Dolcáin agus an Ceantar Máguaird (samplach)

**An Teanga i measc an Phobail:**

| **Fís/Sprioc/Aidhm** | **Gearrthéarmach** | **Fadtéarmach** |
|---|---|---|
| **An Teanga i measc an Phobail:** | Ranganna agus cúrsaí i labhairt na Gaeilge a sholáthar don mhórphobal, áiseanna agus acmhainní Áras Chrónáin Ionad Cultúir a fhorbairt agus a úsáid le tacú le hathréimniú agus an teanga a thabhairt chuig an bpobal Gaeilge sa cheantar.<br>Cur le líon na gCainteoirí laethúla Gaeilge.<br>Léitheoireacht Ghaeilge a fhorbairt i measc an phobail.<br>An Turasóireacht Chultúrtha a fhorbairt.<br>Buntáistí eacnamaíochta a bhaineann leis an nGaeilge a aithint agus a chur os comhair an phobail.<br>Feachtas poiblíochta chun aird agus rannpháirtíocht sa phleanáil teanga i measc an phobail a fhorbairt. | Leanúint ar aghaidh le seo ar bhonn leanúnach.<br>Leibhéal Gaeilge na gCainteoirí Laethúla Gaeilge a ardú.<br>Grúpa léitheoireachta Gaeilge a eagrú.<br>Comhoibriú leis an gCoiste Oidhreachta agus na hÚdaráis áitiúla chun áiseanna agus plean a chur i gcrích don sprioc-cheantar. |

**Teaghlaigh Ghaelacha:**

| Fís/Sprioc/Aidhm | Gearrthéarmach | Fadtéarmach |
|---|---|---|
| **Teaghlaigh Ghaelacha**: | Na buntáistí a bhaineann le clann a thógáil le Gaeilge a léiriú agus a fhorbairt i measc an phobail.<br><br>Tacaíocht a thabhairt do thuistí atá ag tógáil clainne le Gaeilge agus cur go suntasach le líon na dtuistí a dhéanann an rogha sin. Seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil dóibh trí imeachtaí ar leith a eagrú dóibh, ceardlanna le saineolaithe ó am go céile chun comhairle a chur orthu, iad i dteagmháil lena chéile mar ghrúpa féin taca.<br>Grúpa tuismitheoirí agus leanaí do thuismitheoirí atá ag tógáil a bpáistí le Gaeilge. | Leanúint ar aghaidh leis seo ar bhonn leanúnach.<br><br>Cur le líon na lánúnacha atá ag tógáil a gclainne le Gaeilge. |

**An Óige:**

| Fís/Sprioc/Aidhm | Gearrthéarmach | Fadtéarmach |
|---|---|---|
| **An Óige**: | Saol sóisialta an hóige trí Ghaeilge a láidriú.<br><br>Óg-Chlub a bhunú.<br><br>An Ghaeilge agus úsáid na Gaeilge mar theanga taobh amuigh den chóras oideachais a fhorbairt agus a láidriú.<br>Clár d'imeachtaí taitneamhacha don Óige taobh amuigh den chóras oideachais a fhorbairt. | Leanúint ar aghaidh leis seo ar bhonn leanúnach.<br><br>Féiniúlacht: an Ghaeilge i measc na hÓige a fhorbairt go mbeidh sí bródúil aisti<br><br>Rannpháirtíocht na hóige sa phleanáil teanga. |

**Gaeilge san ionad gnó:**

| Fís/Sprioc/Aidhm | Gearrthéarmach | Fadtéarmach |
|---|---|---|
| **Gaeilge san ionad gnó**: | Tús a chur leis an bpróiseas seo. Cruinniú a eagrú le lucht gnó an cheantair. Na buntáistí eacnamaíochta a bhaineann leis an nGaeilge a léiriú do ghnóthaí.<br><br>An Ghaeilge a chur chun cinn go feiceálach. | Go ndéanfar socruithe le lucht gnó ó thaobh seirbhísí a bheith ar fáil trí mheán na Gaeilge. Go bhfostófar dóthain daoine le Gaeilge sna hollmhargaí agus sna siopaí áitiúla chun go mbeidh lucht labhartha na Gaeilge in ann a gcuid gnóthaí a dhéanamh trí mheán na Gaeilge. Comharthaíocht dhátheangach sna siopaí agus ar chlárainm na siopaí a chur chun cinn. An Ghaeilge a láidriú i bpolasaithe agus pleanáil na ngnólachtaí. |

**Oideachas trí Mheán na Gaeilge ar fáil:**

| Fís/Sprioc/Aidhm | Gearrthéarmach | Fadtéarmach |
|---|---|---|
| **Oideachas trí Mheán na Gaeilge ar fáil**: | Rannpháirtíocht na n-institiúidí oideachais a spreagadh sa phleanáil teanga.<br><br>Coinneáil ag tógáil ar líon na ngasúr agus na ndaoine óga atá ag freastal ar naíonraí, gaelscoileanna nó Gaelcholáiste sa cheantar. Cinntiú go bhfuil imeachtaí ar fáil dóibh trí mheán na Gaeilge taobh amuigh den scoil chomh maith. Tuilleadh cúrsaí Gaeilge do dhaoine fásta a fhorbairt agus cúrsaí a fhorbairt a bhaineann le hábhair/scileanna éagsúla ach iad trí mheán na Gaeilge. Cur le caighdeán na Gaeilge iad siúd a bhfuil Gaeilge acu cheana féin. | Leanúint ar aghaidh le seo ar bhonn leanúnach.<br><br>Úsáid agus labhairt na Gaeilge mar ghnáth-theanga shóisialta i measc na ndaltaí agus na foirne teagaisc.<br><br>Plean teanga do na hinstitiúidí oideachais. |

**Seirbhísí Poiblí:**

| Fís/Sprioc/Aidhm | Gearrthéarmach | Fadtéarmach |
|---|---|---|

| | | |
|---|---|---|
| **Seirbhísí Poiblí** | Tús a chur leis an bpróiseas seo, ag tógáil ar an méid atá ar siúl faoi láthair.<br>Dul i dteagmháil leis na seirbhísí cuí agus sainchúrsaí Gaeilge a sholáthar dóibh siúd nach mbeadh iomlán muiníneach lena gcuid Gaeilge sa réimse teanga atá i gceist san earnáil sin.<br>An pobal a spreagadh chun an Ghaeilge a úsáid agus seirbhís a lorg ina gcuid gnó leis an státchóras. | Go mbeadh seirbhísí Poiblí ar fáil as Gaeilge sa cheantar i.e. go mbeidh cúntóirí le Gaeilge sna hOifigí Cathartha sa sráidbhaile, i Stáisiún na nGardaí, in Oifig an Phoist srl trí shocruithe a dhéanamh leis na húdaráis chuí. |

**Na Meáin Chumarsáide:**

| **Fís/Sprioc/Aidhm** | **Gearrthéarmach** | **Fadtéarmach** |
|---|---|---|
| **Na Meáin Chumarsáide** (scríofa agus sóisialta). | Cur le líon na suíomhanna idirlín agus leis na leathanaigh Fb srl a bhaineann leis an gceantar atá trí mheán na Gaeilge/a bhfuil leathanaigh Ghaeilge acu.<br>Ailt/Leathanaigh trí Ghaeilge sna nuachtáin áitiúla.<br>Idirghníomhú leis na Meáin Ghaeilge – TG4, Nuacht RTE, Iris Ghaeilge, Tuairisc.ie, PEIG, srl | An Ghaeilge a bheith sofheicthe agus sochloiste sna meáin áitiúla agus sna meáin shóisialta. Cur le líon na suíomhanna idirlín agus leis na leathanaigh Fb srl a bhaineann leis an gceantar atá trí mheán na Gaeilge/a bhfuil leathanaigh Ghaeilge acu. Ailt/Leathanaigh trí Ghaeilge sna nuachtáin áitiúla. Cláir ar stáisiúin raidió áitiúla d'aoisghrúpaí éagsúla. |

**Ard Stádas ag an teanga i measc an phobail:**

| **Fís/Sprioc/Aidhm** | **Gearrthéarmach** | **Fadtéarmach** |
|---|---|---|
| **Ard Stádas ag an teanga i measc an phobail** | 'Pátrúin' a lorg don tionscadal. i.e. daoine mór le rá as an gceantar a bhfuil Gaeilge acu e.g. Mary Kennedy, Jim Gavin, Bernard Dunne srl<br><br>An t-idirlíon mar áis le húsáid agus tacú leis an Ghaeilge a fhorbairt agus a phoibliú i measc an phobail. | Meon dearfach i leith na Gaeilge a chothú go dtuigtear go mbaineann an teanga le dul chun cinn seachas le dul siar/ leis an stair amháin. Íomhá na Gaeilge a bheith dearfach, ceannródaíoch.<br><br>An Ghaeilge a fhorbairt agus a bhuanú trí imeachtaí agus saol sóisialta don phobal a chothú.<br><br>Féiniúlacht an Ghaeilge i measc an phobal agus Bród aisti. |

## Saolré na mBeart

Leagtar amach ar an thíos saolré gach birt.

| Beart | Bliain 1 | Bliain 2 | Bliain 3 | Bliain 4 | Bliain 5 | Bliain 6 | Bliain 7 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **1.2.1** | | | | | | | |
| **A.1** | | | | | | | |
| **A.2** | | | | | | | |
| **A.3** | | | | | | | |
| **A.4** | | | | | | | |
| **A.5** | | | | | | | |
| **B.1** | | | | | | | |
| **B.2** | | | | | | | |
| **B.3** | | | | | | | |
| **B.4** | | | | | | | |
| **B.5** | | | | | | | |
| **B.6** | | | | | | | |
| **C.1** | | | | | | | |
| **C.2** | | | | | | | |
| **C.3** | | | | | | | |
| **C.4** | | | | | | | |
| **C.5** | | | | | | | |
| **C.6** | | | | | | | |
| **C.7** | | | | | | | |
| **C.8** | | | | | | | |
| **C.9** | | | | | | | |
| **D.1** | | | | | | | |
| **D.2** | | | | | | | |
| **E.1** | | | | | | | |
| **E.2** | | | | | | | |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **F.1** | | | | | | | |
| **F.2** | | | | | | | |
| **F.3** | | | | | | | |
| **F.4** | | | | | | | |
| **F.5** | | | | | | | |
| **G.1** | | | | | | | |
| **H.1** | | | | | | | |
| **H.2** | | | | | | | |
| **H.3** | | | | | | | |
| **H.4** | | | | | | | |
| **I.1** | | | | | | | |
| **J.1** | | | | | | | |
| **J.2** | | | | | | | |
| **J.3** | | | | | | | |
| **J.4** | | | | | | | |

## Costais agus Maoiniú

**Costais**

Tá sé fíorthábhachtach go dtuigfear ón gcéad lá nach féidir an Plean Teanga seo feidhmiú gan na hacmhainní cuí a bheith in áit agus ar fáil. Tá géarghá le Comhordaitheoir Pleanála Teanga lánaimseartha a bheith in áit chun an Plean, an comhoibriú, an chomhpháirtíocht agus an cur i gcrích a bhainistiú. Tá feidhmiú rathúil an Phlean Teanga seo bunaithe ar na páirtithe leasmhara cuí atá ainmnithe ann comhoibriú le chéile agus a gcuid taithí agus líonra féin a fhorbairt le cuidiú leis an Comhordaitheoir Pleanála Teanga an plean a cur i gcrích. Má bhíonn gearradh siar ar aon chuid de na hacmhainní atá in áit cheana, tá sé cinnte ón staidéar atá déanta ag an gceanneagraíocht go gcuirfear feidhmiú an Phlean Teanga i mbaol go hiomlán.

Tá cuntas mion ar ábhar na gcostas i mír 6 den Phlean Teanga. Faoin mhír seo, tugtar na costais uile le chéile mar áis lena scrúdú go gasta.

Tá an méid seo riachtanach mar go mbeifear ag freastal ar phobal mór leathan. Tá mórán costas eile i gceist agus thig iad a roinnt faoi na ceannteidil seo a leanas:

- Costais Fostaíochta
- Costais Oifige
- Costais Plean Oibre - Gníomhaíochta/Beartais
- Déantar coimriú ar an chéad leathanach eile ar na costais éagsúla de réir bliana.

**Comhordaitheoir Pleanála Teanga**

Tar éis plé agus anailís chríochnúil i gcomhpháirtíocht le Sainchomhairleoir Pleanála Teanga, socraíodh go bhfuil géarghá le Comhordaitheoir Pleanála Teanga a fhostú leis na cáilíochtaí agus leis an taithí chuí. Níl an post seo oiriúnach do dhuine díreach amach ón gcoláiste. D’aontaigh na Líonra agus na Sainchomhairleoirí Pleanála Teanga ionas gur féidir an duine ceart a fhostú go gcaithfear tuarastal iomaíoch a thairiscint leis an bpost. Chuige sin socraíodh:

- ar luach an phoist mar atá tugtha in Aguisín - Ciorclán 16/2018 Lch 90 Aguisín 2A - Ard Oifigeach Feidhmiúcháin (Higher Executive Officer)
- agus dréacht-shainchuntas poist atá curtha in oiriúint de réir le comhairle ón Sainchomhairleoir Pleanála Teanga

**Féach Aguisín 6**

## Cur i bhfeidhm

Ós rud é go bhfuil ionad cultúir feidhmeach ag an eagraíocht, tá buntáiste ar leith i gCluain Dolcáin ó thaobh deiseanna foghlama agus úsáide Gaeilge a chur ar fáil agus daoine a spreagadh chun na deiseanna sin a thapú.

Tá sé mar aidhm ag an bplean úsáid na Gaeilge i measc an phobail agus na hóige a mhéadú sa cheantar.

(a) Chun freastal ar thuismitheoirí pháistí an ghrúpa óige, agus tuismitheoirí na bpáistí a fhreastalaíonn ar na Gaelscoileanna agus ar an Naíonra sa cheantar, eagrófar ranganna, ciorcail chomhrá agus deiseanna cainte neamhfhoirmeálta le linn an lae scoile dóibh siúd atá ag obair sa bhaile, agus istoíche dóibh siúd a oibríonn as baile i rith an lae. Beidh tóir ar na ranganna le linn an lae, ar lascaine, don lucht scoir áitiúil. Fógrófar na ranganna seo tríd an gCumann Scoir Ghníomhach áitiúil agus tríd an gcraobh áitiúil de Bhantracht na Tuaithe.

(b) Beidh ranganna Gaeilge ar siúl in Áras Chrónáin ó Mheán Fómhair go Bealtaine, mar aon le dianchúrsaí ag tús an tsamhraidh. Méadófar fógraíocht a bhaineann leis na ranganna seo chun an deis foghlama seo a chur os comhair an phobail go hiomlán trí bhileoga eolais, fógraí sna meáin áitiúla agus úsáid chliste a bhaint as na meáin shóisialta.

(c) Agus na ranganna thuas ar siúl, tá sé tábhachtach deiseanna a chothú agus a chaomhnú trí an teanga a úsáid ó lá go lá. Beidh an eagraíocht ag obair le gnólachtaí áitiúla, seirbhísí poiblí agus acmhainní roinnte eile chun an Ghaeilge a dhéanamh sofheicthe sa cheantar. Beifear ag súil leis go dtabharfaidh níos mó Gaeilge sa sráidbhaile agus sa cheantar mórthimpeall muinín d'fhoghlaimeoirí a gcuid Gaeilge a úsáid agus a ngnó laethúil ar siúl acu.

(d) Eagrófar bunranganna speisialta don sliocht 'Nua-Éireannach' sa cheantar, i gcomhoibriú le hIonad Idirchultúrtha Chluain Dolcáin. Tá sé tábhachtach go mbeadh an teanga beo sa cheantar, agus nach bhfágfar aon chohórt scoite amach as an bpróiseas.

(e) Ag croílár an phróisis seo beidh gné siamsaíochta. Trí ócáidí sóisialta, ceolchoirmeacha, oícheanta speisialta agus laethanta teaghlaigh, beidh deiseanna úsáide na Gaeilge ann d'fhoghlaimeoirí agus dóibh siúd atá líofa cheana féin taobh amuigh de na ranganna agus ciorcail chomhrá Gaeilge a bhíonn ann de ghnáth.

## Buiséad:

| | Bliain 1 | Bliain 2 | Bliain 3 | Bliain 4 | Bliain 5 | Bliain 6 | Bliain 7 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costais Fostaíochta** | | | | | | | |
| Tuarastal (ÁSPC fostóra / Pinsean) | **€ 58,000.00** | **€ 62,060.00** | **€ 66,404.20** | **€ 71,052.49** | **€ 76,026.17** | **€ 81,348.00** | **€ 87,042.36** |
| Bun Tuarastal | 50000 | 53500 | 57245 | 61252 | 65540 | 70128 | 75037 |
| ASPC | 5500 | 5885 | 6297 | 6738 | 7209 | 7714 | 8254 |
| Pinsean | 2500 | 2675 | 2862 | 3063 | 3277 | 3506 | 3752 |
| | | | | | | | |
| Earcaíocht | 2000 | | | | | | |
| Costais Taistil | 2000 | 2000 | 2000 | 2000 | 2000 | 2000 | 2000 |
| | **€ 4,000.00** | **€ 2,000.00** | **€ 2,000.00** | **€ 2,000.00** | **€ 2,000.00** | **€ 2,000.00** | **€ 2,000.00** |
| | | | | | | | |
| **Costais Bainistíohcts agus Compháirithe** | | | | | | | |
| Coiste Stiúrtha (3uair x 20 seachtain x €15 x 10 duine) | 9000 | 9000 | 9000 | 9000 | 9000 | 9000 | 9000 |
| | | | | | | | |
| | **€ 9,000.00** | **€ 9,000.00** | **€ 9,000.00** | **€ 9,000.00** | **€ 9,000.00** | **€ 9,000.00** | **€ 9,000.00** |
| | | | | | | | |
| **Costais Reatha / Oifige** | | | | | | | |
| Cíos | 9800 | 9800 | 9800 | 9800 | 9800 | 9800 | 9800 |
| Leictreachas, idirlíon, fón, teas, srl | 5000 | 5000 | 5000 | 5000 | 5000 | 5000 | 5000 |
| Stáisneoireacht | 2800 | 2800 | 2800 | 2800 | 2800 | 2800 | 2800 |
| Poiblíocht / Fógraíocht | 6000 | 6000 | 6000 | 6000 | 6000 | 6000 | 6000 |
| Árachas | 1000 | 1000 | 1000 | 1000 | 1000 | 1000 | 1000 |
| Trealamh | 5000 | 1000 | 1000 | 1000 | 1000 | 1000 | 1000 |
| **Costais Reatha / Oifige** | **€ 29,600.00** | **€ 25,600.00** | **€ 25,600.00** | **€ 25,600.00** | **€ 25,600.00** | **€ 25,600.00** | **€ 25,600.00** |
| | | | | | | | |
| **Fo-iomlán** | **€ 100,600.00** | **€ 98,660.00** | **€ 103,004.20** | **€ 107,652.49** | **€ 112,626.17** | **€ 117,948.00** | **€ 123,642.36** |
| | | | | | | | |
| **Costais Gníomhaíochta / Beartais** | | | | | | | |
| 1.2.1 FEIDHMIÚ AN PHLEAN TEANGA | 100600 | 98660 | 103004 | 107652 | 112626 | 117948 | 123642 |
| A. AN CÓRAS OIDEACHAIS, LENA N-ÁIRÍTEAR SEIRBHÍSÍ LUATHOIDEACHAIS | 7000 | 7000 | 15500 | 67500 | 67500 | 67500 | 67500 |
| B. SEIRBHÍS CÚRAM LEANAÍ, RÉAMHSCOLAÍOCHTA AGUS TACAÍOCHTA TEAGHLAIGH, LENA N-ÁIRÍTEAR SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA TEANGA | 0 | 0 | 16860 | 110480 | 110480 | 110480 | 110480 |
| C. SEIRBHÍS DON AOS ÓG | 3950 | 3950 | 26750 | 26750 | 26750 | 26750 | 26750 |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| D. DEISEANNA FOGHLAMA LASMUIGH DEN CHÓRAS OIDEACHAIS | 0 | 9200 | 9200 | 9200 | 9200 | 9200 | 9200 | |
| E. AN EARNÁIL GHNÓ | 0 | 0 | 4000 | 4000 | 4000 | 4000 | 1300 | |
| F. EAGRAÍOCHTAÍ POBAIL | 0 | 0 | 11000 | 11000 | 11000 | 11000 | 11000 | |
| G. NA MEÁIN CHUMARSÁIDE | 0 | 7200 | 7200 | 7200 | 7200 | 7200 | 7200 | |
| H. SEIRBHÍS POIBLÍ | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| I. PLEANÁIL AGUS FORBAIRT FHISICIÚIL | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| J. ÚSÁID NA GAEILGE I MEASC AN PHOBAIL, DEARCADH AN PHOBAIL INA LEITH AGUS A MHÉID A THACAÍONN AN POBAL I GCOITINNE LEIS AN BPLEAN TEANGA | 3500 | 3500 | 6500 | 10050 | 10000 | 6500 | 10000 | |
| **Foiomlán** | **€ 14,450.00** | **€ 30,850.00** | **€ 97,010.00** | **€ 246,180.00** | **€ 246,130.00** | **€ 242,630.00** | **€ 243,430.00** | |

| | Bliain 1 | Bliain 2 | Bliain 3 | Bliain 4 | Bliain 5 | Bliain 6 | Bliain 7 | Bliain 1-7 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Buiséan Iomlán** | **€ 115,050.00** | **€ 129,510.00** | **€ 200,014.20** | **€ 353,832.49** | **€ 358,756.17** | **€ 360,578.00** | **€ 367,072.36** | **€ 1,884,813.22** |
| ***Luaide Ionchur ón Líonra - Maoiniú / Urraíocht /Sochar comhchineáil/ Táillí srl*** | € 10,050.00 | € 27,310.00 | € 104,410.00 | € 254,530.00 | € 254,530.00 | € 254,530.00 | € 254,530.00 | € 1,159,890.00 *(51.5% den bhuidéad)* |
| **Deontas ó RCOG** | **€ 105,000.00** | **€ 102,200.00** | **€ 95,604.20** | **€ 99,302.49** | **€ 104,226.17** | **€ 106,048.00** | **€ 112,542.36** | **€ 724,923.22** |
| | **Bliain 1** | **Bliain 2** | **Bliain 3** | **Bliain 4** | **Bliain 5** | **Bliain 6** | **Bliain 7** | **Bliain 1-7** |

## Foinsí Tacaíochta

Tá sé fíorthábhachtach go dtuigfear ón gcéad lá nach féidir an Plean Teanga seo feidhmiú gan na hacmhainní cuí a bheith in áit agus ar fáil. Tá géarghá le Comhordaitheoir Pleanála Teanga lánaimseartha a bheith in áit chun an Plean, an comhoibriú, an comhpháirtíocht agus an cur i gcrích a bhainistiú.

Tá feidhmiú rathúil an Phlean Teanga seo bunaithe ar na páirtithe leasmhara cuí atá ainmnithe thíos a bheith in áit le saolré an phlean, comhoibriú le chéile agus a gcuid taithí agus líonra féin a fhorbairt le cuidiú leis an Comhordaitheoir Pleanála Teanga an plean a chur i gcrích. Má bhíonn gearradh siar ar aon de na hacmhainní atá in áit cheana, tá sé cinnte ón staidéar atá déanta ag an gceanneagraíocht go gcuirfear feidhm an Plean Teanga i mbaol go hiomlán.

Foinsí tacaíochta Eile:

- Oifigeach Sinsearach – Roinn Pobal, Comhairle Chontae Átha Cliath Theas
- Oifigeach Gaeilge – Na Cloighthí, CLG
- POF Cumann Tráchtála Chluain Dolcáin
- POF Cumann Tráchtála Átha Cliath Theas
- Bainisteoir Brú Chrónáin
- Oifigeach Forbartha SPG
- Oifigeach Forbartha Clann Chrónáin (Treoirí)
- Oibrithe na móreagras Gaeilge
- Oibrithe Stáit
- Oibrithe Óige le Gaeilge
- Foireann le Gaeilge in sna hinstitiúidí seo:
    - Leabharlann an Chontae
    - Stáisiúin na nGardaí
    - Baill den CLG, Baill de Mhuintir Chrónáin, Baill d'Eagrais Deonacha an Cheantar
    - Coistí na dTuismitheoirí san scoileanna

Ní liosta iomlán é seo agus cuirfear leis le linn shaolré an phlean.

## Feasacht agus Poiblíocht

Tá sé i gceist go mbeadh pobal Sráidbhaile Chluain Dolcáin rannpháirteach sa togra. Bhí Muintir Chrónáin riamh dírithe ar sheirbhísí a chur ar fáil don phobal mórthimpeall orthu, agus tugann an meon sin bunús cuí don phróiseas seo.

Tá sé ar intinn ag an eagraíocht muintir Chluain Dolcáin ar fad a chur ar an eolas faoin taighde a bheas ar siúl trí fheachtas poiblíochta sna meáin áitiúla. Tá dhá nuachtán áitiúla inar féidir eolas a chur ar bhonn rialta agus an taighde ag dul ar aghaidh. Is féidir freisin na meáin shóisialta a úsáid chun nuacht faoin taighde a scaipeadh. Beidh fógraíocht le feiceáil i bhfoirgnimh phoiblí agus gnólachtaí áitiúla chomh maith.

Cruthófar bileog shimplí eolais, a bheadh dátheangach agus a seolfar ar fud Cluain Dolcáin le cabhair ó deonaithe. Beidh an bhileog chéanna ar fáil i bhfoirgnimh phoiblí.

Mar a luadh cheana, tá nascanna ag an eagraíocht le scoileanna áitiúla. Tríd na nascanna seo, is féidir leis an eagraíocht dul i dteagmháil go díreach le teaghlaigh a úsáideann Gaeilge sa bhaile. Mar aon leis seo, is féidir leis an eagraíocht an modh teagmhála chéanna a úsáid le scoileanna Béarla sa cheantar chun fógraíocht a dhéanamh ar bhonn níos leithne agus níos mó rannpháirtíochta a chothú.

Tá liosta poist cuimsitheach ag an eagraíocht de bhaill, iarbhaill agus síntiúsóirí. Beidh an liosta seo in úsáid chun eolas a scaipeadh ar an dtogra. Meastar go bhfásfar an liosta seo le síntiúsóirí nua a mheallfar trí na modhanna teagmhála eile thuas.

Chun díospóireacht agus machnamh a chothú i measc an phobail, eagrófar roinnt cruinnithe poiblí i gCluain Dolcáin. Beidh tacaíocht ar fáil ó bhaill tofa de Chomhairle Chontae Átha Chliath Theas chun iad seo a eagrú agus chun eolas fúthu a chur ar fáil don phobal áitiúil. Beidh ionadaíocht ó na grúpaí éagsúla pobail thuasluaite ag na cruinnithe seo. Chomh maith leis seo, moltar go láidir go mbeidh díospóireacht ar na meáin shóisialta.

Beidh deiseanna ann tríd an bpróiseas thuasluaite chun aiseolas a sheoladh. Beidh fáilte roimh chomhfhreagras in aon teanga, agus beidh sin soiléir ar an mbileog eolais agus ar gach píosa fógraíochta a sheolfar go tithe áitiúla.

Seo chuid den obair phoiblíochta atá le déanamh sa phobal ar bhonn leanúnach rialta. Tá cuid mhaith bearnaí aimsithe ag an taighde a rinneadh i measc aicmí éagsúla den phobal agus moltaí déanta dá réir ag rannpháirtithe a chuideodh leo a bheith níos eolaí ar go leor gnéithe a bhaineann le pleanáil teanga sa saol nua-aoise seo.

Ní eolas diamhair dian acadúil is mó atá de dhíth ach léiriú ar bhonn praiticiúil ar na gnéithe uile den fheasacht teanga atá riachtanach ag an duine a mhaireann go dátheangach i suíomh guagach mionteanga in 2016 le ciall a bhaint as úsáid agus fiúntas na Gaeilge dó féin, dá

theaghlach agus dá phobal. Tá ról ar leith ag Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, na ceanneagrais Ghaeilge agus ag forais eile san obair seo.

Is ionann cuid den eolas feasachta a bheidh riachtanach agus iomlánú a dhéanamh bunaithe ar shaineolas agus ar thaighde a bhfuil eolas air cheana féin. Ta an méid sin le cur i gcomhthéacs an tsaoil ina maireann an duine agus le míniú taobh istigh de pharaiméadair an Phlean Teanga.

- Tionchar chleachtas teanga na ndaoine ar sheasamh na Gaeilge sa Líonra Gaeilge agus i gcomhthéacs níos leithne a chur in iúl
- Eolas timpeallachta agus cultúir agus ról na teanga ina gcothú a léiriú;
- An t-idircheangal idir teanga, tíreolaíocht, seanchas agus scéalta, ceol agus stair áitiúil, i measc rudaí eile, a thaispeáint;
- Eolas taighde atá cheana féin ar fáil a chur i lámha lánúineacha óga atá ag smaoineamh ar a gclann a thógáil le Gaeilge faoina bhfuil i gceist le tógáil clainne i suíomh atá ag éirí níos dátheangaí gach uile lá, mar shampla:
    - Rogha agus cleachtas teanga na dtuismitheoirí agus an tionchar a bhíonn acu sin ar chleachtas teanga an teaghlaigh.
    - Straitéisí seachadta teanga i dteaghlaigh atá measctha ó thaobh teanga de, .i. nach bhfuil Gaeilge ag an mbeirt tuismitheoirí.
    - Tionchar an chódmheasctha agus an chódmhalartaithe ar shealbhú teanga i measc paistí agus daoine óga.
    - An bealach a sealbhaíonn páistí teanga agus na céimeanna a leanann siad agus na cúiseanna atá leis an ord foghlama sin.
    - Foghlaim dhá theanga i measc páistí a bhfuil deacrachtaí foghlama agus eile acu.

# Feidhmiú agus Monatóireacht

## Struchtúr Oibre agus Ról na Ceanneagraíochta

Tá córas monatóireachta leanúnach agus athbhreithniú rialta riachtanach in aon eagraíocht. Baileoidh an córas seo eolas, ligfidh sé dúinn measúnú a dhéanamh ar imeachtaí chun áiseanna na heagraíochta a úsáid go héifeachtach. Chun monatóireacht cheart a dhéanamh caithfear tuiscint cheart a bheith againn ar na himeachtaí a chuirfear ar siúl. Coimeádfar dialann imeachtaí chun é seo a dhéanamh. Le dialann imeachtaí is féidir athbhreithniú rialta a dhéanamh, breis rannpháirtíochta a spreagadh agus torthaí na ngníomhaíochtaí a mheas. Sa dialann, baileofar an t-eolas seo a leanas maidir le gach imeacht;

- Ainm gach imeachta.
- Cé atá á eagrú?
- Cé air a bhfuil sé dírithe?
- Cé chomh minic is a bhíonn sé ar siúl?
- Cá háit?
- Aiseolas faighte.
- Líon na ndaoine a d'fhreastail air.
- Próifíl ghinearálta na ndaoine a d'fhreastail air.

Má tá an t-eolas seo ar fad againn is féidir linn monatóireacht cheart a dhéanamh ar gach imeacht agus mar sin beidh muid in ann athbhreithniú rialta a dhéanamh ar na spriocanna, aiseolas a bhailiú ón bpobal agus imeachtaí a fheabhsú, más gá.

Beidh bealaí éagsúla chun aiseolas a bhailiú. Beidh muintir na háite in ann aiseolas a thabhairt ar líne, aon uair is mian leo. Tá suíomh gréasáin ag an eagraíocht chomh maith le suíomhanna meán sóisialta mar shampla, Facebook agus Twitter. Maidir le himeachtaí ar nós ranganna agus dianchúrsaí, déanfar suirbhé i measc na bhfoghlaimeoirí ag deireadh gach cúrsa chun an t-aiseolas a bhailiú ansin.

Chomh maith leis sin agus mar atá luaite cheana, cruthófar bileog eolais a scaipfear ar fud Chluain Dolcáin - áit ina mbeidh deis ag muintir an phobail aiseolas a thabhairt agus cuirfear fáilte roimhe.

## Monatóireacht – Dialann Imeachtaí (Samplach)

| | |
|---|---|
| **Ainm** | Clann Sí Grúpa Spraoi |
| **Cé atá á eagrú?** | Coiste an chlub, stiúrthóir an chlub, tuismitheoirí |
| **Cé air a bhfuil sé dírithe?** | Teaghlaigh a úsáideann Gaeilge, le páistí faoi chúig bliana d'aois. |
| **Cé chomh minic is a bhíonn sé ar siúl?** | Gach dara Satharn |
| **Cá háit?** | Áras Chrónáin |
| **Aiseolas faighte** | Suirbhé i measc tuismitheoirí |

**Aiseolas**

| | |
|---|---|
| **Céard a d'oibrigh?** | Bhain na páistí sult as an ngrúpa, bhí deis ag tuismitheoirí agus páistí a gcuid Ghaeilge a úsáid. |
| **Céard nár oibrigh?** | Ní raibh struchtúr ceart air, bhí na páistí díreach ag súgradh. |
| **Aon mholadh eile** | Foclóir nua a mhúineadh gach Satharn, amhráin nua a fhoghlaim. |
| **An chéad chéim eile** | Na moltaí a chur i bhfeidhm |
| **Sprioc** | Úsáid na Gaeilge a spreagadh agus a fhorbairt i measc na mball. |

## Foinsí

Tá baill den choiste stiúrtha ag plé le cur chun cinn na Gaeilge le blianta beaga anuas agus sásta tabhairt faoi agus freastal ar chúrsaí oiliúna agus ceardlanna sa réimse oibre pleanáil teanga de réir mar is gá.

Liosta Cáilíochtaí an choiste - Staidéar atá déanta

- Meadhbh Ní Cheallaigh – Baitsiléir Ealaíon , BA; Ard-Dioplóma Oideachais; Ag staidéar MA sa Ghaeilge faoi láthair
- Bernardine nic Giolla Phádraig – Baitsiléir Ealaíon , BA; ArdTeastas Oideachais; Ard-Teastas sa Chumarsáid; MA sa Ghaeilge Fheidhmeach
- Edel Ní Arrachtáin – Baitsiléir Ealaíon , BA; ArdTeastas Oideachais; ArdTeastas sa Chumarsáid; MA sa NuaGhaeilge
- Peadar Ó Caomhánaigh – BA Onóireacha sa Nua-Ghaeilge le speisialtacht sa tSochtheangeaolaíocht; Dioplóma sa tSeaneolas Sóisialta ag díriú ar aosú pobal.
- Brian Ó Gáibhín – Baitsiléir Oideachais, B.Ed.; MSc – Máistir Eolaíochta i nGnó agus i dTeicneolaíocht an Eolais
- Risteard Ó hAllúin – IarBhainisteoir Ceannacháin Iarnród Éireann – Ar Scor

**Cáipéisí:**

Acht na Gaeltachta, 2012

An Roinn Ealaíon, Oidhreachta & Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta & Foras na Gaeilge. 2018 *Treoirlínte Pleanála Teanga* – Eagrán 4: Eanáir 2018. Ar fáil ar líne ag: http://www.udaras.ie/wp-content/uploads/2018/02/Treoirl%C3%ADnte-Plean%C3%A1la-Teanga-Eagr%C3%A1n-4.pdf (léite Meitheamh 2019)

Fishman, J.A., 1991 *Reversing language shift: Theoretical and empirical foundations of assistance to threatened languages*. Clevedon (England) : Multilingual Matters.

Ó Giollagáin, C., Mac Donnacha, S., Ní Chualáin, F., Ní Shéaghdha, A. & O'Brien, M., 2007 Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: Príomhthátal agus Moltaí. Ar fáil ar líne ag: http://www.udaras.ie/wpcontent/uploads/2014/01/Staidéar-Cuimsitheach-Teangeola%C3%ADoch-ar-Úsáidna-Gaeilge-sa-Ghaeltacht.pdf (léite Meitheamh 2019).

Ó hIfearnáin, T., Neachtain, M., 2012 *An tSochtheangeolaiocht: Feidhm agus Tuairisc*. Baile Átha Cliath : Cois Life Teo.

Ní Dhúda, L., 2014 *Roghanna*: *Lámhleabhar Eolais faoin bPleanáil Teanga*. Ar fáil ar líne http://www.udaras.ie/wp-content/uploads/2015/05/Roghanna-Laoise_N%C3%AD_Dh%C3%BAda-Spreads.pdf (léite Meitheamh 2019)

Rialtas na hÉireann. 2010 *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 - 2030*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair. Ar fáil ar líne ag: https://www.chg.gov.ie/app/uploads/2015/07/Straiteis-20-Bliain-Leagan-Gaeilge.pdf

**Daoine:**

- An Dr. Dónal Ó Baoill
- Colm Ó Ciardubháin, DCU
- Colm Ó Baoill
- Dr. Éamonn Ó hÓgáin
- Brían Ó Gáibhín
- Peadar Ó Caomhánaigh